www.gaelsceal.ie

Baintear an cloigeann díobh!

L. 15

Níl aon pháirtí polaitiúil dáiríre faoin Ghaeilge ná faoin Ghaeltacht

L. 16

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 10

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

11.03.2011

Ó Cionnaith Caithréimeach



Stair déanta agus Enda Kenny tofa mar Thaoiseach le móramh de 90 vóta

Plean Rialtais aontaithe idir Fine Gael agus an Lucht Oibre agus Comh-aireacht úr ceaptha

Aire Gaeltachta gan Ghaeilge ach Dinny McGinley ceaptha mar Aire Sóisearach don Ghaeltacht

Athbhreithniú beartaithe ar theagasc agus ar churaclam na Gaeilge, déanfar cinneadh maidir leis an teanga a bheith éige antach ina dhiaidh sin

Níos lú Gaeilgeoirí sa Dáil úr

Ach an dtabharfaidh éinne sin faoi deara? Is ar éigean ab fhéidir níos lú Gaeilge a bheith á labhairt ann

Claire Fitzpatrick agus Ciarán Dunbar

D'AINNEOIN na díospóireachta Gaeilge idir na ceannairí ar TG4 agus d'ainneoin na cainte go léir faoin teanga i rith an fheachtais toghcháin, tá níos lú Gaeilgeoirí líofa sa Dáil úr seo ná mar a bhí roimhe.

Sa Dáil dheireanach, bhí Gaeilge líofa nó measartha líofa ag 33 de na Teachtaí Dála go léir. Sá Dáil úr seo, tuigtear dúinn go bhfuil 30 polaiteoir le Gaeilge líofa nó measartha líofa.

Bhuaigh Fine Gael 76 suíochán i mbliana. Dar le preas-oifig Fhine Gael tá Gaeilge ag Enda Kenny, Fergus O'Dowd TD, Dinny McGinley TD agus Leo Varadkar TD.

D'ainneoin an eolais sin, tuigtear dúinn go bhfuil Gaeilge líofa ag Breandan Griffin, Phil Hogan, Seán Kyne agus Micheal Noonan chomh maith agus nach bhfuil Gaeilge líofa ag Leo Varadkar ar chor ar bith - cé go bhfuil sé ag foghlaim leis. Tá Frank Feighan, a ceapadh go conspóideach mar urlabhraí Gaeltachta gan Ghaeilge, ag foghlaim fosta.

Dar le Phil Hogan i ríomhphost a chuir sé chuig Gaelscéal, tá sé líofa sa Ghaeilge, rud a chuirfidh iontas ar theaghlach na girsí Gaeltachta a fuair litir uaidh as Béarla an tseachtain seo caite.

Ar lean ar leathanach 3

An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Cúrsaí Gaeltachta nua: Jimmy Deenihan TD

Meadhbh Ní Eadhra

AINMNÍODH an TD Jimmy Deenihan oíche Dé Céadaoin mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta, agus fógraíodh inné gurb é an tAire Sóisearach, Dinny McGinley, a bheidh freagrach as cúrsaí Gaeltachta.

Is ó Lios Tuathail i gContae Chiarraí don Uasal Deenihan agus is iar-mhúinteoir é. D'fhreastail sé ar an ollscoil i gContae Luimnigh.

Tá cúlra fada polaitiúil ag Jimmy Deenihan, agus tá sé mar Theachta Dála ó 1987. Bhí sé mar urlabhraí Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt Fhine Gael ó mhí an Mheithimh 2002 go mí na Bealtaine 2007, agus ansin mar urlabhraí cosanta ó mhí Iúil 2007 go mí Iúil 2010. In Iúil 2010 roghnaíodh é mar urlabhraí Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt arís.

Ar lean ar leathanach 2

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Cúrsaí Gaeltachta nua: Jimmy Deenihan TD

Ar lean o leathanach a haon

Tá an-aithne ar Jimmy Deenihan laistigh den Chumann Lúthchleas Gael agus ar ndóigh bhí sé mar chaptaen ar fhoireann peile Chiarraí nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann in 1981. Bhuaigh sé boinn pheile uile-Éireann le Ciarraí in 1975, 1978, 1979 agus 1980 freisin. Bronnadh Duais All-Star de chuid an CLG air in 1981.

Agus é ag labhairt le Gaelscéal coicís ó shin, dúirt an tAire Deenihan go gcreideann sé go ndéanfaidh an Taoiseach nua Enda Kenny an-obair ar son na Gaeilge agus é i gcumhacht, agus go mbeidh sé dearfach i dtreo na teanga.

An tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan (PIC: MAXPIX)

"Is Gaeilgeoir líofa é Enda Kenny agus freastalaíonn a chuid páistí ar Ghaelscoil," ar sé. "Tá an-ghrá aige don teanga agus don chultúr agus tá an grá céanna agamsa freisin."

Dar leis, ba cheart do gach duine níos mó iarrachta a dhéanamh chun an Ghaeilge a fhoghlaim, agus maidir leis an díospóireacht faoi pholasaí Fhine Gael i leith na Gaeilge mar ábhar Ardteiste, tacaíonn sé leis an bpolasaí sin.

"Bhí míthuiscint ann faoi sin go léir i rith an fheachtais olltoghchánaíochta, agus chaill muid vótaí mar gheall air, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta," ar sé. "Tá athbhreithniú le déanamh ar an gcuraclam Gaeilge agus ansin déanfar cinneadh bunaithe air sin. Ach, i ndáiríre, ba cheart go mbeadh daoine fásta ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt, agus níor cheart a bheith ag díriú i gcónaí ar dhaltaí scoile."

Níl Gaeilge líofa ag Deenihan féin ach is é Dinny McGinley a bheidh mar urlabhraí Gaeltachta an pháirtí agus beidh an bheirt acu ag obair in éineacht le chéile.

Níl Gaeilge líofa ag Deenihan féin ach is é Dinny McGinley a bheidh mar urlabhraí Gaeltachta an pháirtí agus beidh an bheirt acu ag obair in éineacht le chéile.

Foilsíodh agallamh leis an Aire Deenihan i nGaelscéal Dé hAoine seo caite agus is féidir teacht ar an leagan iomlán ar gaelsceal.ie.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearrai a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Coinnigh Súil ar do sparán

Treasa Bhreathnach

D'ARDAIGH an praghas ar pheitreal ar fud na tíre le linn na seachtaine agus é anois os cionn €1.50 in aghaidh an lítir i riar maith stáisiún ó cheann ceann na tíre. Cuireadh pionós ar níos mó ná 100 tiománaí cairr ar mhótarbhealaí an M50 tar éis gur gabhadh iad ag dranntiomáint (tailgating).

Bhí iarracht á déanamh acu chun na táillí mótarbhealaigh a sheachaint trí na huimhirphlátaí a cheilt, ach tá eFlow anois chun ceamaraí sa bhreis a úsáid chun deireadh a chur leis an gcleachtas seo. Tá súil go mbeidh titim i bpraghsanna Bhord Soláthair an Leictreachais, atá anois faoi theideal nua 'Electric Ireland'. D'fhógair an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) an deireadh seachtaine seo caite go mbeadh dírialáil á déanamh ar an mhargadh agus go mbeidh an BSL in ann a phraghsanna féin a shocrú ó mhí Aibreáin seo chugainn.

Tá an tAire Sláinte agus an tAire Forbartha Sóisialta ag moladh go dtabharfaidh isteach íosphraghas coitianta in aghaidh an aonaid alcóil sa Tuaisceart chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic le ragúis óil.

Táthar ag moladh go socrófar an praghas idir 40p agus 70p in aghaidh an aonaid d'ollmhargaí, tithe ósta, siopaí eischeadúnais agus clubanna oíche.

Dar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta níl cuntas bainc ag aon duine i 20% de thithe na hÉireann. Tá buiséad d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ceadaithe le ciorruithe de £4 bhilliún i gceist dá bharr.

Leabhrán Gaeilge ar an ndúlagar foilsithe

Meadhbh Ní Eadhra

SHEOL na láitheoirí Dáithí Ó Sé agus Síle Seoige leabhrán Gaeilge faoi thacaíocht maidir le dúlagar (Conas Brath Ormsa a rá) inné. Soláthraíonn an bhileog faisnéise seo eolas faoi conas comhrá faoi dhúlagar a thosnú, as Gaeilge. Tá an leabhrán mar chuid den fheachtas tuisceana ar mheabhairshláinte, 'Brath Ormsa', atá ag iarraidh cairde agus teaghlaigh a spreagadh le tacaíocht a thabhairt do dhaoine le dúlagar. Meastar go mbíonn 400,000 duine in Éirinn ag fulaingt le dúlagar ag aon am amháin.

Ag labhairt ag an lainseáil, dúirt Síle Seoige, "Tá anáthas orm tacaíocht a thabhairt do 'Brath Ormsa' agus tá mé thar a bheith sásta an acmhainn luachmhar seo a fheiceáil ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá sé deacair an tábhar seo a ardú le daoine gar duit ach tugann an leabhrán seo comhairle phraiticiúil, ó thaobh cainte, éisteachte agus tacaíochta."

Mhínigh Dáithí Ó Sé an fáth a dtugann sé tacaíocht do 'Brath Ormsa': "Tá aithne againn ar fad ar dhuine éigin le dúlagar agus tá ról riachtanach ag clann agus ag cairde i mbiseach an duine sin. Déanann sé difríocht ollmhór don duine le dúlagar, má tá daoine ann dóibh."

Comhdháil Gaelscolaíochta 2011 fógartha

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Comhairle na Gaelscolaíochta, an grúpa comhairleach ar son na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann, i ndiaidh an deichiú Comhdháil dá gcuid a fhógairt, a bheidh á reáchtáil i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, ar an 16 Márta 2011. Tá sé ar cheann de na comhdhálacha is mó den chineál seo ar oileán na hÉireann, a mheallfaidh toscairí ó Ghaelscoileanna ó thuaidh agus ó dheas agus óna lán eagraíochtaí Gaeilge eile, idir chultúrtha agus oideachasúla. Is é téama na bliana seo Feabhsú, Forbairt, Fís agus Foghlaim agus beidh réimse leathan cainteoirí ag tabhairt ceardlann ar ghnéithe éagsúla ag ócáid na bliana seo.

"Is é seo an chéad uair a eagraíodh an chomhdháil i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, coláiste traenála múinteoirí na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann. Is cúis áthais dúinn a rá go ndéanfaidh an tAire Oideachais Caitríona Ruane an chomhdháil a oscailt go hoifigiúil arís i mbliana," a dúirt Tarlach Mac Giolla Bhríde, comhordaitheoir na hócáide, agus é ag seoladh Chlár Comhdhála na bliana seo.

Caidreamh cumhachta san 31ú Dáil

Treasa Bhreathnach

Caithfidh sé gur lig an Taoiseach Enda Kenny osna faoisimh ar an gCéadaoin tar éis dó a bheith ainmnithe mar Thaoiseach faoi dheireadh thiar thall.

Tá sé ina Theachta Dála ó 1975 do Mhaigh Eo agus mar cheannaire ar Fhine Gael ó 2002, agus an tseachtain seo a d'aistrigh sé, go hoifigiúil, ó bhinse an fhreasúra go dtí an suíochán is cumhachtaí sa tír - suíochán an Taoisigh.

Tá tús curtha le tréimhse an 31ú Dáil agus riar maith den timireacht déanta cheana féin. D'fhógair an Taoiseach Enda Kenny roinnt athruithe suntasacha sna Ranna Stáit. Cosúil le bheith ag babhtáil cártaí ag cluiche pócair, is é an Taoiseach Enda Kenny an margaitheoir sa chás seo agus roinnt mhaith cúramaí stáit aistrithe ó Roinn amháin go Roinn eile.

D'fhógair sé chomh maith go mbeadh ciorruithe pá i gceist do bhaill den rialtas nua. Ciorrú de €14,187 don Taoiseach go €200,000, €13,081 don Tánaiste go €184,405, €12,008 d'Airí Sinsearacha an rialtais go €169,275, €9,224 d'Airí Sóisearacha an rialtais go €130,042. Sin sábháil shuntasach ar thuarastal ár bpolaiteoirí ach nuair a chuireann tú tuarastal na hAireachta nua 'Super Junior' san áireamh níl sé chomh suntasach agus a cheapfá. Tá sé iarrtha ag an Taoiseach ar an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Iompair agus Oifig na nOibreacha Poiblí moltaí maidir le laghdú ar chostais taistil na nAirí a dhéanamh taobh istigh de choicís.

Le hAirí ag dul thar lear dá gcéad turas oifigiúil idirnáisiúnta mar Airí nua do Lá Fhéile Pádraig, tá gach seans go mbeidh costas na dturas sin clúdaithe anois de bharr na gciorruithe céanna. Anuraidh bhí costas de €180,000 ar thuras Brian Cowen go dtí an Teach Bán do Lá Fhéile Pádraig. Bhí moill leathuair an chloig ar fhógairt na nAirí sa chéad dul síos agus cé gurbh é an leithscéal oifigiúil ná gur cuireadh moill ar an Taoiseach, tháinig sé chun solais inné gur easaontas i bPáirtí an Lucht Oibre ba chúis leis. Fuair Fine Gael 10 gcinn d'Aireachtaí agus Páirtí an Lucht Oibre 5 cinn. Bhí súil go bhfaigheadh Joan Burton (LO) cúram an Aire nua do Chaiteachas agus Leasú Poiblí, ach chuaigh sé sin chuig a comhghleacaí sa pháirtí Brendan Howlin (LO). Níl ach beirt Aire Sinsearach mná sa rialtas nua, Joan Burton agus Frances Fitzgerald (FG) a fuair an aireacht don Roinn Leanaí ach den chéad uair riamh is bean í an tArd-Aighne, Marie Whelan (LO). Is léir nach mó ná sásta, ná soiléir fiú, a bhí roinnt de na hAirí lena bpoist nua.



An Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha, Eamon Gilmore

An tAire Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí, Brendan Howlin



An Aire Airgeadais, Michael Noonan

An tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairi Quinn

An tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton

An tAire Turasóireachta, Cultúir, agus Spóirt, Leo Varadkar

Agus é ag labhairt ar raidió áitiúil i rith na seachtaine dúirt Willie Penrose go raibh air ceist a chur ar Pat Rabitte faoin tairiscint poist a fuair sé do 'Super Junior'. Bhí air soiléiriú a fháil an 'fíor-jab' a bhí ann. Beidh cead ag Willie Penrose suí ag bord na comh-aireachta ach ní bheidh aon vóta aige.

Beidh súil ghéar á coinneáil ar an rialtas úr seo sa chéad lá den rialtas, le hathruithe móra i ndán sa chlár rialtais. Táillí uisce á dtabhairt isteach; deireadh le táillí cánach taistil; deireadh le 26,000 post san earnáil phoiblí; deireadh leis an FSS agus tús á chur le cúram sláinte uilíoch chomh maith leis an bplean chun iarracht a dhéanamh athruithe a dhéanamh ar phlean téarnaimh na tíre, i measc neart eile. Ní hamháin gur seachtain stairiúil a bhí ann don rialtas an tseachtain seo, ach don fhreasúra chomh maith.

Bhunaigh 16 Teachta Dála den eite chlé sa fhreasúra grúpa teicniúil i rith na seachtaine chun glór níos láidre a thabhairt dóibh sa Dáil. Is iad Joe Higgins TD ón bPáirtí Sóisialach, Shane Ross TD atá neamhspleách, agus Richard Boyd Barrett TD ón gComhaontas Pobal seachas Brabús agus an ULA, an triúr cainteoir atá ainmnithe don ghrúpa agus is cinnte dearfa go gcloisfidh muid uathu go rialta.

Le hAirí ag dul thar lear dá gcéad turas oifigiúil idirnáisiúnta mar Airí nua do Lá Fhéile Pádraig, tá gach seans go mbeidh costas na dturas sin clúdaithe anois de bharr na gciorruithe céanna. Anuraidh bhí costas de €180,000 ar thuras Brian Cowen go dtí an Teach Bán do Lá Fhéile Pádraig.

Cháin siad an clár don rialtas an tseachtain seo mar nach raibh fís ar bith ann, chomh maith le hEnda Kenny mar Thaoiseach agus Páirtí an Lucht Oibre mar gheall ar an bplean fáil réidh le 26,000 post san earnáil phoiblí.

Cé nár thacaigh ceannaire Shinn Féin, Gerry Adams TD, le hainmniúchán Enda Kenny mar Thaoiseach, dúirt sé go raibh meas aige ar a údarás agus gheall sé go mbeadh freasúra láidir á dhéanamh ag Sinn Féin sa Dáil.

Níos lú Gaeilgeoirí sa Dáil úr

Ar lean ó leathanach a haon

Bhí an méid céanna Gaeilgeoirí i bhFine Gael sa Dáil roimhe seo.

Amach as an 37 Teachta Dála de chuid Pháirtí an Lucht Oibre, tá Gaeilge ag ceathrar acu, an ceannaire Éamon Gilmore, Aodhán Ó Ríordáin, Ciara Conway agus Joan Burton.

Nuair a cuireadh ceist ar fhear nua an Lucht Oibre, Aodhán Ó Ríordáin, an labhródh sé an Ghaeilge sa Dáil, "Fan go bhfeicfidh tu!" a d'fhreagair sé.

As an 20 atá ag Fianna Fáil, tá Gaeilge ag seachtar acu: Dara Calleary, Brian Lenihan, Micheál Martin, Éamon Ó Cuív, Seán Ó Fearghail, Michael Kitt, agus Michael Moynihan. Bhí 19 acu ceithre bliana ó shin ach cailleadh an chuid is mó acu sin sa slad a rinneadh ar an pháirtí sa toghchán.

Maidir le Sinn Féin, amach as na ceithre dhuine dhéag a raibh an bua acu, tá Gaeilge ag seachtar acu, is é sin leath acu: Gerry Adams, Michael Colreavy, Pearse Doherty, Pádraig Mac Lochlainn, Caoimhghin Ó Caoláin, Aengus Ó Snodaigh agus Peadar Tóibín. Ag an Olltoghchán deiridh, bhí an Ghaeilge ag beirt as ceathrar acu- Aengus Ó Snodaigh agus Caoimhghin Ó Caoláin.

Is páirtí nua iad People Before Profit le beirt TD agus níl an Ghaeilge ag ceachtar acu.

Is é Joe Higgins an t-aon duine den bheirt a fuair suíochán don Pháirtí Shóisialach a bhfuil Gaeilge aige, fear Gaeltachta as Corca Dhuibhne atá ann.

Páirtí nua eile iad WUAG (Workers and Unemployed Action Group do Thiobráid Árann Theas). Níor toghadh ach duine amháin - Séamus Healy. Níl aon Ghaeilge aige.

Bhuaigh 14 neamhspleách suíochán dhóibh féin. Tá an Ghaeilge ag triúr acu, sin iad Mattie McGrath, Finian McGrath agus Maureen O'Sullivan.

Cé go bhfuil corás aistriúcháin chomhuainigh ar fáil sa Dáil, is beag Gaeilge a labhraítear ann ar chor ar bith. De ghnáth ní bhaintear úsáid as an Ghaeilge ach chun ceist na Gaeilge féin a phlé.

Tuigtear go mbíonn leisce ar pholaiteoirí an Ghaeilge a úsáid de bhrí go ndéanann na meáin Bhéarla neamhaird iomlán ar a ndeirtear sa Ghaeilge.

Tuigtear nach mbíonn fonn ar Theachtaí Dála nach bhfuil ar a suaimhneas leis an teanga úsáid a bhaint as an chóras aistriúcháin chomhuainigh de bhrí go bhfuil siad ag iarraidh cur i gcéill go dtuigeann siad.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

Líon MPs an Tuaiscirt le ciorrú

Impleachtaí aige do na páirtithe is lú sa Tionól

Anton Mac Cába

TÁTHAR chun líon na dtoghcheantar ó thuaidh a chiorrú ó 18 go 16. Fágfaidh sin laghdú beirte ar líon na bhfeisirí Westminster. Tá seo mar chuid de phlean ag rialtas na Breataine le líon na dtoghcheantar sa Ríocht Aontaithe a chiorrú ó 650 go 600.

Is sa Tionól is mó a bheidh impleachtaí. Fágfaidh sé go mbeidh 96 in ionad 108 Comhalta ann.

Cinnte, is ar leas na bpáirtithe móra a bheidh seo.

Bhí 12 toghcheantar do pharlaimint Westminster sa Tuaisceart le 60 bliain ó bunaíodh an stát in 1922. Ag tús na 80í, rinneadh cúig shuíochán sa bhreis. Bhí seo mar chuid de shocrú idir na hAontachtaigh agus rialtas Labaraich Jim Callaghan. Ba ar an taobh thoir den Bhanna a bhí ceathrar de na suíocháin seo, beart a bhí ar leas na nAontachtach.

Rinneadh suíochán eile sa bhreis in 1995. B'shin Iarthar Thír Eoghain. Rinneadh atarraingt shuntasach ar na teorainneacha chomh maith. Bhí ar tharla rud beag ar leas na náisiúnach. Tá Coimisiún na Teorann le moltaí sealadacha a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana. Tosóidh stocaireacht ansin. Mar sin, ní fios go díreach na toghcheantair nua. Ach is cinnte go gcaillfidh Béal Feirste ar a laghad suíochán amháin den cheathrar sa chathair, agus b'fhéidir beirt.

Níl Sinn Féin ná an DUP chomh buartha sin faoin gciorrú. Dúirt straitéisí toghchánaíochta de chuid Shinn Féin gur deacair a rá an toradh a bheadh ar na moltaí. Ní ghlacann feisirí Shinn Féin a gcuid suíochán i Westminster. Mar sin, ní iarrfaidh an páirtí go gcoinneofar an 18 suíochán.

Dar le foinse shinsearach sa DUP gur mhaith leis an pháirtí a mhéid suíochán Westminster agus is féidir bheith ag an Tuaisceart. "Ach tuigimid go bhfuil seo ag tarlú ar fud na Ríochta Aontaithe," arsa an fhoinse.

Tá sé beagnach cinnte go gcaillfidh an SDLP suíochán Westminster de bharr an chiorraithe. Is é sin suíochán Alasdair McDonnell i mBéal Feirste Theas. Is cinnte go mbeidh deireadh leis an toghcheantar. "Tá sin ar an toghcheantar is ilchineálaí sa Tuaisceart," arsa an fhoinse. Leis, tá an SDLP níos buartha faoi na himpleachtaí don Tionól.

Níl Páirtí Aontachtach Uladh (UUP) i bhfabhar an chiorraithe ach oiread, go háirithe i gcás an Tionóil. "Thiocfadh leis deireadh a chur le hionadaíocht ó aontachtaigh nó náisiúnaigh i gceantracha mar ar mionlaigh beaga iad," arsa an fhoinse. Ábhar imní eile ná go mbeadh ionadaithe ag déanamh ionadaíochta ar limistéir a bheadh ró-scaipthe.

Láithreoir TV3, Sinéad Desmond, leis an mBainisteoir Altraí Jane Melling, ar dheis, agus Bainisteoir Altraí Cliniciúla Carol Goggin, ar chlé, ag seoladh Lárionad Eolais Buail Isteach Institiúid Néareolaíochta Bhaile Átha Cliath agus an Mater. Is lárionad é a chuireann seirbhís ildisciplíneach, ar ardchaighdeán agus atruach ar fáil d'othair, idir phríobháideach agus phoiblí, atá ag fulaingt le riocht néareolaíoch in Éirinn. (PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Urchar scaoilte ar theaghlach cois teorainn

Danny Brown

TÁ na Gardaí ag fiosrú eachtra a tharla ar an Mháigh i gContae Dhún na nGall oíche Luain nuair a scaoileadh urchar le teach cónaithe ina raibh fear agus a bheirt pháiste.

Tháinig inneallrothar isteach sa tsráid i Wheatfield sa bhaile beag in aice leis an teorainn le Doire thart ar a 9 a chlog agus d'éirigh an paisinéir den inneallrothar agus chuaigh fhad leis an teach agus scaoil urchar trí fhuinneog an tí. Níor gortaíodh aon duine san ionsaí ach dúradh gur baineadh geit mhillteanach as an bheirt pháiste, duine acu seacht mbliana d'aois agus an duine eile aon bhliain déag d'aois.

D'éalaigh an bheirt fhear a bhí páirteach san ionsaí ar an inneallrothar agus fuarthas é trí thine tamall ina dhiaidh sin in aice le hUisce Chaoin in Inis Eoghain, cúpla míle ón Mháigh.

Cé go ndeireann na Gardaí nach bhfuil siad ag leanúint líne amháin fiosruithe sa chás, meastar sa cheantar gur féidir gur rabhadh a bhí ann ag grúpa paramíliteach.

D'eisigh an Teachta Dála úr don cheantar, Pádraig Mac Lochlainn as Sinn Féin, atá ina chónaí i mBun Cranncha, d'eisigh sé ráiteas Dé Máirt inar cháin sé "self-appointed vigilantes" a d'ionsaigh teach ina raibh páistí óga.

Dúirt sé go raibh struchtúir phóilíneachta i bhfeidhm anois ar an dá thaobh den teorainn agus nach raibh leithscéal ar bith anois ag grúpa ar bith an dlí a chur i bhfeidhm iad féin.

Más rud é go raibh grúpa paramíliteach Poblachtach taobh thiar den ionsaí, amharcfar air mar chuid d'fheachtas fad-téarmach atá ag grúpaí ar nós Óglaigh na hÉireann agus an Real IRA sa cheantar le blianta beaga anuas.

Mharaigh an Real IRA Kieran Doherty i nDoire i mí Feabhra anuraidh agus phléasc siad buama taobh amuigh de shiopa a bhí ag díol drugaí dleathacha i Leitir Ceanainn mí ina dhiaidh sin.

Níl fianaise ar bith ann go raibh baint ar bith ag an fhear a ionsaíodh ar an Mháigh le drugaí ach is straitéis é díriú ar dhaoine a chreidtear a bheith páirteach i mangaireacht drugaí a d'úsáid grúpaí paramíliteacha Poblachtacha le tacaíocht a chothú i measc an phobail Náisiúnaigh.

An chéad Lá Leabhar Náisiúnta!

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ fógra tugtha ag an gcomhlachas a dhéanann ionadaíocht ar fhoilsitheoirí in Éirinn, Foilsiú Éireann - Publishing Ireland, go mbeidh an chéad Lá Leabhar Náisiúnta ar siúl Dé Máirt an 15 Márta 2011. Tionscadal úrnua is ea é seo a bhfuil sé d'aidhm aige leabhair as Gaeilge a chur chun cinn mar chuid den fheachtas Leabhar Power agus cabhrú sa chaoi sin leis an earnáil foilsitheoireachta leabhar Gaeilge, lena n-áirítear údair a scríobhann as Gaeilge. Is iomaí imeacht Leabhar Power atá eagraithe sa tréimhse roimh Lá Leabhar. Beidh údair Ghaeilge i siopaí leabhar ar fud na tíre agus beidh deis ag daltaí scoile na háite blaiseadh beo a fháil dá saothar.

Ba mhaith leo go mbeadh Éire Aontaithe ann ach ní maith leo Gerry Adams

Na céadta ina mball de na Cumainn Poblachta in Oirthear Thír Eoghain

Anton Mac Cába

TÁ míshástacht le seasamh Shinn Féin dá léiriú i gceann de na ceantair phoblachtacha is láidre sa tír. Bhí ar a laghad 800 ar mhórshiúl ar an Cheapóg i dTír Eoghain ag deireadh na seachtaine. Ba chomóradh seo ar thriúr comhalta den IRA agus sibhialtach a mharaigh an UVF scór bliain ó shoin.

Ba é Cumann Poblachtach Phádraig Mhic Phiarais, an Cheapóg, a d'eagraigh. Anuraidh, d'eagraigh an cumann céanna comóradh eile, mar a raibh slua chomh mór céanna i láthair. Tá an cumann ar cheann de na cumainn phoblachtacha a bunaíodh in oirthear Thír Eoghain le cúpla bliain anuas. Tá seachtar acu anois ann.

Tá Oirthear Thír Eoghain ar cheann de na ceantair ba ghníomhaí de chuid an IRA le linn na dtrioblóidí, agus an Cheapóg ach go háirithe.

Tá suas le 200 ball ag na cumainn phoblachtacha sa cheantar. Is poblachtaigh sheanbhunaithe cuid mhór de na baill; minic go maith, is ó shean-teaghlaigh phoblachtacha iad. Bhí neart acu i Sinn Féin go dtí le measartha gairid, agus iad gnóthach ann.

Tá a bhfuil ar siúl ag na cumainn seo teoranta.

Is léir go bhfuil siad soiléir faoin rud nach bhfuil de dhíth orthu achníl siad chomh soiléir faoina bhfuil de dhíth orthu.

"Is dream díchosúil iad," arsa poblachtach amháin sa cheantar - duine nach n-aontaíonn le Sinn Féin. "An rud atá i gcomhpháirt acu, ná - ba mhaith leo go mbeadh Éire Aontaithe ann, ní maith leo Gerry Adams."

Beidh le feiceáil an mbeidh na cumainn seo ábalta seasamh dearfach a ghlacadh ar cheist ar bith. I measc na mball, tá daoine atá go láidir ar son streachailte armtha ag an phointe seo - agus dream atá glan ina éadan. Mar sin féin, is suntasach gur éirigh leo níos mó tacaíochta a bhailiú ná mar a bhailigh dream ar bith eile a scoilt ó Shinn Féin.

Gael-Taca bogtha go lár an aonaigh i gcathair Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

Tá lárionad nua oscailte ag an eagraíocht Gael-Taca i gCorcaigh a chuirfidh an Ghaeilge i lár an aonaigh sa chathair cois Laoi. Ag feidhmiú thar ceann Ardmhéara Chathair Chorcaí a bhí ar chuairt oifigiúil i Nua Eabhrac, b'é an Leas-Ardmhéara, an comhairleoir cathrach Seán Ó Céileachair, a d'oscail an t-ionad eolais ar Ché Uí Shúilleabháin go hoifigiúil Dé hAoine seo caite.

Ócáid chuimneacháin a bhí ann chomh maith mar gur i dtús mhí Márta trí bliana ó shin a d'imigh duine de bhunaitheoirí Gael-Taca, Pádriag Ó Cuanacháin, ar shlí na fírinne.

"Gach uair a bhuail mé le Pádraig bhí sé gnóthach, bhí sé ag obair go díograiseach, ag dul go dtí cruinniú nó ag déanamh rud éigin," a dúirt an Comhairleoir Ó Céileachair.

Ba in 1987 a bunaíodh Gael-Taca, eagraíocht atá ag obair ó shin le scoileanna, lucht gnó agus leis an bpobal i gcoitinne chun an Ghaeilge a neartú i gcathair Chorcaí.

Tá Gradam Phádraig Uí Chuanacháin á bhronnadh ag Gael-Taca le dhá bhliain anuas ar an ngnó is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn, agus thug Leaschathaoirleach na heagraíochta, Donncha Ó Liatháin, le fios go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na rannpháirtithe ó cuireadh an gradam aitheantais ar bun.

Bhí a n-oifigí ar dtúis ag Gael-Taca i Scoil Neasain Naofa ar Ché Uí Súilleabháin sar a bhogadar go Sráid an Chamais cúig bliana ó shin. Tá siad suite go feiceálach anois in áitreabh athchóirithe lámh le Sráid an Chapaill Bhuí.

Thug cathaoirleach Gael-Taca, Pádraig Hamilton, ómós do col ceathar le Pádraig Ó Cuanacháin a chabhraigh leis an eagraíocht a chur ar bun - Seán G. Ó Cionnaith a fuair bás le déanaí.

"Do chuireadar san bonn láidir leis an rud - bhíomar neamhpholaitiúil ó thosach agus táimid fós," a mhínigh Pádraig Hamilton.

Thug an tUasal Hamilton le fios don slua mór a bhí i láthair nach mbeidh sé "ró-fhurast" íoc as cíos na hoifige agus go gcuirfear fáilte roimh bhaill nua. Thar cheann Gael-Taca, bhronn sé clog déanta ag Cork Crystal ar oibrí de chuid na heagraíochta, Barra Ó Caoimh, atá ag éirí as tar éis dó a bheith ag obair leis an eagraíocht ó d'éirigh sé as a phost le lucht guail agus cruaearraí Suttons in aois a 60 deich mbliana ó shin.

"Tá a fhios againn ná tárlaíonn faic i gcúrsaí Gaeilge timpeall na cathrach anso gan Barra," a dúirt Pádraig Hamilton.

Mheas Barra go raibh an t-ionad nua ar cheann des na rudaí ba tháb-

Tús le ré nua - Leas-Ardmhéara Chathair Chorcaí, Seán Ó Céileachair, ag oscailt ionad nua Gael-Taca ar Ché Uí Shúilleabháin i gCorcaigh.
(PIC: Ó LOINGSIGH)

hachtaí a tháinig chun chinn i gcathair Chorcaí ó thaobh na Gaeilge de.

"Tá sé suite in áit ana oiriúnach i lár na cathrach - ionad breá scóipiúil a bheidh oiriúnach do chruinnithe, do ranganna Gaeilge agus ciorcail chomhrá," a dúirt Barra.

Chuir Ó Caoimh béim ar an dtacaíocht a bheidh ag teastáil ón bpobal: "Beimid ag brath go mór ar phobal na Gaeilge agus cairde na Gaeilge bualadh isteach agus clárú linn nó síntiús beag a thabhairt dúinn mar ní bheimid beo gan an chabhair sin."

Beidh an t-ionad nua ar oscailt óna 9.00 dtína 5.00 ó Luain go hAoine chun gach eolas chur ar fáil don phobal faoi imeachtaí Gaeilge sa chathair. Agus ba léir ag an oscailt go raibh pobal ana fhiosrach ag gabháil thar bráid ar an gcé gnóthach lasmuigh.

Thug oifigeach forbartha Gael-Taca Áine Ní Shléibhín le fios go bhfuil súil ag an eagraíocht áiseanna d'imeactaí sóisialta a chur ar fáil san ionad amach anso ionas go mbeadh daoine in ann bualadh isteach chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh.

Ba ag cumann sacair Chathair Chorcaí a bhí an áitreabh roimhe seo, agus bhíodh parlús suathaireachta ag an gclub ar chúl an tí mar a bhfuil deis anois ag Gael-Taca áiseanna breise a chur ar fáil.

Ní bheidh 'massage' as Gaeilge ar fáil san ionad nua áfach - "thóg siad na leapacha inné," a dúirt Oifigeach Caidrimh Poiblí Gael-Taca, Adrian Breathnach, ar lá na hoscailte.

Tá 'biúró eolais' chun tosaigh laistigh den ionad agus tá áiseanna ann chun earraí Gaeilge a dhíol agus chun ranganna agus ciorcail chomhrá a reachtáil istoíche.

Thug Adrian Breathnach le fios go raibh an sean-áit ar Shráid an Chamais ró-bheag agus ró-chiúin, agus gur bheartaíodar bogadh go dtí an áitreabh nua chun a bheith níos mó feiceálach os comhair an phobail.

"Ó thaobh na Gaeilge de, seo an áit is lárnaí i gCorcaigh - má fhéachann tú ar an droichead sin (Droichead Nano Nagle) bíonn na sluaite ag teacht thar an droichead agus ag féachaint orainn," a dúirt Adrian.

Bhí feachtas fógraíochta ar bun ag Gael-Taca i gcomhar le Bus Éireann le blianta beaga anuas chun fógraí maidir leis an nGaeilge a chur ar bhusanna na cathrach, agus tá sé i gceist ag an eagraíocht fógraí a chur ar taispeáint i bPáirc Uí Chaoimh agus i bPáirc Uí Rinn do chluichí CLG na bliana seo.

I dteannta san, tá clár raidió ag Gael-Taca a bhíonn á chraoladh i gColáiste agus in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, agus a chraoltar in Eochaill agus i mBéal Feirste chomh maith.

Ag labhairt leis an slua ag an oscailt, bhí teachtaireacht ar leith ag Adrian Breathnach dos na heagraíochtaí éagsúla atá ag obair ar son na Gaeilge sa chathair - "is breá liom an seanfhocal 'ní neart go cur le chéile', agus dáiríre i gCorcaigh nílimid ag obair le chéile, ach caithimid mar ghrúpaí beaga a bheith ag obair le chéile - agus an aidhm atá ag Gael-Taca ná dul i dteagmháil le gach uile ghrúpa atá i gCorcaigh faoi láthair agus plean a dhéanamh amach go mbeimid ábalta oibriú le chéile."

Agus ag labhairt leo siúd atá ar bheagán Gaeilge, chuir an t-Uasal Breathnach fáilte ar leith rompu teacht isteach go dtí an ionad nua chun eolas a lorg nó chun comhairle a thabhairt maidir le slite chun an teanga a chur chun cinn.

"Tá daoine nua ag teastáil, go háirithe daoine óga," a dúirt OCP Gael-Taca. Agus maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge bhí focal scoir aige: "Caithimid smaoineamh taobh amuigh den Ghaeltacht, caithimid smaoineamh faoi na cathireacha móra, agus caithimid ionad a bhunú i gach cathair mhór timpeall na tíre. Tá ceann thuas i mBéal Feiriste - an Cultúrlann - agus sin an aidhm atá againne, agus tá súil agam go mbeidh sé i bhfad níos luaithe ná 20 bliain go mbeimid anseo agus go mbeidh ár n-ionad Gaeilge féin (dá leithéid) againn i gCorcaigh."

Iarratais nua d'fhaoiseamh úis mhorgáistí

Tá uasghrádú déanta le déanaí ag Cáin agus Custaim na hÉireann ar a gcuid seirbhísí ar líne d'éilimh fhaoiseamh cánach ar an bpointe d'ús mhorgáiste.

Ón 3 Márta 2011 ar aghaidh, ba chóir go mbeadh iarratais nua don Fhaoiseamh Úis Mhorgáiste déanta ar líne ag www.revenue.ie/go/024. Is seirbhís níos éifeachtaí é seo a thugann seans do chustaiméirí an t-eolas ar fad a thabhairt i mbealach atá éasca le húsáid.

Má tá tú i dteideal Fhaoiseamh Úis ar Mhorgáiste nár éiligh tú cheana, bá chóir duit an t-iarratas sin a dhéanamh ar líne freisin. Is féidir iarratais a théann siar chomh fada le ceithre bliana cánach a dhéanamh.

Le breis eolais a fháil faoi conas d'iarratas a dhéanamh don Fhaoiseamh Úis Mhorgáiste, téigh chuig www.revenue.ie/go/024 nó déan teagmháil le líne chabhrach TRS ag 1890 46 36 26.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

"McCausland dúghafa leis an Foras"

Anton Mac Cába

NÍL sé soiléir ar fad a bhfuil i gceist ag Aire Cultúir, Fóillíochta agus Ealaíon an Tuaiscirt maidir le todhchaí Fhoras na Gaeilge.

I mbéal na Nollag, dúirt sé sa Tionól gur gá freagraí práinneacha a thabhairt air mar gur gá "provide public confidence about value for money in both agencies (an Foras agus an Boord ó Ulstèr Scotch)."

Chuir Coiste na Roinne ceist air faoi seo. Sa bhfreagra, níor luaigh McCausland ábhar imní ar bith, ach amháin comhfhreagras leanúnach dleathúil.

Tá anois ceist curtha ag an Chomhalta den Tionól Reachtach Declan O'Loan ón SDLP. D'fhiafraigh O'Loan de McCausland cad chuige nár dhúirt sé, ina litir chuig an Choiste, go raibh imní air faoi chomh héifeachtach agus a bhí an Foras; agus le dearbhú go rabhthas, cheana, ag tabhairt faoi cheist ar bith a thóg sé sa litir.

Dúirt O'Loan gur dhealraigh sé go raibh McCausland dúghafa leis an Fhoras, é ar a sheacht ndícheall an bonn a bhaint de - gan fianaise. "Tá sé de dhualgas ar Aire bheith ionraic agus oscailte le Coiste Tionóil s'aige," arsa O'Loan.

Sa Tionól an tseachtain seo caite, chuir David McClarty (Aontachtóir Neamhspleách) ceist ar McCausland faoi chaitheamh airgid ar thograí Albainis Uladh. Dúirt McCausland go raibh sé tábhachtach "go dtabharfaí an meas agus an t-aitheantas céanna d'earnáil na hAlbainise Uladh agus a fhaigheann earnáil na Gaeilge."

Daonáireamh 2011 ag tosú inniu

Tá 5,000 áiritheoir daonáirimh ag dáileadh foirmeacha daonáirimh inniu agus caithfidh gach duine iad a líonadh amach roimh Dé Domhnaigh 10 Aibreán. Bhí an Daonáireamh deireanach ann cúig bliana ó shin. Tugann sé léargas maith ar choinníollacha sóisialta agus maireachtála mhuintir na hÉireann agus is féidir an t-eolas a bhailítear a úsáid chun pleanáil a dhéanamh maidir le cúrsaí sláinte, oideachas agus na seirbhísí sóisialta. Dar leis an mBunreacht, úsáidtear an Daonáireamh freisin chun fiosrú a dhéanamh ar an líon TD atá de dhíth ar an tír, agus cá háit gur cheart do na toghcheantair a bheith.

Caitlín Cassidy, Sandra Blakeney, Tiffany Stanley, agus Kate McDaid ag seoladh na hachainí ar rannpháirtithe do mhionmharatón Fhoras Croí na hÉireann. Tá an carthanas náisiúnta, atá ag troid i gcoinne galar croí agus stróc, ag lorg 300 bean a rachadh 'dearg le haghaidh an chroí' i mBealtaine le t-léine saor in aisce agus barrbhanda ó na hochtóidí. Iarrtar ar aon bhean atá páirteach 5c a bhailiú i gcuimhne ar gach duine den 5,000 bean a fhaigheann bás de bharr galar croí nó stróc gach bliain, phríomhchúis bháis do mhná in Éirinn. Rachaidh gach €250 a bhailítear chuig feachtas Fhoras Croí na hÉireann, 'Go Red For Women' chun cabhair a thabhairt do mhná saol níos faide agus níos sláintiúla a bheith acu. Cláraigh anois ar www.irishheart.ie (PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Lá breithe sona duit!

Focal.ie 5 bliana d'aois

Meadhbh Ní Eadhra

Bhí an bunachar téarmaíochta focal.ie cúig bliana ar an bhfód inné. Seoladh an suíomh ar an 10 Márta 2006, agus is iad Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chruthaigh an acmhainn seo, i bpáirt leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.

Tá os cionn 320,000 téarma sa bhunachar anois agus is féidir teacht orthu faoi na leaganacha Gaeilge agus Béarla. Bhain os cionn 880,000 cuairteoir leas as an suíomh le cúig bliana anuas.

Thug na daoine sin 3.9 milliún cuairt ar an suíomh agus rinne siad beagnach 25 milliún cuardach lena linn sin. De réir suirbhé úsáideoirí a rinne Fiontar in 2010, aistritheoirí agus ateangairí mar aon le mic léinn ollscoile is mó a bhaineann úsáid as an suíomh. Tá 27% de na cuardaigh á ndéanamh ag rannpháirtithe san aoisghrúpa 19-25. Úsáideann 79% de na rannpháirtithe an suíomh go laethúil agus is chun leaganacha Gaeilge de théarmaí Béarla a aimsiú (93%) agus chun litriú nó gramadach a sheiceáil (78%) is mó a bhaintear leas as an suíomh.

Ba iad na 10 dtéarma ba mhó cuardach le 5 bliana anuas ná 'experience', 'show', 'project', 'popular', 'record', 'report', 'art', 'important', 'change' agus 'website'. Ba iad na cinn ba mhó cuardach an tseachtain seo ná 'cricket', 'pancake', 'lent' agus 'Ash Wednesday'. Tá forbairtí á gcur leis an suíomh luachmhar seo de réir a chéile. Le linn 2011 tá sé beartaithe leagan móibíleach den suíomh a chruthú agus nuachtlitir leictreonach a dháileadh chun ábhar nua a fhógairt. Is iad Foras na Gaeilge a mhaoiníonn an tionscadal focal.ie.

Seachtain na Mac Léinn ar an gCeathrú Rua

Treasa Bhreathnach

TAR éis Sheachtain na Mac Léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an tseachtain seo caite, tá an t-am sin tagtha anois do mhic léinn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua.

Beidh éagsúlacht imeachtaí ar siúl i mbliana agus é mar aidhm acu airgead a bhailiú d'áiseanna spóirt i Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua.

Beidh craoladh beo ó Halla an Acadaimh á dhéanamh ag Iris Aniar ar an Luan agus ar an oíche chéanna a bheas an seoladh oifigiúil. Beidh ceol á chur i láthair ó Anna Marie agus Martin Joe sa Chistin agus is í Máire Treasa Ní Dhubhghaill ó TG4 a dhéanfaidh an ócáid a oscailt. Ar an Mháirt ón 8.45rn go dtí 12.30in beifear ag brú leapa ó TG4 siar chomh fada leis an Cheathrú Rua agus iad i mbun bailiúchán airgid.

Cruinneofar an grúpa is aistí dá bhfacthas ar an gCeathrú Rua le fada an lá i dTeach Ósta Réalt na Maidine don chóisir feistis bhréige ar an oíche chéanna ag 8in. Tá fáilte roimh chách agus cead isteach saor in aisce dóibh siúd atá gléasta don ócáid nó bíodh tú réidh le €5 a íoc ar an doras. Ní tús chomh moch ar maidin a bheidh á chur leis na himeachtaí Dé Céadaoin don 'Lá Spóirt'. Is ón 2-5in a bheas na himeachtaí spóirt ar fad ar pháirc an Astroturf.

Mar chlabhsúr ar an scléip agus spraoi beidh Fóidín Meara ag casadh i dTigh an Táilliúra oíche Dé Céadaoin óna 9in ar aghaidh, ach níl siad san áireamh don Cheant Sclábhaithe.

Cead isteach don oíche dheireanach ná €5.

Bás Sheáin Cronin, Poblachtach agus Iriseoir den chéad scoth

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Seán Cronin, gníomhaí polaitiúil, scríbhneoir, iriseoir, oifigeach Airm agus Poblachtach, i ndiaidh bás a fháil agus é 91 bliain d'aois. Bhí an tUasal Cronin tinn le cúpla bliain anuas. Rugadh i mBaile Átha Cliath é in 1920 ach tógadh i nGaeltacht Dheisceart Chiarraí é, i gceantar Bhaile an Sceilg.

Chaith Seán Cronin tréimhse mar Oifigeach Airm i rith an dara cogadh domhanda, agus bhí sé mar dhuine mór le rá san IRA, ag glacadh go leor ról éagsúil ann. Bhí sé mar stiúrthóir na n-oibríochtaí, mar eagarthóir ar an United Irishman, agus mar Cheann Foirne ar an IRA ar feadh dhá thréimhse éagsúla ag deireadh na 50í. Bhí ról lárnach aige i bhfeachtas na Teorann agus ba é Cronin a tháinig aníos leis an bplean Operation Harvest sna 50í. Cuireadh sa phríosún faoi dhó ar a laghad é.

Tá go leor ábhair de chuid Seán Cronin foilsithe, cosúil le beathaisnéis ar an bPoblachtach Frank Ryan, leabhar ar an gcaidreamh idir Éire agus na Stáit Aontaithe, darb ainm Washington's Irish Policy 1916-1986: Independence, Partition, Neutrality, leabhar faoi Éirí Amach 1916 dar teideal Our Own Red Blood about the Easter Rising of 1916 agus go leor eile.

I ndiaidh do Cronin an tArm a fhágáil, bhog sé go Meiriceá, áit a raibh baint aige leis an ngrúpa Poblachtach Clan na nGael, agus é mar iriseoir i Nua-Eabhrac. Nuair a d'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath, d'oibrigh sé mar fho-eagarthóir leis an Evening Press.

Faoi dheireadh na 60í, bhí sé ag scríobh do The Irish Times go rialta mar shaoririseoir ó Washington. Bhí cairdeas aige leis an eagarthóir ag an am, Douglas Gageby. Bhí an-chuid eolais agus tuisceana aige ar pholaitíocht na Stát Aontaithe agus bhí an-dúil ag daoine sa 'Washington Letter', a scríobh sé. Bhí sé an-chruinn mar thuairisceoir agus mhúin sé an pholaitíocht i Washington freisin. Cuimhneofar ar Sheán Cronin sna leabhair staire amach anseo, gan amhras. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Ceist faoin Albainis le bheith i ndaonáireamh na hAlban den chéad uair

Anton Mac Cába

Den chéad uair riamh, tá ceist faoin Albainis (teanga Scots) le bheith i ndaonáireamh na hAlban. Chun cuidiú leis sin, tá suíomh idirlín 'Aye Can' ann. Tá sé ann le go mbeidh daoine ábalta a dhéanamh amach an cainteoirí Albainise iad. Is féidir teacht ar an suíomh ag http://www.ayecan.com/

Tá ceist faoi Ghaeilge na hAlban ar an daonáireamh ón 19ú céad. Roimh dhaonáireamh 2001, moladh i bPàrlamaid na hAlban go mbeadh ceist ann faoin Albainis. Theip air, ach bhí Pàrtaidh Nàiseanta na h-Alba, Pàrtaidh Sòisealach na h-Alba agus Pàrtaidh Uaine na h-Alba ar a shon. Tharla athruithe suntasacha ó shin. Nuair a rinneadh an moladh cúpla bliain ó shin, vótáil achan pháirtí ar a shon.

Dúirt Aire Cultúir na hAlban, Fiona Hyslop, gur cuid ríthábhachtach d'oidhreacht, de dhúchas agus de chultúr na tíre an Albainis. "Is teanga bheo chomh maith é," ar sise.

Dála teangacha eile, tá polaitíocht fite fuaite tríd. Tá siad ann, i measc lucht an Bhéarla agus lucht na Gaeilge, a shéanann a leithéid de theanga bheith ann. Mar mhasla, tugtar 'droch-Bhéarla' in amanna air. Ní bheadh an drochmheas céanna ag dream eile air, ach iad den bharúil gur canúint nó canúintí Béarla atá ann.

Cinnte, ba í an Ghaeilge teanga oifigiúil na hAlban go dtí gur ceapadh Roibeard a Dó ina rí in 1371. Ba eisean an chéad rí de chuid na Stíobhartach. Ba de dhúchas Briotáineach an chlann seo, a tháinig aneas ó Shasana.

Thug siad 'Inglis' ar an teanga a

bhí acu. Deir saineolaithe áirithe gur thosaigh seo ag scarúint ón mBéarla thart ar 1,000 bliain ó shin. Lucht na hAlbanise, deir siad gur teanga é a d'fhorbair ón mBéarla, agus tionchar láidir Gaeilge agus Lochlannach air. Bhí cúpla céad bliain eile ann sular tugadh 'Scotis' ar an teanga.

Bhí teannas idir 'Scotis' agus Gaeilge na hAlban. Thugadh Gaeilge na hAlban 'an Ghalltacht' ar na críocha mar ar labhraíodh Albainis. Lucht an léinn le hAlbainis, thugadh siad 'Éireannaigh' ar an mhuintir a labhair Gaeilge, agus dar leo gur Gaeilge na hÉireann an teanga seo. Ba phobal barbartha lucht na Gaeilge. Thug an file William Dunbar cur síos ag tús an 16ú céad ar na tréithe a bhain le Gael de chuid na hAlban: 'In vice most vicius he excellis'. Tháinig meath ar an Albainis ó ceapadh Séamas a Sé na hAlban ina rí ar Shasana in 1603. D'éirigh cúrsaí níos measa i ndiaidh 1707, nuair a cuireadh deireadh le parlaimint na hAlban.

Tá parlaimint in Albain arís le 12 bliain anuas. Tagann an tsuim san Albainis ó fhéiniúlacht Albanach, a dhiúltaíonn don Bhriotanachas agus don Ríocht Aontaithe. Go dtí seo, níl móran bainte acu le lucht Albainis Uladh.

Dúirt Michael Hance ón Scots Language Centre gur athruithe polaitiúla agus cultúrtha a spreag an tsuim seo sa teanga. "Tá níos mó muiníne ag daoine as na gnéithe dá saol gurbh fhéidir iad a aithint mar ghnéithe Albanacha, atá difriúil ón gcuid eile den domhan," ar seisean.

Aithníonn daoine Albainis, gan iad bheith cinnte faoi cad é atá ann. "An dóigh is fearr le labhairt le daoine faoin Albainis, ná labhairt leo in Albainis," arsa Hance.

Is tír scaite go maith í Albain, beart a thógann fadhbanna. "Tá cuid mhór cainteoirí Albainise iontach dílis dá gcanúintí, " arsa Hance. Mar sin, feictear dóibh den chuid is mó gur canúint áitiúil atá acu, agus ní teanga.

Is siúr-theangacha iad Albainis agus Béarla, dar le Hance. Tugann sé samplaí na hIoruaise agus na Danmhairgise, na hOllainise agus na Gearmáinise. Chuidigh cúrsaí polaitiúla le forbairt na hAlbainise. "Ba stáit ar leith iad Albain agus Sasana," ar seisean. "Thug sin stádas do na teangacha."

Bhí an Albainis ina teanga oifigiúil ag Albain. "Ba theorainn le fírinne é (idir an dá thír) mar go raibh siad naimhdeach," ar seisean. "Dá bharr, ní raibh mórán teagmhála le Sasana ag an am, ach leis an chuid eile den Eoraip."

Nuair a tharla an Reifirméisean, ba i mBéarla a bhí an Bíobla. Den chéad uair, bhí teangmháil ag an phobal leis an Bhéarla. Sna seanmóirí, labhair na ministrí Albainis, ach ba sa Bhéarla a bhí an t-ábhar léitheoireachta.

Ansin, tharla imeachtaí 1603 agus 1707. Níor theanga oifigiúil í an Albainis ní ba mhó. Ba theanga labhartha den chuid ba mhó é. An mhuintir a labhair, ba den ísealaicme iad. An mhuintir a bhí ag déanamh dul chun cinn sa tsaol, Béarla a bhí acu.

Aithníonn Hance go raibh tionchar ag an Ghaeilge ar an Albainis. Bhí an dá theanga taobh lena chéile. Sampla ná go bhfuil an chiall céanna leis an bhfocal 'Loch' sa dá theanga. Aithníonn sé, leis, go bhfuil lucht Ghaeilge na hAlban níos eagraithe ná lucht na hAlbainise.

Tá Hance 48, agus aithníonn sé go bhfuil athrú cultúrtha tagtha ar Albain lena linn. Nuair a bhí sé óg "bhí mionlach a shéan gur féiniúlacht Bhriotanach a bhí acu. Anois, séanann an tromlach sin."

Leasuithe móra eacnamaíochta i gCúba

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ athruithe le tarlú i gCúba go luath agus ar cheann de na hathruithe is mó a mbeidh tionchar aige ar na Cúbaigh, tá cúrsaí cánach. Le blianta, ní raibh ar mhuintir Chúba cáin ar bith a íoc agus ba leo cibé ioncam a fuair siad dóibh féin. Tá caoga bliain d'atharthaíochas rialtais ag teacht chun deiridh anois agus is gearr go mbeidh muintir Chúba ag cur aithne ar an bhfear cánach.

Is é Raul Castro, ceannaire na tíre, atá 79 bliain d'aois, a bheidh ag tabhairt na n-athruithe seo isteach, mar chuid den athbhreithniú eacnamaíochta atá ar siúl faoi láthair. Is dearthóireacha iad

Uachtarán Chúba, Raul Castro

an tUasal Castro agus an t-iarUachtarán Fidel Castro. Chuir Cúba tús le go leor leasuithe eacnamaíochta i mí Eanáir, mar gheall ar an oiread fadhbanna a bhí acu.

D'fhógair Havana go bhfuil siad ag gearradh 500,000 post rialtais mar chuid de phlean nua chun an earnáil phríobháideach a láidriú in eacnamaíocht a bhí á rith ar bhonn cumannach ó bhí Fidel Castro i gcumhacht in 1959. Ach, tá siad i ndiaidh a fhógairt freisin go bhfuil siad ag bogadh i dtreo saormhargadh eacnamaíochta, agus ag iarraidh 1.8 milliún post a chruthú thar chúig bliana.

Léigear Gaza bríste ag Gael

Danny Brown

BHÍ Gael óg as Doire, Éanna Ó Donghaile, i measc toscaireacht idirnáisiúnta a bhris an cosc ar earraí tógála a thabhairt isteach go Gaza den chéad uair an tseachtain seo.

Chuaigh 11 duine, Éanna agus Eddie McBride as Doire, beirt as an Éigipt, beirt as Sasana, beirt eile as Meiriceá, beirt as an Ghréig agus duine amháin as an Ungáir tríd an teorainn ag Rafah Dé Domhnaigh le cead ó na húdaráis san Éigipt.

Roimhe seo, bhí an Éigipt faoi Honsi Mubarak ag comhlíonadh an chonartha síochána a bhí acu le hIosrael agus ag diúltú ceada do dhaoine a bhí ag iompar earraí tógála isteach i nGaza.

Bhí mála amháin suiminte leis an toscaireacht idirnáisiúnta mar shiombail go raibh siad ag briseadh pholasaí Iosrael gan ábhar tógála a ligint isteach i nGaza, polasaí atá cáinte go hidirnáisiúnta le blianta.

Sáraíonn an polasaí sin rialacha na Náisiún Aontaithe maidir le pionóis in aghaidh pobal.

Bhí na daoine as an Éigipt a bhí leis an toscaireacht páirteach sa réabhlóid sa tír sin a chaith amach rialtas Mubarak agus táthar ag breathnú ar an eachtra is déanaí seo mar theist ar rialtas úr Arm na hÉigipte - cé acu a bheidh difear ann maidir leis an léigear atá ar Ghaza nó nach mbeidh.

Tá Iosrael ag brath cuid mhaith ar dhea-thoil na hÉigipte a choinneáil ag dul.

Go dtí seo ní raibh cead ag muintir Ghaza ábhar tógála a thabhairt isteach gan é a dhul tríd an teorainn le hIosrael agus bhí diansmacht ag na húdaráis ansin ar rudaí a iompórtáil isteach sa dúiche.

Ní seo an chéad uair d'Éanna agus Eddie bheith páirteach i gcúrsaí Ghaza ach oiread.

Bhí siad mar chuid den toscaireacht a bhris an léigear anuraidh nuair a thug siad otharcharr lán earraí leighis ó Dhoire go Gaza agus gheall siad an tseachtain seo go gcoinneoidh siad ag cur brú ar rialtas Iosrael an léigear ar Gaza a thógáil agus saoirse a thabhairt do mhuintir na Pailistíne.

Tá an bheirt ina mbaill den ghrúpa Derry to Gaza agus tá nascanna ag an eagraíocht sin le grúpaí eile ar fud an domhain a bhfuil sé mar aidhm acu an léigear ar Ghaza a bhriseadh.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Lá an Phátrúin i gcomóradh ar Naomh Colmcille

Treasa Bhreathnach

D'FHÓGAIR an tAthair Billy O'Reilly, sagart paróiste an Chnoic, ar an Domhnach seo caite nach mbeidh sé féin ar fáil chun Aifreann a cheiliúradh ar Lá an Phátrúin Cholmcille ar an 9ú Meitheamh.

Tá an méid céanna ráite i litir an pharóiste. Deir rúnaí Choiste Phobal na Tulaí, Nuala Ní Chonghaile, "Tá fochoiste á bhunú againn chun na féidearthachtaí eile don lá a phlé. Níl an fochoiste féin ainmnithe go fóill ach tá muid á phlé faoi láthair." Is ar thrá an Bhántráigh a dhéantar ceiliúradh go traidisiúnta, áit a bhfuil tobar beannaithe agus altóir, cé nach mbíodh Aifreann á cheiliúradh ann i gcónaí ar an lá úd. Sa tseanaimsir ní bhíodh aon bhaint ag an eaglais le lá an Phátrúin ach ba iad an pobal a dhéanfadh an ceiliúradh ar an lá agus turas ar na toibreacha. Tagann na sluaite ón gCnoc, Ros a' Mhíl, na hOileáin Árann, Contae an Chláir agus níos faide i gcéin chun ómós a dhéanamh do Naomh Colmcille agus chun buidéilín den uisce beannaithe, a ndeirtear go bhfuil leigheas inti, a thabhairt abhaile leo.

Leabharlann Dhaonna sa Taobh Thiar

Treasa Bhreathnach

BEIDH leabharlann dhaonna ar siúl i Leabharlann an Taoibh Thiar (Westside) i nGaillimh ina mbeidh daoine in ann daoine ó gach uile ghné den saoil a fháil ar iasacht i gcomhair píosa cainte. In áit babhtáil leabhar beidh babhtáil daoine á déanamh san imeacht neamhghnáthach cruthaitheach seo. Tá sé i gceist ag Seirbhís Leabharlann na Gaillimhe go mbeadh 'leabhair' ar fáil ó réimse leathan steiréitíopaí. Beidh deis labhartha ag daoine le duine ón lucht siúil, duine faoi mhíchumas, tuismitheoir aonair, Moslamach, Gaeilgeoir, bean fhionn agus neart eile agus é mar aidhm ag an oíche dul i ngleic le steiréitíopaí. Is cuid de Sheachtain Leabharlann na hÉireann é an t-imeacht seo a bheidh ar siúl ar an gCéadaoin ón 6 go dtí an 8in. Tá an ócáid á reáchtáil i gcomhar le hAonad um Chuimsiú Sóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá cead isteach saor in aisce do chách.

Éigse an Spidéil

Treasa Bhreathnach

IS ar an Máirt seo chugainn a chuirfear tús le hÉigse an Spidéil na bliana seo eagraithe ag An Gaelacadamh. Gach uile bhliain bíonn Éigse an Spidéil lán le healaín, ceol, damhsa, scléip agus spraoi agus níl sé in aon ní difriúil i mbliana. Tá clár cuimsitheach imeachtaí curtha le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar thallann shaibhir Chonamara le linn Sheachtain na Gaeilge tríd an Éigse. Cuirfear tús leis an scléip agus siamsaíocht uile le taispeántas ealaíne dar teideal 'Seisear' ón ngrúpa 'Ealaíontóirí Chois Fharraige' i gColáiste Chonnacht ag 8in. Ar an gCéadaoin an 16 Márta beidh an Éigse á seoladh go hoifigiúil ag 7.30 in Óstán na Páirce agus óna 8 - 10in beidh deis agaibh 'Ceoltóirí Óga an Ghaelacadaimh ' agus Cór Chois Fharraige a chloisteáil chomh maith le Siamsóirí an Acadaimh. Ar an Déardaoin, díreach roimh Pharáid Lá Fhéile Pádraig, ag meán lae, beidh banna ceoil Scoil Éinne ag casadh ag an 'Grotto' ag Séipéal an Spidéil ag 11.45rn. I ndiaidh na Paráide, ní ansin a stopfaidh an tsiamsaíocht do pháistí mar i leabharlann an Spidéil ag 3in beidh seisiún scéalaíochta agus péinteála ar siúl. Ar a 8in an oíche chéanna ar an Spidéal a bheidh sibh in ann teacht ar fhilí cáiliúla Chonamara. Beidh an tOllamh Gearóid Denvir, údar 'Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhínneadha i láthair don oíche filíochta agus seisiún 'Open Mic' ina mbeidh filí Chonamara ag léamh a gcuid dánta in Óstán na Páirce.

Ar an Déardaoin beidh seans agaibh scoth an damhsa a fheiceáil nuair a chuirfear taispeántas damhsa ar an sean-nós ar siúl. Is iad na damhsóirí ar an sean-nós a bheidh ag glacadh páirte ná, Seosamh Ó Neachtain, Micheál Ó Súilleabháin agus Catherine Ní Shúilleabháin as Rath Chairn. Chomh maith le damhsa ar an sean-nós beidh damhsa Flamenco ó Andalucia le Al-Andar ar siúl mar chuid den taispeántas.

Ar an Satharn beidh máistir-ranganna agus ceardlanna ar siúl in Óstán na Páirce óna 10 - 1in. Cuirfear tús le comórtas cuimhneacháin Pheatsaí Uí Cheannabháin do dhaoine fásta ar a 12 meán lae. Don oíche dheireanach den Éigse beidh an cheolchoirm mhór á reáchtáil ag a 8in in Óstán na Páirce chomh maith, 'Oíche na mBoscadóirí'. Beidh Seán Mac Donncha (Seáinín Phat Mhyle) mar aoí speisialta, Johnny Connolly, Johnny Óg, Colm Gannon, Kevin Coyne agus PJ Hernon i láthair, agus John Blake mar thionlacan do Sheosamh Ó Neachtain a bheidh ag damhsa ar an sean-nós. Mar aon le gach oíche eile den Éigse beidh seisiún ceoil neamhfhoirmeálta in Óstán na Páirce agus Tigh Hughes mar chlabhsúr ar an oíche. Beidh bronnadh gradaim an tsean-nóis i gcuimhne ar Thom Pháidín Tom, le ceoltóirí agus fonnadóirí áitiúla i dTigh Hughes ag 12.30in ar an Domhnach. Beidh cuairteoirí ón mBreatain Bheag sa gceantar agus tabharfaidh siad roinnt cainnteanna ar chúrsaí pleanáil teanga ar an Aoine agus an tSathairn i gColáiste Chonnacht. www.eigseanspideil.ie

Údarás na Gaeltachta

CEARDLANN AN SPIDÉIL

Aonad Ceardaíochta

Tá aonad ceardaíochta 52 méadar cearnach le ligean ar léas i gCeardlann an Spidéil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe. Iarrtar tairiscintí ó dhaoine a bhfuil taithí acu i reáchtáil gnó ceardaíochta. Tabharfar tús áite do thograí a bhfuil taithí ábhartha, d'ardchaighdeán acu san earnáil seo agus a dhéanfadh comhlánú ar dhea-íomhá Cheardlann an Spidéil.

Seoltar iarratais roimh 1 Aibreán 2011 chuig an seoladh thíos:

Aonad Ceardaíochta, Oifig Réigiúnach

Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe. Teil: 091 503100

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007–2013

Siún Nic Gearailt (RTÉ), Uachtarán OÉ Gaillimh, an Dr James J. Browne, ag bronnadh Ghradam AIB sna Dána, sna hEolaíochtaí Sóisialta agus sa Léann Ceilteach ar John Walsh. Bhí an gradaim urraithe ag Pat Piggot, bainisteoir, AIB, agus bhí Maureen Gilvarry, Cathaoirleach an Bhoird Alumni, i láthair freisin. Bronnadh céim BA de chuid Choláiste na hOllscoile Gaillimh (UCG) ar John Walsh in 1968 agus Ard-Diplóma i 1969. Bhí níos lú ná 17,000 mac léinn in Éirinn nuair a chláraigh John le UCG in 1966. Tá beagnach 17,000 mac léinn ag staidéar in OÉ Gaillimh anois.

Mar pháirt de Sheachtain na Gaeilge, tá reizheire (Cumann Briotánach na hÉireann) ag eagrú Oíche Bhriotánach de cheol agus damhsa ar an 15 Márta ag 8in i gClub Árus na nGael, Gaillimh. Beidh trúpa ag casadh i rith na hoíche: ketomtom, MaligLaouen agus Les Ritals, agus beidh Lise Carrel ag cur damhsa Briotánach agus damhsa eile in bhur láthair, agus beidh deis agat chomh maith crepes deasa a bhlaiseadh ar an oíche - ní bheadh Oíche Bhriotánach ceart gan iad a bheith ann! Saorchead isteach. Le tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar Chonradh na Gaeilge: 091 567824.

An Flóta is Fearr i Maigh Eo

Treasa Bhreathnach

I GCONTAE Mhaigh Eo is é teideal an chomórtais 'An Flóta is Fearr' do pharáid Lá Fhéile Pádraig ná 'Gnó on Show'. Is iad Gnó Mhaigh Eo & Midwest Radio i gcomhar le heagraíochtaí an Chumainn Lucht Tráchtála agus Coiste na Féile atá ag iarraidh gnólachtaí a spreagadh d'fhéile na bliana seo. Tá sé i gceist acu tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla chun flótaí cruthaitheacha a chruthú a chabhróidh leis na gnólachtaí iad féin a chur chun cinn. Dar le Tom Canavan, Uachtarán Chumann Lucht Tráchtála Chaisleán an Bharraigh, "Beidh cur chuige gnó na bliana seo mar chabhair do ghnólachtaí páirt a ghlacadh sna paráidí agus le cúnamh agus tacaíocht ó eagraíochtaí, clubanna spóirt agus scoileanna áitiúla ba chóir go mbeadh i bhfad níos mó flótaí ar taispeáint i ngach baile sa chontae i mbliana." Tá duaischiste de €2,500 le buachan ar 'An Flóta is Fearr i Maigh Eo'. Beidh deis ag na bailte seo a leanas a bheith páirteach sa chomórtas: Baile Chathail, Béal an Átha, Béal an Mhuirthead, Caisleán an Bharraigh, Clár Chlainne Mhuiris, Coillte Mach, Béal Átha na Muice agus Cathair na Mart. Beidh béim faoi leith á cur ar an úsáid is cruthaithí den Ghaeilge agus an cur chuige comhpháirtíochta is fearr idir gnólachtaí agus grúpaí pobail áitiúla. Ní hamháin go mbeidh an gradam 'An Flóta is Fearr i Maigh Eo' le buachan ach tá deis ag comhlachtaí agus na grúpaí pacáiste fógraíochta a bhuachan freisin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí dhul i dteagmháil le do Choiste Féile áitiúil nó le eolas@gnomhaigheo.ie nó glaoch ar 098-26555.

Féile Bia SÓ Shligigh

Treasa Bhreathnach

NÍ hé Lá Fhéile Pádraig an t-aon fhéile a bheidh á reáchtáil ar an deireadh seachtaine seo chugainn, mar tá an fhéile SÓ Cultúrtha agus Bia Shligigh ar ais arís den dara bliain as a chéile. Díríonn an fhéile seo ar chultúr liteartha, oidhreachta agus beatha an cheantair agus iad ag reáchtáil imeachtaí éagsúla mar Chraobhchomórtas Stobhaigh an Domhain (World Stew Championships). Is ón gCéadaoin seo chugainn a chuirfear tús leis an fhéile agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an Domhnach an 20 Márta. Beidh taispeántas cócaireachta ar siúl acu, margadh ar fáil do bhialanna, éagsúlacht cheoil ar fud an bhaile, cainteanna chomh maith le siamsaíocht sráide do dhaoine fásta agus páistí. Téigh chuig an suíomh idirlín sosligo.com chun eolas a fháil faoi na himeachtaí uile.

Cuid de na páistí agus daoine fásta a ghlac páirt sa togra Gugalaí Gug. Mar aitheantas ar an oiread cóipeanna atá díolta den dlúthdhiosca Gugalaí Gug, bhronn an IRMA diosca óir ar an albam. Bhí oíche cheiliúrtha, eagraithe ag Futa Fata, ar siúl Dé hAoine seo caite i Seanscoil Sailearna, Indreabhán, áit ar bhronn an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, dioscaí óir ar Chaitlín agus Tom Sailí agus daoine eile nach iad a bhí páirteach sa togra, ina measc na léiritheoirí Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan agus gasúir ón dá scoil a ghlac páirt in Gugalaí Gug!

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Sean-nós Cois Life

Oisín Mac Donncha

BEIDH an fhéile Sean-nós Cois Life ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 31 Márta go dtí an 3 Aibreán. Bunaíodh an fhéile i 1992, chun freastal a dhéanamh ar dhaoine chun amhráin sa stíl dhúchasach a fhoghlaim agus a chasadh, chomh maith le ardán a thabhairt d'amhránaithe nach gcloistear ach go hannamh taobh amuigh dá ndúiche féin.

Freastalaíonn meascán deas daoine idir óg agus shean ar an bhféile, tagann cuid mhaith daoine nua chuig an bhféile gach bliain chomh maith le daoine a bhíonn ann gach bliain. Bíonn meascán d'aíonna ann gach bliain, Lillis Ó Laoire, Sorcha Ní Chéilleachair, Briocán Bairéad, Rónán Ó Riagáin agus Edel McWeeney i measc na n-aíonna i mbliana.

Bronntar Gradam Shean-Nós Life mar chomhartha ómóis agus measa ar amhránaí éigin gach bliain. Píosa dealbhadóireachta ó láimh an ealaíontóra Clíodna Cussen is ea é, ar a bhfuil íomhá ón scéal miotaseolaíochta ina mealltar Bran go dtí an saol eile le hamhrán álainn.

Rólghlacadh ar pholaiteoirí an AE ar bun i mBÁC inniu

Meadhbh Ní Eadhra

INNIU, tá ceannairí an Aontais Eorpaigh ag casadh lena chéile sa Bhruiséil, agus tá Enda Kenny ag glacadh a áite mar Thaoiseach in éineacht leo den chéad uair. Ag an am céanna, tá daltaí meánscoile ó gach cearn den tír seo ag déanamh gníomhaíocht rólghlactha ar pholaiteoirí na hEorpa i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is é seo an cúigiú comhairle shamhailteach den Aontas Eorpach. Tá an díospóireacht le feiceáil beo inniu ar www.euireland.ie/tv ó 10.30rn go 1in, agus ó 2in go 4.30in.

"Is bealach iontach é rólghlacadh dár gcuid daltaí tuiscint níos fearr a fháil ar an gcóras san AE," a deir Barbara Nolan, atá i gceannas ar Ionadaíocht an Choimisiúin in Éirinn. "Anois, níos mó ná riamh, tá sé riachtanach go dtuigfidh daoine óga céard a tharlaíonn sa Bhruiséil agus conas a dhéantar cinntí."

Is daltaí idirbhliana agus cúigiú bliain atá ag glacadh páirte ann agus tagann siad ó 27 scoil éagsúil. Tá roinnt mhaith Gaelscoileanna san áireamh. Tá na daltaí le dul i mbun díospóireachta faoi bhréagthreoir ón AE chun saoire mháithreachais íoctha a mhéadú ó 14 seachtain go 21 seachtain.

Is í Eileen Dunne, craoltóir de chuid RTÉ agus Uachtarán Idirnáisiúnta ar Chumann na n-Iriseoirí Eorpacha, a d'oscail an chomhairle go hoifigiúil ar maidin, agus is é iar-Choimisinéir na hEorpa, David Byrne SC, atá mar Chathaoirleach. Tá ambasadóirí ó bhallstáit na hEorpa in Éirinn i láthair ag an ócáid freisin. Is iad Mary McCaughey agus Harry O'Connor na breithiúna. Roghnófar foireann bhuacach amháin agus tiocfaidh foireann amháin eile sa dara háit. Tabharfar cuireadh do na buaiteoirí páirt a ghlacadh in ócáid Euroscola de chuid Pharlaimint na hEorpa i Strasbourg i mí Mheán Fómhair, agus beidh duais ann don fhoireann sa dara háit freisin.

Neart Dráma ar siúl i nDún Laoghaire

Oisín Mac Donncha

BEIDH Aisteoirí Bulfin ar stáitse sa Pavilion i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath, le dream ó Chúil Aodha ar an 12 Márta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge. Beidh siad ag déanamh léiriú ar na drámaí Na Leabhra, dráma dubhghrinn, nua-scríofa atá ann, suite san am atá le teacht. Tá an tír faoi smacht míleata agus na seanscoláirí ar a seachaint ó na húdaráis. Ní thuigeann siad an t-uafás atá i ndán dóibh, Aisteoirí Bulfin, agus Aiséirí Pheig na Féithe, Aisteoirí Chúil Aodha, ar chostas €11.

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin ag léiriú Oíche Drámaíochta i gcomhar leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

Is ball den Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta iad Aisteoirí Bulfin atá ar an ngrúpa is buaine agus is beoga i mbun na drámaíochta Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Tá na céadta dráma léirithe acu ó bunaíodh iad daichead bliain ó shin.

Aodh Ó Domhnaill atá aitheanta mar scríbhneoir, mar aisteoir agus mar léiritheoir le hAisteoirí Bulfin le fada an lá, a scríobh Na Leabhra. Ba é a chóirigh "Mac a' Stanley", leagan nuachóirithe Gaeilge den "Threepenny Opera" le Brecht/Weil a léiríodh in 2006. Thar na blianta, tá drámaí eile le hAodh léirithe ag Taibhdhearc na Gaillimhe, ag Aisling Ghéar i mBéal

Feiriste, ag RTÉ Raidió 1, agus ag AnnÓg (ógaisteoirí Chorca Dhuibhne).

Tá drámaí á léiriú ag Aisteoirí Chúil Aodha le blianta fada. Léiríonn siad scéaldrámaí, léirithe atá bunaithe ar scéalta béaloideasa óna gceantar féin de ghnáth.

Dianchúrsaí do Bhéaltriail na hArdteistiméireachta 2011 seolta ag Gaelchultúr

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ sé fógartha ag Gaelchultúr, an comhlacht oiliúna Gaeilge, go mbeidh dianchúrsaí ullmhúcháin do bhéaltriail na hArdteistiméireachta á gcur ar fáil arís acu i mí an Mhárta agus mí Aibreáin, i mBaile Átha Cliath agus i gCeatharlach. Tá an comhlacht ag freastal ar éileamh atá ag fás ar chúrsaí don bhéaltriail, scrúdú ar fiú 25% é de na marcanna iomlána don Ghaeilge san Ardteist - céatadán a bheidh ag ardú go 40% ó 2012 ar aghaidh. Tá acmhainní saor in aisce forbartha ag Gaelchultúr chomh maith, agus ar fáil ag www.oralirish.ie.

Beidh deis ag daltaí a bheidh ag freastal ar an dianchúrsa béaltriail bhréige a dhéanamh le linn an chúrsa. Tabharfaidh an scrúdaitheoir aiseolas agus leideanna do na scoláirí maidir leis an tslí ar féidir leo a gcur i láthair, agus a marcanna, a fheabhsú sa scrúdú. Tabharfar rochtain saor in aisce ar sheirbhís tacaíochta ar líne do na daltaí freisin. Ar an suíomh, beidh siad in ann éisteacht le freagraí samplacha, tabhairt faoi cheachtanna idirghníomhacha agus sleachta léitheoireacha a chleachtadh ag a luas féin.

Tá clár raidió dar teideal 'Labhair Leat', ar treoir é do bhéaltriail Ghaeilge na hArdteiste, curtha le chéile ag Gaelchultúr agus le fáil ar shuíomh ríomhfhoghlama an chomhlachta, www.ranganna.com. Tá an clár 24 nóiméad seo saor in aisce agus tá script an chláir agus aistriúchán ar an nGaeilge go léir atá ann curtha ar fáil freisin.

De bhrí go bhfuil líon teoranta áiteanna ar fáil ar an gcúrsa, moltar do dhaltaí áit a chur in áirithe go luath. Is féidir clárú ar líne ag www.oralirish.ie nó trí ghlaoch ar 1890 252 900.

Scéim Chónaithe Ghaeilge an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Claire Fitzpatrick

IS é dáta deiridh d'iarratais le haghaidh Scéim Chónaithe Ghaeilge an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath ná an 29ú Aibreán 2011 ag 5:00 i.n.

Tá an fhoirm le fáil ar líne ag www.ucd.ie/bnag/ga/sceimchonaitheghaeilge. Roghnófar na hiarrathóirí tríd an bhfoirm iarratais, chomh maith le hagallamh. Beidh agallamh na mac léinn Ardteiste/CAO ar siúl i mí an Mheithimh 2011, agus na hagallaimh eile i mí Bealtaine 2011.

Bunaíodh Scéim Chónaithe Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath sa bhliain 2000. Bunaíodh é chun aitheantas a thabhairt don Ghaeilge agus go mbeadh seans ag na mic léinn an Ghaeilge a chur chun cinn.

Tugann an Scéim seo an deis do 24 scoláire teacht chuig an Ollscoil seo agus maireachtáil le mic léinn eile a bhfuil an Ghaeilge acu. Tagann na mic léinn ó chian is ó chóngar, ó Dhún na nGall, go Gaillimh, go Corcaigh.

Maireann an scéim seo ar feadh bliain acadúil amháin, ach más mian leis na mic léinn, is féidir leo cur isteach air an chéad bhliain acadúil eile freisin.

Íocann an scéim seo 40% de chíos na mac léinn agus iad ina gcónaí i dTeach na Gaeilge. Caithfear an Ghaeilge a labhairt i gcónaí ins an teach, agus taobh amuigh den teach.

Tá sé árasán ann ar a dtugtar "Teach na Gaeilge." Is anseo a mhaireann na mic léinn ina ngrúpaí de cheathrar i ngach teach. Dúirt cuid de na mic léinn go raibh imní orthu faoi bheith ag imeacht ón mbaile agus a bheith ina gcónaí in áit eile den chéad uair ach, nuair a shiúil siad isteach sa teach d'imigh an t-amhras sin uathu. Mhothaigh siad go raibh siad ar ais sa mbaile, in áit a raibh gach duine ag labhairt na Gaeilge agus ní raibh imní orthu faoi céard a cheap daoine eile.

Is deis iontach é an scéim seo do na scoláirí, agus dúirt siad go léir nach bhfuil siad in ann an scéim seo a mholadh sách ard. Molann siad d'aon duine atá ag smaoineamh ar dhul chuig an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath, agus fiú amháin dóibh siúd atá ag freastal ar an Ollscoil cheana fhéin, cur isteach ar an scéim seo.

Coinníoll amháin atá ag na mic léinn ins an scéim seo ná go gcaithfidh siad imeacht amháin in aghaidh an tseimeastair a eagrú chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin, caithfidh siad modúl a dhéanamh leis an Ghaeilge. Tugann an modúl seo seans do na mic léinn creidmheasanna ollscoile a bhailiú, chomh maith le ceird nua a fhoghlaim. Bíonn rogha ann idir scileanna cumarsáide raidió agus scileanna cumarsáide imeachta.

Bíonn imeachtaí á reachtáil ag na mic léinn sa bhliain acadúil. D'eagraigh siad Seachtain na Gaeilge san Ollscoil an tseachtain seo caite. Bhí neart ceoil, craice agus cainte Gaeilge ann. Tá Rás UCD 5km á éagrú faoi láthair. Is é an dáta ar a dtitfidh sé sin ná an 16ú Aibreán. Beidh Bál na Gaeilge ar siúl ar an 23ú Márta. Ar an 20ú Aibreán beidh Gradaim Bhord na Gaeilge ar siúl. Is éard is brí leis sin ná duaiseanna a bhronntar orthu siúd a bhí páirteach sa scéim.

Má bhíonn breis eolais uait is féidir dul chuig www.ucd.ie/bnag nó teagmháil a dhéanamh le Clár Ní Bhuachalla, an tOifigeach Gaeilge, ar 01-7167387 nó oifigeach.gaeilge@ucd.ie.

An Ghaeilge i gCeatharlach: Torthaí an taighde seolta!

Meadhbh Ní Eadhra

SEOLADH torthaí an taighde dar teideal "Taithí agus Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge i gCeatharlach 2010" ag ócáid mhór a tionóladh san Ostán *Seven Oaks* le déanaí. Ba í Fionnuala Ní Mhórdha, stiúrthóir an tsuirbhé, a chuir na torthaí i láthair an tslua agus ba í Eimear Ní Bhraonáin, iriseoir agus díograiseoir i leith na teanga, a sheol leabhrán na dtorthaí. I láthair freisin bhí Éamon Ó hArgáin thar cheann Foras na Gaeilge a rinne an suirbhé a mhaoiniú agus Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí Ghlór na nGael chomh maith leis an Teachta Dála nuathofa áitiúil, Pádraig Ó Díring.

Rinneadh cinneadh an bhliain seo caite gur cheart go ndéanfaí a leithéid de shuirbhé ar phobal Cheatharlach agus, i gcomhar le Glór Cheatharlach, tharla an tionscadal seo i samhradh na bliana 2010. Ghlac trí chéad duine páirt sa suirbhé. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal eolas suas chun dáta a chruinniú maidir le taithí agus dearcadh na ndaoine i leith Theanga na Gaeilge i mBaile Cheatharlach. Rinneadh cinneadh gurb é an bealach ab fhearr a d'oirfeadh don suirbhé seo ná go gcuirfí ceistneoir ar fáil chun an t-eolas cuí a bhailiú. I gcomhairle le hionadaithe ó Ghlór Cheatharlach, rinneadh ceistneoir a dhearadh, chomh maith le staidéar triallach sular thosaigh an suirbhé críochnaitheach.

Is féidir a rá go dtugann torthaí an taighde léargas an-dearfach ar staid na Gaeilge i gCeatharlach i láthair na huaire agus bainfear leas as na torthaí chun freastal níos fearr fós a dhéanamh ar mhianta an phobail i leith na teanga agus an chultúir. Cuirfidh an t-eolas a cruinníodh, faisnéis úsáideach ar fáil faoin meon i dtaca leis an nGaeilge agus faoi úsáid na teanga. Cuirfidh sé ar chumas phobal na Gaeilge measúnú a dhéanamh faoin tsuim atá sa teanga, agus an pobal a chur san airdeall maidir le mórcheisteanna a bheadh ag daoine i leith na teanga agus conas mar a chuirtear chun cinn í. Cuirfidh sé ar a chumas chomh maith, clár gníomhaíochtaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don dúiche seo agus é a dhíriú ar na gnéithe sin den teanga a bhfuil suim ag daoine iontu.

Tá stádas ard deimhneach ar an iomlán ag baint le teanga na Gaeilge i gCeatharlach. Tá cuma fholláin uirthi agus líon mór daoine á labhairt. I measc na moltaí a léiríonn torthaí an taighde is léir go mbeidh ról lárnach leanúnach ag Glór Cheatharlach a bunaíodh sa bhliain 2008 maidir le tógáil a dhéanamh ar an mbunchloch seo agus i dtaca leis an líon daoine a labhraíonn an teanga a mhéadú. D'éirigh thar barr leis an eagraíocht seo taobh istigh d'achar gearr ama. Bíonn freastal chomh mór sin ar na Campaí Samhraidh go mbíonn liostaí feithimh ann gach uile bhliain chun áiteanna a fháil orthu. Tá fás tagtha faoin méid cúrsaí a chuireann Glór Cheatharlach ar fáil, agus faoi líon na ndaoine a bhíonn ag freastal orthu. Cuireann an rath agus an fhorbairt leanúnach atá faoin nGaelscoil agus faoin nGaelcholáiste go mór leis an nGaeilge bheith mar theanga bheo bhríomhar i gCeatharlach.

Mar sin féin, dar leis an taighde, is gá féachaint chuige go mbeidh go leor deiseanna ann le gur féidir le daoine leanúint leo ag labhairt na Gaeilge tar éis dóibh na cúrsaí sin a thabhairt chun críche. Is gá an úsáid a bhaintear as an teanga i suímh shóisialta agus fhóillíochta a spreagadh. Tá gá ann chomh maith maidir leis an mbearna atá ann idir inniúlacht agus úsáid a líonadh, ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh.

Táthar á mhaíomh, dá bhféadfaí Ionad Cultúrtha a chur ar bun i gCeatharlach líonfaí an bhearna seo, agus thaobhódh formhór mór daoine leis. Tá cóipeanna crua de thorthaí an taighde dátheangaigh ar fáil saor ó Ghlór Cheatharlach nó le híoslódáil ón suíomh gréasáin www.glorcheatharlach.ie. Is é Cathal Ó Catháin a chuir an leagan Gaeilge ar fáil.

Maidir leis an gceist sa cheistneoir faoi chumas sa teanga is iad na freagróirí féin a rinne meastachán ar an gcumas Gaeilge a bhí acu. Tugadh cúig rogha do na rannpháirtithe chun an cumas a mheas. Dúirt 9.4% de na daoine ar cuireadh agallamh orthu nach raibh Gaeilge ar bith acu. Istigh ar an bhfigiúr seo tá 3.8% de dhaoine a d'fhás aníos taobh amuigh de thír na hÉireann, agus nach raibh deis acu aithne a chur ar an teanga. Den 90.6% d'fhreagróirí a dúirt go raibh Gaeilge acu, dúirt tuairim is 50% go raibh ábaltacht acu sa teanga agus 40.7% a dúirt go raibh cúpla focal acu, ar a laghad.

An Cumann Drámaíochta, an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, a ghnóthaigh dhá ghradam ag Féile Drámaíochta na gColáistí Tríú Leibhéal i nGaillimh ag an deireadh seachtaine seo caite leis an dráma nua "Faosbook - Scéal Grá" le hEoin Ó Murchadha. Bronnadh Gradam Aisteoireachta ar Mhaitiú Ó Bruadair agus Gradam Léirithe ar Shiobhán Nic Fhlannchadha agus Eoin Ó Murchadha. Ar cúl (ó chlé): Cathal Mac Daibhéid, Eoin Ó Murchadha agus Siobhán Nic Fhlannchadha. Chun tosaigh: Maeve Delargy, Maitiú Ó Bruadair, Aoife Ní Fhógartaigh agus Philip Dempsey.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Tá an Inid gafa tharainn

TÁ an Inid gafa tharainn agus an Carghas againn le dhá lá. N'fheadar an mó duine ar d'aithne a éiríonn as nithe mar mhílseáin, tobac, nó ól dí, mar shampla. Bhí uair ann agus ní bhíodh aon rince ceadaithe i rith an Charghais agus ní phósadh aon duine le linn an Charghais. Sin é an fáth go mbíodh an oiread san póstaí ann Máirt Inide.

Sa chás go mbeadh duine réidh le pósadh, ach gan aon pháirtí cinnte sa bhféachaint, dheintí liostaí aitiúla i bhfoirm dáin dos na daoine seo. Thugtaí Liostaí na Sceilge orthu, sin Sceilg Mhichíl. Deirtí go mbeadh orthu 'dul 'on Sceilg' má bhí uathu pósadh tar éis Máirt Inide mar ná raibh na manaigh a chónaigh ar an Sceilg sásta glacadh leis an bhféilire nua Iúlian nó ná raibh an scéala fén bhféilire nua tagtha chomh fada leo san am. Gan amhras bhí feachtas i scata áiteanna nuair a tharla an t-athrú ar dhátaí. An mana ba choitianta ná, 'tabhair ár n-aon lá dhéag ar ais dúinn'. Bhí aon lá dhéag idir féilire Iúlian agus féilire Ghréagóra.

I gcás na liostaí a bhí an-choitianta go dtí le deireanas is minic go mbíodh magadh i gceist agus níos mó na san ar uairibh. Mar sin is beag duine a bheadh sásta a admháil go raibh baint acu féin leis na liostaí.

Dar le Mícheál Mac Gearailt ó Bhaile an Rannaigh atá ag tarrac ar an dó agus cheithre fichid de bhlianta, gur tháinig deireadh leis na liostaí mar ná raibh mórán ag pósadh ar Mháirt Inide. 'Dá mbeadh liosta uait anois is liosta des na póstaí atá teipithe a bheadh i gceist, ach bheadh san ró-thromchúiseach is dócha,' ar sé. Dar le Mícheál bhíodh na liostaí an-mhaith, lán de ghreann go minic ach i gcásanna áirithe théití ró-fhada leis an magadh agus leis an bhfonóid. Dá bharr san is annamh a bheadh ainm aon duine fé leith luaite le cumadh aon cheann des na liostaí cé go raibh daoine éagsúla luaite leis an obair.

Ceol Gaelach ar a bhlas i Millhouse Measures

Seán Ó Loingsigh

BÍONN an baol ann i gcónaí nuair a dhéantar taifeadadh beo i dtigh tábhairne go dteipfidh ar ghné éigin den gcur i láthair a bheidh le cloisint go deo ar an gceirnín.

Ní hamhlaidh atá ar dhlúthcheirnín nua leis an *Raw Bar Collective* a taifeadadh dhá mhí ó shin i dtábhairne an Millhouse i Sráid an Mhuilinn, Co. Phort Láirge.

Tá an fliúiteadóir Conal Ó Gráda ó Chúil Aodha, an boscadóir Benny McCarthy as Duibhlios i bPort Láirge agus an veidhleadóir Dave Sheridan as Ceatharlach agus Uíbh Fháilí ó dhúchas ag seinnt le chéile ag gigeanna éagsúla le tamall anuas. Ní grúpa foirmiúil iad an triúr ach ceoltóirí oilte go n-oireann saoirse a gceoil dá chéile.

Tá beirt aoi aitheanta ar an albam chomh maith - an sár-amhránaí óg Nell Ní Chróinín ó Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh a rinne gaisce ag an Oireachtas anuraidh agus an seinnteoir cáiliúil bodhráin Colm Murphy ó chathair Chorcaí - a chuireann leis an gcoincheap de cheol nach bhfuil loitithe le léiriú iomarcach.

Gné shuntasach atá tagtha chun cinn sa dhlúthcheirnín seo ná an chumadóireacht cheoil atá ann le Conal Ó Gráda. Is dhá ríl nuachumtha dá chuid atá ar an gcéad traic - *Tivoli Capers agus Daorla* ('there look'!) - tagairtí ansan do nósanna agus leagain chainte cheantar chathair Chorcaí mar ar tógadh Conal le ceol.

Mar is fíor do mhórchuid port sa cheol Gaelach tá scéalta ag baint leo agus nuair a seoladh an dlúthcheirnín seo ag ceolchoirm iontach san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne, thug Conal an cúlra laistiar dá chornphíopa nua *All Wine and No Milk*. A chara ceolmhar Geraldine Cotter ón gClár a bhí i gceist, agus í teanntaithe sa bhaile de bharr shneachta na Nollag seo caite.

Tá spraíúlacht, struchtúr agus leithleachas i bpoirt nuachumtha Uí Ghráda a luíonn leis an gceol traidisiúnta.

Ní hé seo an chéad uair do fhliúiteadóir Chnoc Buí Chúil Aodha a bheith ar albam le boscadóir agus veidhleadóir - rinne sé cúpla traic cáiliúil le Jackie Daly agus Kevin Burke ar cheirnín an *Eavesdropper* nuair a bhí sé ina dhéagóir breis is 30 bliain ó shin. Tá polca leis an nDálach ar Millhouse Measures, ceann dar teideal *Joe Burke's Polka* a chum fear an chairdín ó Shliabh Luachra chun bob a bhualadh ar bhoscadóir na ríleanna as Baile Locha Riach.

Seineann Benny McCarthy agus Dave Sheridan leagan álainn *de Napoleon Crossing the Alps* ar cheann des na traiceanna, agus léiríonn na máirseálacha leis an gcnuas-theideal *A Magnum of Majestic Marches* go bhfuil greann, draíocht agus ardthuiscint cheoil ag an dtriúr.

Canann Nell Ní Chróinín dhá amhrán ina haonar, ceann acu *Na Tailliúirí* a chum Dónal Ó Mulláin ón Screathan i gCúil Aodha, agus cuireann seinnt bhodhrán Colm Murphy le spiorad an cheoil rince ar an albam.

Tá Benny McCarthy ar thuras ceoil i Meiriceá lena ghrúpa rialta Danú faoi láthair, agus nuair a fhillfidh sé beidh cúpla ceolchoirm ar bun ag an *Raw Bar Collective* ag Féile Willie Fennell i gCeapach Choinn Phort Láirge ar an 25 Márta agus in óstán an Seven Oaks i gCeatharlach an oíche dár gcionn. Is féidir breis eolais d'fháil ar a suíomh www.rawbarcollective.com.

Oifigeach Forbartha agus Margaíochta Gael-Taca, Áine Ní Shléibhín, ag tabhairt eolais don chéad chustaiméir, Kim Morris as Sasana, ar lá oscailte ionad nua Gael-Taca i gcathair Chorcaí. (PIC: Ó LOINGSIGH)

Slua Mór sa Daingean do chaint Mhíchíl Uí Muircheartaigh

BHÍ slua mór i láthair in Óstán Benners sa Daingean an tseachtain seo caite nuair a labhair an craoltóir agus an phearsa aitheanta Mícheál Ó Muircheartaigh fé chúrsaí na Gaolainne. Mhól Mícheál an obair atá ar bun ag 'Corca Dhuibhne ag Caint', le Gaolainn a neartú sa cheantar. Dream iad seo le hionadaíocht ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Údarás na Gaeltachta agus an pobal gnó sa Daingean.

Dar le Mícheál go bhfuil tábhacht mhór leis an nGaolainn mar uirlis turasóireachta. "Tá," ar sé, "bua ag an gceantar mar go bhfuil sé éagsúil de bharr go bhfuil Gaolainn á labhairt ann mar chéad theanga."

"Bhí uair ann agus bheifeá ag féachaint thar do ghuala aon uair a bheifeá ag caint Ghaeilge," ar sé, ach tá san athraithe ar fad, dar leis.

Measann Mícheál ná fuil aon teora leis na háiteanna go bhfaighfeá Gaolainn anois. Le déanaí bhí sé ag siúl síos Sráid Grafton i mBaile Átha Cliath agus bhuail triúr éagsúil leis a labhair leis i nGaeilge. Tamall beag ó shoin agus é in Kuala Lumpur, duine des na chéad daoine a chas air ná fear go raibh Gaeilge bhlasta aige. Mhol sé bainisteoir an óstáin, Muireann Nic Ghiolla Rua, as a díograis don dteanga, ach ná raibh aon mhórionadh air, mar gur sárdhaoine a muintir i mBaile Átha Cliath a bhíonn coitianta ag saothrú ar son leas na teangan.

Labhair sé fés na trí shuaitheantas atá ag 'Corca Dhuibhne ag Caint' le go n-aithneodh an duine gnó nó an custaméir go bhfuil Gaolainn ag an nduine eile. Na trí cinn ná, Cúpla Focal, Ag Foghlaim agus Seo Leat. Mheas Mícheál gur dócha go mb'fhearr ceann amháin ná beadh chomh mór, ach ná raibh ansan ach tuairim. Dúirt Máire Uí Shíthigh, stiúrthóir na hOidhreachta, gur bhunaíodar coiste le dul i mbun stocaireachta le roinnt airgid a chnósach agus lucht gnó a mhealladh ar bord, le cur leis an obair. Is bean Dhanmhargach agus bean ó Ghalicia na Spáinne atá líofa i nGaolainn is mó a dhein stocaireacht. Deich euro an táille ar dhuine aonair le bheith 'na chara leis an eagraíocht, fiche euro do chara gnó agus 100 euro do chara corparáideach. Is institiúidí mar Chomhairlí Contae, Ollscoileanna agus forais eile oideachais tríú leibhéal a bheadh i gceist i gcás cara corparáideach. Mhol Máire bua na cumarsáide geanúla atá ag Ó Muircheartaigh agus an mór-mheas atá air ag cách.

Caid i bhFionn Trá

BHÍ Deireadh Seachtaine Caide Pháidí Uí Shé a bhí ar siúl an deireadh seachtaine seo caite ón Aoine go dtí tráthnóna Dé Domhnaigh i gCorca Dhuibhne. Mar chuid den bhféile bhí taispeántas pictiúirí leis an ngrianghrafadóir Eric Luke. Bhí an taispeántas fé choimirce an Irish Times. Is é Darragh Ó Sé, colúnaí caide de chuid an Irish Times, a sheol an taispeántas. Dúirt Darragh go raibh na pictiúirí go hálainn agus gur oireadar don ócáid agus don gceantar. Mhól sé Eric Luke, fear a dúirt sé go bhfuil aithne sa bhaile agus i gcéin air mar mháistir ar a cheird.

Bhí ocht bhfoireann caide fear, agus ocht bhfoireann caide ban, ar an láthair don ndeireadh seachtaine agus bhain a raibh ag freastal anashásamh as an gcaighdeán caide. Bhí mí-thuiscint ann, nó seans, rud éigin eile óna gcloisim, mar go raibh ar na foirne a bhí le himirt i bPáirc Uí Chinnéide in Abhainn an Scáil dul go Páirc na Mistéalach i dTrá Lí, mar go raibh cluiche eile réitithe don bpáirc ag Bord CLG Chiarraí Thiar. Bhí, dúradh linn, an pháirc curtha in áirithe i bhfad chun cinn ar an mbeartas cluiche eile a reachtáil ann san am céanna go raibh dhá fhoireann a bhí páirteach sa chomórtas ag imirt ann. Ach ní bhain san den bhfuadar pé acu i gcás na bhfear ná na mban. Is iad buachaillí an Daingin a thug an lá leo sa chraobhchluiche tráthnóna Dé Domhnaigh ar Pháirc na Gaeltachta i nGallarus nuair a bhuadar ar fhoireann Kickhams

Máire Ní Dhúinín agus Eoin Ó Fearghaíl ó Ghaeilgeoirí Cois-Laoi. Is bean óg i Máire ó Reinaree agus roghnaíodh í mar Bhanríon Macra i Réigiúin Seandún le déanaí. Beidh sí san iomaíocht sa Chomórtas Uile-Éireann i dTiobraid Árainn i Mi Lúnasa. Tá Eoin Ó Fearghaíl ó Specsavers ag tairiscint Scrúdú Súl saor in aisce nó 10% ó chostas na spéaclaí, ach do choinne a dhéanamh as Ghaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge!

Chuaille, Contae Lú, sa bhabhta ceannais, 2-10 le 1-8. Bhuadar sa chluiche leathcheannais ar an nGaeltacht le dhá phointe. Is iad na foirne eile a ghlac páirt sa chomórtas ná Oilibhéar Pluincéid ó Chontae Lú, foirne Naomh Áine agus Naomh Máiréad ó Bhaile Átha Cliath, foireann ó Fulham Shasana agus Cill Choirín/Cluain Bheirn ón nGaillimh. I gcomórtas na mban, bhí foireann Pháirc an Uisce ó Chontae Laoise, Cill Choirín/Cluain Bheirn na Gaillimhe, Naomh Pól, Aontroim, Fulham agus Hollaway ó Londain Shasana, na Pairnéiligh ó Chontae Lú, na Pairnéiligh ó Bhaile Átha Cliath, agus Mistéalaigh Thrá Lí. Imríodh an craobhchluiche i bPairc de Baróid i Lios Póil ar an nDomhnach agus thug Cill Choirín/Cluain Beirn an lá leo le 5-10 le 3-5. Ar an Satharn i bpáirc rugair na Gaeltachta bhí taispeántas de Chaid Mheiriceánach idir foireann Vikings Luimnigh agus Aimirléirigh Chorcaí.

Bhí Páidí Ó Sé ana-shásta leis an ndeireadh seachtaine, go mór mór an aimsir. Ghabh sé buíochas leis na foirne go léir a ghlac páirt, go mór mór iad siúd a tháinig aistear fada agus a lucht tacaíochta. "Táim ana-shásta leis go raibh na céadta daoine sa cheantar, seo taobh eile de shaol na turasóireachta," arsa Páidí, "mar gur deacair daoine a mhealladh an t-am seo bliana, fiú go Corca Dhuibhne," ar sé..

Cá raibh Raidió na Gaeltachta?

BHÍ daoine ón gceantar an-bhailithe an deireadh seachtaine seo do Raidió na Gaeltachta. Ní raibh aon bhall foirne ón Raidió ag freastal ar Dheireadh Seachtaine Caide Pháidí Uí Shé, ná ar chraobh caide Choláistí na Mumhan i gCill Airne. Corn Uí Mhuirí an péarla a bhí sa chlibirt idir Coláiste Chríost Rí Chathair Chorcaí agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne. Bhuaigh Críost Rí, 1-12 le 1-7. Bhí míádh ar an bPobalscoil mar gur cuireadh Pádraig 'Óg' Ó Sé den bpáirc sa chéad nóiméad nuair a bhuail sé pléasc ar thosach ó fhoireann Chríost Rí a bhí ag déanamh ar an mbáire. Dar leo siúd go labhras leo níor chalaois mhailíseach í agus ba thrua gur chaill an Pobalscoil duine des na himreoirí ab fhearr a bhí acu sa chéad nóiméad den gcluiche. Tamall ina dhiaidh sin chailleadar ardimreoir eile, Colm Ó Gealbháin ó Lios Póil, de thairbhe gortaithe.

Ní raibh scoil ón gceantar sa chraobhchluiche seo ó 1936 nuair a bhí foireann ón Mainistir Thuaidh á fhéachaint le foireann ó Scoil na mBráthar sa Daingean. Bhí Seán Ó Loinsigh, an t-iarThaoiseach, ag imirt don Mhainistir Thuaidh agus Páidí 'Bán' Ó Brosnacháin ag imirt d'fhoireann an Daingin.

Tá sólás áirithe ag foireann na Pobalscoile an lae inniu, mar go bhfuil siad go léir an-óg agus an-mhaith. San idirlinn comhghairdeachas le buachaillí Chorcaí, gurb é seo a gcúigiú craobh déag.

Comhairleoirí de dhíth

FAID is atá an triúr comhairleoirí contae a bhí, anois ina dTeachtaí Dála i nDáilcheantar Chiarraí Theas, tá súil anairde ag daoine éagsúla féachaint cé hiad a roghnófar in ionad na dteachtaí nua ansúd. Meastar gur gaol do Bhreandán Ó Grífín FG, a ainmneofar. Níl aon fhocal dearfach fós fé ionadaí Tom Fleming agus an dála céanna i gcás Michael Healy-Rae. Ach tá sé ráite go neamhoifigiúil go bhféadfadh Jackie Healy-Rae a bheith ar ais ar an gComhairle Contae. Beidh Jackie cheithre fichid bliain an mhí seo. An ina thosach atátar !

Dámhscoil Mhúscraí ag glaoch ar fhilí

Seán Ó Loingsigh

REACHTÁLFAR Dámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn in Óstán Ghobnatan Bhaile Bhúirne anocht Dé hAoine, an 87ú cúirt filíochta ó cuireadh ar bun í in 1925.

Tá cuireadh chuig filí eisithe le tamall ag Uachtarán na Dáimhe, an Monsíneoir Pádraig Ó Fiannachta, an Daingean.

"Na filí amháin a chuirfidh an ghruaim ar fán le gáirí is a chuirfidh an misneach ag coipeadh in áit imní," a deir an Fiannachtach ina chuireadh fileata.

Beidh ar na filí, más mian leo, an cuireadh a fhreagairt mar is gnách agus tá ceist mar is iondúil ag Cléireach na Dáimhe, Peadar Ó Liatháin, Cúil Aodha.

Ábhar macnaimh don gComhrialtas nua atá ag an gCléireach agus ár dTaoiseach le haghaidh a thabhairt ar ár máistirí san AE.

"An mallacht é nó eascaine nó saint lucht bainc is rachmais a d'fhág sinn i ngeimheall ag mangairí nó ag bacachas sa Bhruiséil," a deir Peadar Ó Liatháin i gceann dá véarsaí.

Bíonn freagraí ar an gceist ag na filí agus tugtar cuireadh chun boird chomh maith dóibh siúd go bhfuil dánta cumtha acu ar ábhair dá rogha féin. Suite ag an mbord in éineacht leis an gCléireach agus leis an Uachtarán gach aon bhliain, bíonn Leas-Uachtarán na Dáimhe, Betsy Ní Shuibhne. Ba é athair Betsy, 'an Suibhneach Meann' Pádraig Mac Suibhne a bhunaigh Dámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn in 1925 i dteannta Ghael na nGael Pádraig Ó Cruadhlaoich agus a gcomhleacaí fileata Dónal Ó Ceocháin.

Ba i Scoil Náisiúnta Bhaile Bhúirne a reachtáil an triúr an chéad Dámhscoil, gan ann ach iad féin ag an gcruinniú úd a d'athbheochain traidisiún filíochta a théann siar i bhfad i gceantar Bhaile Bhúirne.

Bíonn filí léannta na Dáimhe fós ag aithris véarsaí leis an bhfile cáiliúil ó Shliabh Luachra, Aodhgán Ó Rathaille, a chum sé ar an dtoirt cosúil leis na hóstóirí i dTigh na Cille de chuid threibh Uí Iarfhlaithe cois Reilig Ghobnatan i mBaile Bhúirne ag cúirt filíochta a reachtáladh ansan in 1710.

Reachtáladh Dámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn i gCúil Aodha sa chuid ba mhó i rith na haoise seo caite agus ba ansan a cuireadh an Poc ar Buile i láthair, amhrán iomráiteach a chum an file áitiúil Dónal Ó Mulláin, chomh maith le 'An Peidhleacán' d'ard cháil a bhí cumtha ag an Suibhneach Meann.

Bíonn amhráin nuachumtha le cloisint ag Dámhscoil an lae inniu chomh maith agus is cleachtadh maith é dos na cumadóirí chun iad d'aithris níos déanaí sa bhliain ag Oireachtas na Samhna.

"Ardán é d'fhilí agus do bhaird a gcuid filíochta agus amhrán a chur os comhair an phobail agus misneach a thabhairt dóibh leanúint leo ag scríobh agus feabhas a chur ar a gcuid oibre," a dúirt Leas-Uachtarán na Dáimhe, Betsy Ní Shuibhne.

Cuirfear tús le Dámhscoil Mhúscraí ar a 7.00 a chlog anocht in Óstán Ghobnatan Bhaile Bhúirne.

Amhránaithe ón Rinn agus Cúil Aodha chun bualadh i gceolchoirm Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

REACHTÁLFAIDH Iontaobhas Fodhla ceolchoirm speisialta in óstán an Rochestown Park i gcathair Chorcaí ar oíche Lá Fhéile Pádraig an tseachtain seo chugainn chun airgead a bhailiu d'imeachtaí an Iontaobhais.

'Ón Rinn go Cúil Aodha' atá mar théama ar an gceolchoirm agus beidh Cór Fear na Rinne ag glacadh páirte chomh maith leis an dá chór as Cúil Aodha - cinn na mban agus na bhfear - faoi stiúir an cheoltóra Peadar Ó Riada.

Beidh an t-albam Laoi na Laoithe leis an Riadach agus Cór Ban Chúil Aodha á seoladh go hoifigiúil ag an bhfile Liam Ó Muirthile i rith na ceolchoirme.

Táthar ag súil go mór leis an méid a bheidh le rá ag file iomráiteach Chorcaí faoin laoi eipiciúil grá a d'aistrigh an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta don mBíobla Naofa.

Beidh amhránaithe aonair ón dá Ghaeltacht ar stáitse chomh maith, iarbhall Danu Ciarán Ó Gealbháin san áireamh chomh maith le baill de mhuintir Uí Chróinín agus Uí Shúilleabháin ó Ghaeltacht Mhúscraí. Agus leanfaidh an boscadóir Jackie Daly agus an veidhleadóir Matt Cranitch lena dturas timpeall na tíre agus an domhain, iad beirt le bheith ann chun ceol óna n-albam nua The Living Stream a chur i láthair.

€15 an ceann atá ar na ticéid agus tá margadh ar leith maidir le lóistín - €40 do leaba agus bricfeasta - ar fáil in óstán an Rochestown Park don oíche. Is é an t-iriseoir agus láithreoir TG4 Páidí Ó Lionáird a bheidh mar fhear an tí agus tá seisiún ceoil beartaithe i gceann de bheáir an óstáin tar éis na ceolchoirme.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

'Mac Rí Éireann' le seoladh sa Chultúrlann amárach

Meadhbh Ní Eadhra

BÉAL FEIRSTE : Tá Mac Rí Éireann, leabhar le Caitríona Hasting agus Andrew Whiton, a d'fhoilsigh An tSnáthaid Mhór, ainmnithe ar ghearrliosta na bliana seo do dhuaiseanna Bisto do Leabhar na Bliana do Pháistí, na duaiseanna is mó do leabhair pháistí in Éirinn. Seolfar an leabhar sa Chultúrlann amárach ar 1 a chlog.

Déanann duaiseanna Bisto ceiliúradh ar fheabhas na scríbhneoireachta agus na léaráidí do pháistí agus tá siad oscailte do leabhair Bhéarla agus do leabhair Ghaeilge atá scríofa agus/nó maisithe ag údair agus maisitheoirí leabhar a rugadh nó atá ina gcónaí in Éirinn agus a foilsíodh idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig.

Sa leabhar, agus é amuigh ag seilg, feiceann Rí na hÉireann eala ag iarraidh éinín dá hál a ruaigeadh. Cuireann seo mearbhall ar an Rí agus téann sé i gcomhairle lena dhraoi a mhíníonn dó gur de réir dhlí an nádúir, cuirfidh aon ainmhí beo an ruaig ar an tríú duine déag dá shliocht. Níl an Rí féin saor ó dhlí seo an nádúir agus is le croí briste a ruaigeann sé an mac is sine aige, a imíonn leis isteach sa Domhan Thoir agus é faoi bhréagriocht tréadaí. Gan mórán moille, beidh ar an phrionsa cath a chur ar fhathaigh fhíochmhara, ar laochra móra agus ar ollphéist farraige chun Banphrionsa an Domhain Thoir a shábháil agus a thabhairt chuige féin mar chéile.

Fógrófar buaiteoirí an chomórtais seo ag ócáid i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Dé Luain 16 Bealtaine 2011.

Deireadh seachtaine Gaelach in Ard Mhacha

Meadhbh Ní Eadhra

CUIREADH tús bríomhar le Seachtain na Gaeilge in Ard Mhacha thar an deireadh seachtaine, le dhá mhór-imeacht leis an Ghaeilge a chur i lár an aonaigh in Ard Mhacha. D'éirigh go hiontach le sraith dianchúrsaí Gaeilge a bhí ar siúl ar an Satharn le freastal ar an éileamh ar an teanga atá ag fás léi i gcónaí in Ard Mhacha.

Bhí 36 dalta san iomlán sna ranganna a reáchtáladh do gach leibhéal foghlaimeora, idir bhunrang, rang idirmheánach agus ardrang. Bhain gach duine sult agus tairbhe as na ranganna a bhí ar siúl sa Cheannáras ag an Pháirc Lúthchleasaíochta in Ard Mhacha agus ag club CLG na bPiarsach Óg. Ba mhian le CAIRDE Teo agus Coiste Cultúir Bhord Contae Ard Mhacha buíochas a ghabháil leis an triúr múinteoirí áitiúla a chothaigh agus a spreag suim na ndaltaí ar an lá, agus ba iad sin ná Caitríona Ní Aodha, Áinín Ní Eachaidh agus Mícheál Ó Beagáin.

Beidh an dá eagraíocht ag socrú níos mó cúrsaí mar seo amach anseo agus má tá spéis ag duine ar bith níos mó Gaeilge a fhoghlaim, téigh i dteagmháil le Seán ag Cairde in Ard Mhacha le bheith ar an liosta seachadta faoi choinne imeachtaí Gaeilge in Ard Mhacha. Ar an Domhnach, imríodh cluiche speisialta fíorstairiúil peile ar an Eaglais i gcontae Thír Eoghain.

Tháinig Gaeilgeoirí ó chontae Ard Mhacha agus ó chontae Thír Eoghain le chéile le cor nua a chur sa choimhlint sheanbhunaithe. Bhí an cluiche iontach taitneamhach agus spórtúil agus bhí Tír Eoghain cúpla scór chun tosaigh ag an deireadh ach ag deireadh an lae níl aon amhras ann ach go raibh an lámh in uachtar ag an Ghaeilge.

Ba mhaith le Cairde agus Coiste Cultúir Ard Mhacha cluichí eile a shocrú do na cóid eile CLG as seo amach agus más mian leat bheith páirteach, téigh i dteagmháil le Seán Ó Maoilsté ar 028 3751 5229 nó ag sean@cairdeteo.com nó bí leo ar facebook ag cairdeteo.

Caoimhín Mac Brádaigh á chomóradh sna Rosaibh

Danny Brown

BEIDH comóradh i nGaeltacht Dhún na Gall Dé Domhnaigh ar fhear óg a maraíodh i gceann de na hionsaithe is clúití i stair na dtríoblóidí sna Sé Chontae.

Cailleadh Caoimhín Mac Brádaigh nuair a d'ionsaigh an dílseoir Michael Stone tórramh an triúir ball den IRA a mharaigh an SAS i nGibráltar i mí an Mhárta 1988.

Maraíodh Mac Brádaigh agus beirt eile in ionsaí marfach Stone inar úsáideadh gunna agus granáidí.

B'as Doire na Máinséar do mhathair Mhic Bhrádaigh agus tógadh é i mBéal Feirste ach chaith sé féin agus an chlann uilig cuid mhaith ama sna Rosa.

Bhog sé le cónaí ansin go mall sna seachtóidí agus d'eagraigh sé cuid mhór mórshiúlta sa cheantar le tacaíocht a thabhairt do na stailceoirí ocrais in 1981. Rinne sé cúrsa FÁS i nGaoth Dobhair nuair a bhí sé ina chónaí ansin fosta.

Baileoidh an scaifte ag Teach Phaidí Óig i gCroichlí ag 2.30in agus siúlfaidh siad chuig an leacht chuimhneacháin ag Tábhairne Leo i Mín na Leice, áit a gcluinfidh siad óráidí ó Shéanna Breathnach agus Piaras Ó Dochartaigh TD.

Daltaí uaidh Choláiste an Chroí Ro-Naofa, An Ómaigh ag caint le Leonne Ní Loinsigh ón ghrúpa pobail An Carn, Co Dhoire ag Lá Eolais, Gairmeacha le Gaeilge An Ómaigh in Ionad Ealaíon Strule an tseachtain seo caite

Feachtas Bus Choláiste Feirste

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ feachtas tosaithe ag Coláiste Feirste, iarbhunscoil lán-Ghaeilge i mBéal Feirste, mar gheall nach bhfuil seirbhís bhus ar fáil dá gcuid daltaí. Tá an scoil ag tógáil cás cúirte in aghaidh na Roinne Oideachais mar gheall air seo, agus beidh costas £30,000 ar an chás.

Caithfidh an scoil £5,000 a íoc sula i bhfad, agus mar sin de beidh sraith imeachtaí acu le hairgead a bhailiú. Mar chuid den fheachtas seo beidh oíche cheoil ar siúl ar an gCéadaoin 16 Márta i gClubtheach CLG Uí Dhomhnaill, Bóthar na Carraige Báine (in aice le Coláiste Feirste).

múinteoirí as Coláiste Feirste agus as bunscoileanna eile i mBéal Feirste i láthair, agus beidh lá saor ann an lá dár gcionn, Lá Fhéile Pádraig. Tosóidh an oíche ar 8.30in agus beidh ceoltóirí traidisiúnta, amhránaithe, céilí beag, b'fhéidir Cór Loch Laoi agus ceoltóirí eile ann, agus ansin dioscó le Séamas Óg Ó Néill. Ba mhaith leis an scoil an físeán "Méanscoil Feirste Abú 1995" a thaispeáint agus físeán úr "Coláiste Feirste Abú 2011" le comparáid a dhéanamh fosta.

Eocairist i nGaeilge i Séipéal Naomh Seoirse

Meadhbh Ní Eadhra

BÉAL FEIRSTE : Beidh an Canónach Gary Hastings i mbun Cheiliúradh na hEocairiste trí Ghaeilge i Séipéal Naomh Seoirse, Béal Feirste ar an Domhnach 20 Márta ag 7i.n. Beidh Éamonn Ó Faogáin agus Úna Ní Mhonacháin ag canadh le ceol tionlacain.

Tá an tUrr Brian Stewart, reachtaire an pharóiste, i ndiaidh fáilte a chur roimh an tseirbhís seo, a bhí molta ag daoine ón bparóiste.

"Cuirim fáilte roimh an tseirbhís álainn in Eaglais Naomh Seoirse, áit a bhfuil doras oscailte ann i gcroílár na cathrach, agus áit suaimhnis ann do mhuintir Bhéal Feirste," ar sé. "Le blianta anuas, tá tús curtha againn le traidisiúin nua sa cheol agus sa liotúirge. Tá clú orainn maidir leis an bhfáilte a chuirtear roimh gach éinne sa séipéal seo. D'fhéadfadh seirbhís Ghaeilge a bheith mar chuid de thraidisiún úr againn. Beidh doras oscailte ann ar an 20 Márta agus fearadh na fáilte roimh chách."

Tá Séipéal Naomh Seoirse ar an séipéal is sine de chuid Eaglais na hÉireann i mBéal Feirste agus tá sé suite sa traidisiún 'Uaseaglasta', le hardchaighdeán liotúirge agus ceoil ann.

Beidh seirbhísí eile á reáchtáil i nGaeilge in Eaglais na hÉireann do Lá Fhéile Pádraig. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.cumanngaelachnaheaglaise.blogspot.com.

Daltaí as sraith dianchúrsaí Gaeilge a bhí ar siúl ar an Satharn le freastal ar an éileamh ar an teanga atá ag fás leis i gcónaí in Ard Mhacha.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Mícheál Ó Muircheartaigh le Willie Ryan agus Marion Morrissey ó Safe Aid Teo. agus Éamonn Ó hArgáin ó Fhoras na Gaeilge ag lainseáil SafetyMate i mBaile Átha Cliath, an t-aon ghléas idirghníomhach dátheangach maidir le cúrsaí garchabhrach in Éirinn. Trí chomhoibriú idir Foras na Gaeilge agus Safe Aid, tugann an gléas an t-eolas is fearr i gcúrsaí garchabhrach agus ACS i nGaeilge agus i mBéarla maidir le tríocha cineál éagsúil de chásanna éigeandála. (Pic: Maxwells)

Na deirfiúracha Emma agus Holly Ní Ghráda ag seoladh albam nua an Raw Bar Collective san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne. (PIC: Ó LOINGSIGH)

Ghlac Scoil Náisiúnta Thír an Fhia páirt i ngníomhaíocht "Rothar ar an Mháirt/ Siúil ar an Mháirt chuig an scoil" níos luaithe sa mhí. Bhí rath ar an lá. Is iad na Scoileanna Glasa a ritheann an ghníomhaíocht seo le scoileanna ar fud na tíre.

Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, ag bronnadh diosca óir ar Tom Sailí Ó Flaithearta. Bhí oíche cheiliúrtha, eagraithe ag Futa Fata, ar siúl Dé hAoine seo caite i Seanscoil Sailearna, Indreabhán.

Páistí ó Rang 5 i Scoil Náisiúnta Naomh Fionán, a chuaigh faoi Lámh an Easpaig i Séipéal Naomh Fionán, An Fál Carrach, Dún na nGall Dé Domhnaigh. Sa bpictiúr chomh maith tá an múinteoir Caitríona Uí Cheallaigh. (PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN)

Marianna Ní Thiarnain ó Scoil Raifteirí a bhunaidh an bhanaisteoir is fearr i bhFéile Scoil Drámaíochta, Maigh Eo, a bhí ar siúl i Scoil Raifteirí, Chaisleán a Bharraigh, le Brídín Ní Cheallaigh (ar chlé) agus Niall Ó Murchú, Conradh na Gaeilge, Mhaigh Eo. (PIC. JOY HEVERIN)

TRÁCHTAIREACHT

Baintear an cloigeann díobh!

Aindrias Ó Cathasaigh

Is iomaí locht atá ar an rialtas a tháinig isteach an tseachtain seo. Is léir fiú ón méid atá ráite ina chlár féin go dtabharfaidh sé go leor leor anachana le comhaireamh dúinn.

Ach ar a laghad ar bith, cuireadh isteach de dhroim toghcháin iad. Féadfaidh siad méar a shíneadh i dtreo na mílte páipéar a cuireadh i mbosca coicís ó shin lena dtóineanna a chur ar shuíocháin Theach Laighean.

Dá theoranta é, ní haon dóithín é ceart a bheith againn rialtais a vótáil isteach is amach. Íocadh go daor as ar shráideanna Bhaile Átha Cliath is bóithríní Thiobraid Árann, i mbúlbhairdí Pháras is cearnóga Bhúdapeist. Agus tá daoine ag cur a mbeo i ngeall ar a shon anois féin sa Libia agus i dtíortha eile.

Ach céard atá dá dhéanamh ag an stát seo anois ach cuireadh a thabhairt do dhuine a bhfuil an t-uafás cumhachta aici le trí scór bliain gan oiread agus duine ar bith vóta ar bith a chaitheamh ariamh lena cur i gcumhacht?

Ní hé go bhfuil an chumhacht seo ar fad tuillte ag Elizabeth Windsor as ucht a cuid oibre. Go deimhin, níl ruainne fianaise le fáil go ndearna an bhean seo smeach oibre lena marthain, cé go bhfuil sí beo ar airgead stáit ar feadh na faide. Deir an rialtas nua seo againne go dtabharfaidh siad faoi chaimiléireacht leasa shóisialaigh: an bhfuil an bhanríon seo dá tabhairt anall le gur féidir drochshampla den fhadhb a scrúdú?

Tá sí i réim de bharr a ginealaigh agus dá bharr sin amháin, de bhrí go raibh a hathair ina rí, a athair siúd roimhe, agus mar sin siar sna blianta fada. Agus tabhair ginealach air! An sliocht is measa ar domhan de dhúnmharfóirí, amadáin is cúil le rath, agus chuile choir dá bhfuil ann déanta acu. Mara mian léi go gcuirfear cionta a sinsear síos di, éiríodh sí as cearta oidhreachta a éileamh ó na sinsir chéanna.

Elizabeth II, Banríon Shasana (AFP: Iver Heath)

Tá an méid seo le rá aici, ar ndóigh, go bhfuil traidisiún beagmhaitheasa a teaghlaigh caomhnaithe go maith aici. Phós sí fear a gcuirfeadh a chuid ciníochais náire ar mhuc. Thóg sí clann atá lofa leis an díomhaointeas, gan aon chumas a ligfeadh dóibh páirt mhacánta a ghlacadh sa saol. An bhfuil sé ródheireanach comhairle a leasa a chur ar an ógbhean bhocht atá le pósadh isteach sa teaghlach mífheidhmiúil seo an mhí seo chugainn?

Cumhachtaí siombalacha atá ina lán de na feidhmeanna atá aici i gcóras polaitíochta na Breataine, ach bheadh contúirt ag baint leo i gcás go dtoghfadh muintir na Breataine rialtas nach dtaithneodh leis an gcinsealacht. Anuas air sin, tá saibhreas Damer ag an teaghlach, stráicí mór millteach de thalamh na Breataine ina seilbh chomh maith le sócmhainní dochreidte a choinnítear ó shúile an phobail. Gadaíocht le lámh láidir is foinse don ollmhaitheas seo acu. Tá teidil a gcuid sealúchais le fail i ndíshealbhú na mílte san Afraic, san Ind, in Éirinn, agus sa mBreatain féin. Ní seanscéal uilig é ach oiread, mar tá saighdiúirí na banríona ag imirt an chos ar bolg chéanna san Afganastáin i láthair na huaire.

Deirtear gur gníomh athmhuintearais a bheas i gcuairt Windsor. Tá gá le muintearas, cinnte: tuige nár mhaith linn tarraingt go maith lenár gcomharsana béal dorais?

Ach is le muintir na Breataine is coir dúinn cairdeas a dhéanamh, seachas le súmairí a chosnaíonn £180 milliún sa mbliain orthu. B'fhearr go mór dúinn seasamh leo siúd sa mBreatain a thuigeann gur sna leabhra staire ba choir do rítheaghlaigh a bheith.

Is bocht an muintearas é éileamh na mná seo ar shé chondae den tír seo. Is iarracht eile í a cuairt a thabhairt le fios go bhfuil ceannas na Breataine ar thuaisceart na hÉireann dleathach. Gabháil impiriúil ba bhun leis, agus leis an teorainn fhrithdhaonlathach a ghearr an Bhreatain trasna na tire leis an oiread ab fhéidir di a choinneáil ina glac. Ba ionann fáiltiú roimh an duine a thugann banríon Thuaisceart Éireann uirthi féin agus glacadh lena flaitheas.

Chiorraigh an seanrialtas bunseirbhísí poiblí go géar, agus cloífidh an rialtas nua leis an gciorrú. Ach san am céanna, tá sé i gceist acu fuíoll na bhfuíoll a choinneáil lena gcuairteoir ríoga. Féadfaidh muid uilig cuimhniú ar dhaoine aosta eile a dteastaíonn an t-airgead sin uathu i ndáiríre.

Tá féile mhór lútála romhainn, mar sin. Cuirfear neart páipéir agus uaireanta craolta amú ag cur síos ar imeachtaí, feisteas is geáitsí na mná seo. Aithníonn ciaróg ciaróg eile, agus má ghlactar lena teacht sise,

Deirtear gur gníomh athmhuintearais a bheas i gcuairt Windsor. Tá gá le muintearas, cinnte: tuige nár mhaith linn tarraingt go maith lenár gcomharsana béal dorais? Ach is le muintir na Breataine is coir dúinn cairdeas a dhéanamh, seachas le súmairí a chosnaíonn £180 milliún sa mbliain orthu.

beidh súil ag na polaiteoirí go nglacfaidh muid le ríthe eacnamaíochta an IMF is na n-ollchomhlachtaí.

Tá cuid againn nach mbeidh páirteach san amaideacht seo, áfach, nach gcuirfidh aon fháilte roimpi. Dá laige é, beidh nóta de cheol breac i gclaisceadal na seoinínteachta.

In Éirinn agus ar fud an domhain, tá an saol dá scrios ag an éagothroime. Ní haon tráth é leis an éagothroime chorpartha ina steillebheatha a chomóradh. Tá sé in am seasamh ar cheart comhionann an uile dhuine, cur ar shon saol nua gan ríthe gan mháistrí, ach an chosmhuintir i gceannas ar gach gné dá mbeatha.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

Níl aon pháirtí polaitiúil dáiríre faoin Ghaeilge ná faoin Ghaeltacht

Eoghan Ó Néill

Lucht POBAL i mbun agóide ar son Acht na Gaeilge don Tuaisceart ar Bhóthar na bhFál, Béal Feirste.

Thaitin sé liom go raibh oiread sin Teachtaí ag caitheamh gnáthéadaí agus iad ag dul isteach i dTeach Laighean Dé Céadaoin. Go raibh deireadh leis an éirí in airde a bhí i réim an t-am a raibh sé de dhánacht ag Tony Gregory dul isteach sa Dáil gan carbhat aige!

Mionrud é ceist seo na n-éadaí ach mhothaigh mé gur deá-chomhartha é go raibh cur chuige nua ann ar chéad lá na Dála úire.

Ba gheal liom fosta an bhéim a chuir Fine Gael is Páirtí an Lucht Oibre ar chúrsaí fostaíochta ina gcomhchlár rialtais agus ina gcaint.

Nó, i ndeireadh na dála, ní bheidh ach aon slat tomhais amháin ar éifeacht an chomhrialtais seo.

An gcruthóidh siad 100,000 post I dtréimhse ghairid nó nach gcruthóidh?

Mura gcruthaíonn cuirfear ruaig orthu taobh istigh de dhá bhliain.

Má chruthaíonn ..... bhuel, b'fhéidir go vótálfainn féin faoina gcoinne!

Ina dhiaidh sin ar fad bhí mé meallta nach raibh mórán Gaeilge le cloisteáil sa Dáil Dé Céadaoin.

Tá i bhfad níos lú Teachtaí is Airí le Gaeilge sa 31ú Dáil ná mar a bhí sa cheann deireanach.

An ndéanfaidh an comhrialtas úr leas na Gaeilge?

An mbeidh aon mhaith in Jimmy Dennihan agus é ina Aire Gaeltachta?

Cá bhfios.

Ach gach seans go mbeidh an Ghaeilge chomh íseal sin ar liosta tosaíochtaí an chomhrialtais nua is nach ndéanfaidh siad mórán dochair di.

Agus is leor agam sin.

Nach ndéanfaidh siad dochar mór don teanga ná don Ghaeltacht.

Nó mura dtuigeann muid é faoin am seo níl aon pháirtí polaitiúil níos fearr ná a chéile ná níos prionsabálta ná a chéile faoin Ghaeilge ná faoin Ghaeltacht.

Níl dream ar bith acu dáiríre faoin teanga.

Deirimis os ard é.

Níl aon pháirtí polaitiúil dáiríre faoin Ghaeilge ná faoin Ghaeltacht.

Go dtí go dtuigeann Gaeilgeoirí sin agus go dtí go dtosaíonn muid ag gníomhú seachas ag síor-chaoineadh fúthu leanfaidh na polaiteoirí lena gcur i gcéill.

Leanfaidh an Roinn Oideachais ag baint an bonn den Ghaeloideachas.

Agus leanfaidh Enda is Eamon don dea-chaint agus don droch-ghníomh.

In am an Coróin Mhuire a tharraingt amach b'fhéidir!

Ach bíodh a fhios agaibh nach galar 26 Chontae é bréagchráifeacht is fimíneacht na bpolaiteoirí faoin Ghaeilge.

Cloistear is feictear é fosta i m Béal Feirste, príomhchathair athbheochan na Gaeilge.

Seachas an Ghaeltacht, ní dóigh liom go bhfuil an Ghaeilge níos láidre ná go bhfuil pobal Gaelach níos bríomhaire ann in aon áit eile sa tír.

Ach is díol náire é go bhfuil lár chathair Bhéal Feirste ina ceantar iomlán saor ó Ghaeilge.

Tá an focal 'Fáilte' ann sa stáisiún traenach maith go leor, ach é le sonrú neadaithe áit éigin idir an Urdu is an Punjabi agus an 30 teanga 'eachtrannach' eile.

Agus sin a bhfuil de lorg na Gaeilge.

Bímis ag caint faoi Teach Fuar!

Siúil tríd lár Bhéal Feirste agus ní thiocfaidh tú ar aon chomharthaíocht ná aon rud a thabharfadh le fios go bhfuil an Ghaeilge beo ann, go mbaineann sí leis an chathair, go bhfuil 37,000 duine sa chathair a bhfuil Gaeilge éigin acu.

Ach bíodh a fhios agaibh nach galar 26 Chontae é bréagchráifeacht is fimíneacht na bpolaiteoirí faoin Ghaeilge. Cloistear is feictear é fosta i m Béal Feirste, príomhchathair athbheochan na Gaeilge. Seachas an Ghaeltacht, ní dóigh liom go bhfuil an Ghaeilge níos láidre ná go bhfuil pobal Gaelach níos bríomhaire ann in aon áit eile sa tír.

Gan fiú aon rud a thabharfadh le fios duit gur Béal Feirste seachas 'Belfast' ainm na cathrach.

Ceantar saor ón Ghaeilge atá ann.

Thig an locht a chur ar na glúnta sin de chomhairleoirí aontachtacha a throid a raibh ina gcnámha chun an Ghaeilge a choinneáil amach as an áit.

Agus cuirim locht orthu.

Ach cuirim níos mó den locht ar na polaiteoirí sin ón SDLP agus ó Shinn Féin.

Tá cumhacht mhór ag an dá pháirtí seo, - vótálann leathchuid de dhaonra Bhéal Feirste dóibh.

Oiread cumhachta is go dtiocfadh leo polasaí dátheangachais a chur chun tosaigh i lár chathair Bhéal Feirste.

Ach seachas an cumhacht sin a úsáid ar ár son d'fhág siad an Ghaeilge in áit na leathphingine.

Cionn is nach tosaíocht acu an teanga. Rud a chuimhníonn dom gur tábhachtaí ná riamh é go bhfuil brúghrúpa Gaelach neamhspleách againn i mBéal Feirste.

Dream a chinnteodh de nach loicfidh na polaiteoirí orainn.

Go dtí seo is é POBAL an grúpa is mó a chomhlíon an ról sin sa tuaisceart.

Agus dar liom go bhfuil sé iontach tábhachtach mar sin nach mbaineann an atheagar ar chóras maoinithe Fhoras na Gaeilge d'éifeacht POBAL.

Thuaidh is theas tá gá le glór láidir neamhspleách Gaelach a bheith ann.

Is gá eagrais atá dírithe oiread ar ghníomh is atá ar chaint.

Eagrais ar nós POBAL.

I gceann ocht seachtain beidh toghchán na gcomhairlí is toghchán an tionóil ó thuaidh.

Beidh polaiteoirí ag cur cluas le héisteacht orthu féin.

Am cuí ag pobal na Gaeilge chun brú ceart a chur le go gcuirfí an Ghaeilge san áit ar dúil di – go feiceálach I gceartlár phríomhchathair na hathbheochána.

Mar sin, cuirtear an brú.

Níl áit ar bith don Ghaeilge i lár Bhéal Feirste, d'ainneoin an pobal breá bríomhar de chainteoirí laethúil sa chathair.

An mbeidh réabhlóid eile le troid ar son Chearta na mBan?

Bernie Ní Fhlatharta

Ba é lá idirnáisiúnta na mban é ar an Máirt agus thug mé faoi deara go raibh ócáidí curtha ar fáil ag OÉ Gaillimh agus mé cinnte go raibh coláistí eile ar fud na tíre ag déanamh go leor dhó freisin.

Níl locht ar bith agam faoi cheiliúradh ná go deimhin go bhfuil lá curtha ar leith chun mná a chomóradh ach is í an cheist cé hiad na mná seo atá á gceiliúradh?

Is mná le hoideachas is dóigh a rinne freastal ar na léachtaí agus ócáidí a bhí sna coláistí - tá ceiliúradh a dhéanamh ar an lá seo le céad bliain!

Bhí gá cinnte leis an lá seo a thosú céad bliain ó shin, go deimhin ní raibh an vóta ag mná sa tír seo 93 bliain ó shin.

Ach ní hé an vóta féin an ghné is tábhachtaí do shaol na mban. Céard faoi phá comhionann agus cearta eile na mban a thug saol níos fearr dhúinn?

Fós féin níl fhios agam an bhfuil meon na bhfear níos fearr. Tá ionsaí gnéasach fós ag tarlú i bhfad ró-mhinic ar fud an domhain, tá cailíní óga á n-úsáid mar striapacha agus tá drochmheas á dhéanamh do mhná in amhráin, i scannáin, in irisí pornagrafaíochta agus i gclubanna.

Ach ní hé an vóta féin an ghné is tábhachtaí do shaol na mban. Céard faoi phá comhionann agus cearta eile na mban a thug saol níos fearr dhúinn?

Bhí an díospóireacht i gcónaí ann go raibh rogha ag na mná seo ach is é an fhianaise go bhfuil formhór na mban atá ag obair i dtionscal an ghnéis faoi bhrú agus ann in aghaidh a dtola. Níl mórán le ceiliúradh ag na mná seo, go leor acu a d'fhág a dtíortha féin le saol níos fearr a bhaint amach i Meiriceá, i Sasana nó fiú anseo in Éirinn.

Agus ná déan dearmad ar an idirlíon, an áit a dtarlaíonn an t-éigniú is mó ar mhná agus gasúir. In áit an óige a chur ar an mbóthar ceart le meas a bheith acu ar mhná agus ar a chéile, is measa atá an scéal.

Níl meas ag an óige orthu féin, gan trácht ar mheas ar aon duine eile, mar gurb shin é an meon atá á chur i láthair ar an idirlíon. Tá '*Big Brother*' ag breathnú orainn cinnte. Bhí an t-údar George Orwell ceart nuair a scríobh sé '1984'.

Is fadbh mhór idirnáisiúnta í seo a chuireann isteach orainn inár saol laethúil mar, muna dtiocfaidh athrú ar an drochmheas atá ag go leor fear ar na mná, beidh drochshaol amach romhainn. Beidh réabhlóid eile le troid.

Ardóidh mé mo sheol?

Conall Ó Móráin

Nuair a bhíonn cúrsaí go dona bíonn siad go dona. Sin deireadh le mo phointe domhain fealsúnachta. Ach bíonn cúrsaí go dona freisin mar go gcuireann muid i gcomparáid mar atá muid agus mar a bhí. Nuair a bhíonn tú préachta fuar sa gheimhreadh cuireann sé leis an bhfuacht má smaoiníonn tú ar do chuid laethanta saoire, cois fharraige, faoin ngrian.

Ach tharais achar ama déanann muid dearmad ar theocht na gréine agus mura bhfuil seans againn dul faoin ngrian eachtrannach (sin pointe fealsúnachta eile b'fhéidir, an féidir leis an ngrian bheith 'eachtrannach' más í an ghrian chéanna í?) anois nach bhfuil aon airgead inár bpócaí.

Déanann muid dearmad ar rudaí i ndeireadh báire. Mura mbeadh an ábaltacht sin againn ní bheadh Giúdaigh riamh in ann maireachtáil tar éis na n-uafás in Treblinka, Dachau nó Auschwitz. Ar leibhéal eile, agus mé ag scríobh mar fhear, deirtear liom nach saolófaí páiste eile do bhean tar éis breith amháin dá mbeadh cuimhne aici, de shíor, ar an bpian.

Tá an cumas céanna le feiceáil anois sa gheilleagar mar, dar le taighde míosúil Innéacs Tomhaltóirí KBC/ESRI a foilsíodh i rith na seachtaine, in ainneoin na n-arduithe cánach, na gciorruithe sa mBuiséad, chailliúint na bpost, eisimirce srl, d'ardaigh leibhéil an Innéacs ó 48.7 (tá daoine den tuairim go bhfuil rudaí ag éirí níos measa nuair a bhíonn sé faoi bhun 50) go dtí 50.3 le mí anuas. Is dócha gur féidir a rá nach mórán d'ardú atá sa mhéid sin ach, i bhfianaise gach ruda atá tar éis titim amach, caithfidh muid glacadh leis, má leanann an tInnéacs ag ardú nó fiú má fhanann sé comhréidh, go bhfuil athrú de shórt éigin ag tarlú.

Ní cóir dúinn beag a dhéanamh den athrú rialtais, go bhfuil daoine thar a bheith sásta go bhfuil an ruaig curtha ar an seanrialtas. Tá míniú eile air seo, áfach. Cosúil leis an bpian atá dearmadta againn b'fhéidir go bhfuil pointe sroichte againn ar fad anois go dtuigeann muid nach féidir dul siar go dtí na seanlaethanta. Ní bheidh sé ar ár gcumas carr nua a cheannach ná dul thar sáile ar na laethanta saoire sin.

Ach má tá glactha againn leis an mhéid sin athraíonn an caiteachas againn agus cé nach gcaithfear ár gcuid airgid ag ithe, ag eitilt agus ag ól, tá an chuma air go bhfuil pointe sroichte againn go bhfuil muid ar tí, ar choiscéimeanna beaga, ár gcuid barraicíní a chur isteach sa mhuir eacnamaíochta arís.

Ní bheidh sé ar ár gcumas carr nua a cheannach ná dul thar sáile ar na laethanta saoire sin. Ach má tá glactha againn leis an mhéid sin athraíonn an caiteachas againn agus cé nach gcaithfear ár gcuid airgid ag ithe, ag eitilt agus ag ól, tá an chuma air go bhfuil pointe sroichte againn go bhfuil muid ar tí, ar choiscéimeanna beaga, ár gcuid barraicíní a chur isteach sa mhuir eacnamaíochta arís.

Níl san Innéacs ach radharc amháin ar an todhchaí i measc na ndaoine go ginearálta. Beidh áiteanna sa tír go bhfuil cúrsaí go hainnis ina n-iomláine agus gur dóigh nach bhfuil an léamh ar an Innéacs céanna mar go bhfuil rudaí chomh dorcha sin. Ach caithfidh muid breathnú ar an phictiúr mhór.

Tá blúirín solais le feiceáil. Níl muid ach ag 50.3 anois. Bhíodh meánphointe an Innéacs ag 89.5, mar sin tá cnoc mór fós le dreapadh againn ach, mar a déarfadh aon dreapadóir leat, caithfidh tú an chéad choiscéim a ghlacadh.

Rud eile go mb'fhéidir go bhfuil sé ag cur leis an athrú meoin ná, pé scéal é sa tír seo, go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta idirnáisiúnta ag feabhsú.

Tar éis na dtrilliún (sea, sin na mílte míle milliún) dollar a chlóbhualadh agus a scaoileadh le sruth san eacnamaíocht, tá geilleagar Stáit Aontaithe Mheiriceá ag láidriú. Mar a chéile sa Ghearmáin, cé gur drochscéal a d'fhéadfadh bheith sa mhéid seo má ardaítear rátaí úis chun beagán de shrian a chur ar an ngeilleagar céanna, rud a chuirfeadh ardú ar ár gcuid rátaí úis féin freisin.

Ach má tá muinín an phobail ag athrú, ag creidiúint go bhfuil cúrsaí ag feabhsú, nó nach bhfuil siad ag éirí níos measa ar a laghad, céard is ciall leis seo? Go teoiriciúil ba chóir go dtosódh muid ag ceannach arís.

Tá an ráta cáin bhreisluacha le hardú dhá phointe, go dtí 23%, ag an rialtas nua (ní fhaca sibh póstaeirí ag Fine Gael dá mhaíomh sin i rith an toghcháin) agus, cé gur chóir go maolódh sé sin caiteachas mar go gciallaíonn sé ardú ar phraghsanna, tá an rialtas nua den tuairim go bhfuil dóthain méine i measc an phobail anois earraí a cheannach agus go nglacfaidh siad leis an ardú seo.

Má ghlacann, ciallaíonn sé seo, ar gach Euro a thuilleann muid, go bhfuil thart ar 40% de cháin ioncaim ina iomlán le díol againn i ndiaidh na liúntas srl. Den 60c atá i do phóca ansin, tar éis do sheachtaine oibre, gach uair a chaitheann tú do chuid pinginí beidh 23% le díol agat in CBL a fhágann cumhacht ceannaithe 46c ar gach Euro atá agat.

B'fhéidir go bhfuil an sórt suim mhatamaitice simplí seo déanta ag muintir na hÉireann i gcoitinne agus go bhfuil fhios acu, nó go bhfuil an teoiric cloiste acu, go dtagann pointe nuair nach féidir a thuilleadh fola a tharraingt as an gcloch.

Má thuigeann siad an méid sin, agus má tá dearmad déanta againn ar fad go bhfuil, agus go mbeidh, na céadta míle milliún le haisíoc againn leis an Chiste Idirnáisiúnta Airgeadais agus leis an Aontas Eorpach, cén fáth nach mbeadh ardú sna seolta againn? Níl faic eile gur féidir a dhéanamh.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An Rialtas Úr

GUÍMIS rath ar an gcomhrialtas úr, beag beann ar an pholaitíocht atá ag duine, bheadh gach duine in Éirinn ag súil go mór gur féidir leis an rialtas seo dul i ngleic leis an ghéarchéim eacnamaíochta sa tír.

Ní féidir aon amhras ná go bhfuil antacaíocht ag an chomhrialtas seo agus go bhfuil údarás daonlathach an-láidir ag Fine Gael agus an Lucht Oibre, cé go bhfuil ceist ann faoi ionracas forógraí toghcháin s'acu nuair a bhí a fhios acu beirt i gcónaí go mbeadh orthu teacht chuig comhréiteach le chéile.

Beidh le feiceáil cé chomh fada is a mhairfidh a mí na meala áfach.

Cé nach bhfuil aon chinnteacht ann maidir leis an Ghaeilge mar chroí-ábhar éigeantach don Ard-Teist tar éis an athbhreithnithe atá beartaithe sa clár um rialtas, agus tá fáilte ó chroí roimh an athbhreithniú sin, tá an cinneadh sin curtha ar an mhéar fhada - mar gheall ar an láidreacht a léirigh Gaeilgeoirí na tíre le linn an fheachtais.

Cuairt na Banríona

DEIRTEAR linn go bhfuil Banríon Shasana, Elizabeth II nó Elizabeth Windsor, ag teacht go hÉirinn agus gurb é sin an chéad uair a tháinig monarc Shasana go hÉirinn ó bhí 1911 ann.

Déarfadh lucht an Tuaiscirt, idir Aontachtóirí agus Náisiúntóirí, idir Bhriotanaigh agus Éireannaigh, áfach, go mbíonn sí ag teacht go hÉirinn go minic.

Duine a bhfuil eolas aige/aici ar an stair, bheadh a fhios acu gur thug George V cuairt ar Bhéal Feirste in 1921 - roimh an chríochdheighilt. Is cuma cén bharúil atá ag duine ar an chríochdheighilt chéanna, ní gá í a shiardhátú.

Beidh roinnt daoine ar bís agus beidh roinnt eile ar buile leis an chuairt seo, ach tá gach cuma ar an scéal go ndéanfaidh an tromlach neamhaird air. Beidh comhthuiscint ag teastáil ó gach duine maidir leis an chuairt seo áfach.

Cuirfidh mionlach sa Phoblacht fáilte ó chroí roimh Bhanríon s'acu, cuirfidh daoine eile fáilte roimpi mar a chuirfeadh siad fáilte roimh cheannaire stáit ar bith eile.

Amharcfaidh daoine áirithe ar an ócáid mar shiombail den dlúthchaidreamh cairdiúil idir an Phoblacht agus an Ríocht Aontaithe. Feicfear tuiscintí difriúla faoi cad is Éire ann, 26 Contae nó 32 Contae.

Tá an ceart ag daoine a gcuid tuairimí féin a bheith acu agus ba cheart go mbeadh deis ag daoine chun agóid a dhéanamh agus, ar an lámh eile, ba cheart go mbeadh an tsaoirse ag na daoine a bheas fonn ceiliúrtha orthu sin a dhéanamh chomh maith.

"An tAos Eagna," an *Commentariat*, agus an Ghaeilge

NÍL mórán tacaíochta don Ghaeilge i measc "aos eagna" na hÉireann agus taobh amuigh de dhuine aonair nó dhó, tá mórchuid de na meáin chlóite Bhéarla in Éirinn naimhdeach don teanga. Is trua nach dtacaíonn na haicmí seo leis an Ghaeilge, nó le cearta teanga fiú. Cuireann sé as do dhul chun cinn na Gaeilge gan amhras. Den chuid is mó áfach, níl aon neart ag na Gaeil air, seachas ár gcumhacht airgeadais mar thomhaltóirí aonair.

Bíonn idir litreacha agus ailt, fiú ailt nuachta, sna meáin chlóite in Éirinn atá claonta, míchruinn, bréagach agus ciníoch fiú i leith na Gaeilge.

Tá cásanna ann ar ndóigh, agus is ceart dúinn neamhaird iomlán a dhéanamh ar an ábhar - bíonn sé chomh seafóideach sin.

Ag an am chéanna, tá sé riachtanach a chinntiú go mbíonn litreacha, ailt agus tuairimíocht atá báúil don Ghaeilge sna meáin chumarsáide Bhéarla chomh maith. Caithfear cur in iúl do Ghalltacht na hÉireann go bhfuil Gaeil ann, go raibh muid ann riamh anall, nach mbeidh muid ag dul áit ar bith agus go bhfuil cearta teanga againn. Is ceart go bhfuil saol na Gaeilge ann agus gur i nGaeilge amháin an saol sin ach má tá muid ag iarraidh cearta na nGael a chosaint, an Ghaeilge a chothú agus níos mó daoine a thiontú i dtreo na Gaeilge, tá cath láidir le troid, agus is i mBéarla den chuid is mó a chaithfeas an troid sin a bheith faraor.

CEIST na Seachtaine

Is féidir le Fianna Fáil teacht ar ais ón ghreadadh a fuair siad san olltoghchán: Léitheoirí Gaelscéal

Róisín Ní Ealaí

Bhí na torthaí ar Cheist na Seachtaine gar go maith an tseachtain seo a léitheoirí ach do cheap an formhór de léitheoirí a chaith vóta ar www.gaelsceal.ie go mbeidh Fianna Fáil in ann teacht ar ais ón bhuille a fuair siad in Olltoghchán 2011. Is 58.8% a bhí i gceist anseo ach is 35.3% a vótáil ar mhalairt slí. Bhí beagán de daoine a chaith vóta idir dhá chomhairle, sin 5.9%. Bhí neart le rá ag léitheoir amháin linn ar Facebook Gaelscéal maidir le Ceist na Seachtaine agus bhí sé dearfach go maith go mbeidh Fianna Fáil in ann filleadh ar Dháil Éireann arís.

"Is féidir cinnte, ach tá siad i mbaol anois ar dhóigh nach raibh riamh. Mura mbíonn siad in ann teacht aniar sa chéad toghchán eile, is mó an baol a bheas ann nach dtiocfaidh siad ar ais go deo. Nach cuimhin libh an lá, dhá thoghchán ó shin, nuair a bhí na meáin ar fad ag maíomh go raibh deireadh le Fine Gael? Caithfidh Fianna Fáil pilleadh ar a fhréamhacha poblachtánacha, agus glantachán earraigh a dhéanamh ar éinne atá fágtha a bhfuil smál an ghaimbíneachais orthu," a deir Seán Mór.

Má bhíonn tú ag iarraidh do bharúil a thabhairt ar Cheist na Seachtaine seo chugainn, níl le déanamh ach labhairt linn ar ár ngrúpa Facebook. Clóscríobh "Gaelscéal" sa bhosca cuardaigh chun muid a aimsiú! Bí linn ar Twitter freisin... www.twitter.com/gaelsceal. Tapaígí bhur ndeis bhur dtuairimí a phlé anois! Bí ag breathnú amach do Cheist na Seachtaine ar www.gaelsceal.ie! Bíonn sí laistigh de scéalta ar an suíomh agus ar ár leathanach baile freisin.

Ceist na Seachtaine seo chugainn: An bhfuil muid mar Ghaeilgeoirí ro-bhuartha i gcónaí faoi thodhchaí na Gaeilge nó ar cheart dúinn a bheith níos buartha faoin ghéarchéim teanga?

"Flash, Á, Á - Slánaitheoir na Cruinne!"

Páidí Ó Lionáird

Nach dathúil agus gleomhar an Dáil a bheidh againn anois? An 31ú Dáil agus scata TDanna úra nua ag glacadh seilbhe ar thithe an Oireachtais. Cuid acu den tsean-mhúnla - cúlra polaitíochta ón mbaile acu ach cuid eile acu a bhriseann gach múnla a d'fhéadfá a shamhlú.

Bhíos ag féachaint trí cheann de na suíomhanna idirlín is áisí agus is mó úsáid le mí anuas, www.electionsireland.org, gan aon sprioc fiosrachta ar leith agam ach mé ag dul ó Dháil go Dáil - 30 acu idir 1918 agus 2007. Le hainmneacha idir strainséartha agus choitianta, bhíodar ag léimt ón scáileán chugam.

Ón gcéad Dáil in 1918, nuair gur córas Shasana (Dáilcheantair aon suíocháin) a bhí i bhfearas againn, bhí ainmneacha ar nós an Br-Gen Robert McCalmount i gceannas in Aontroim Thoir agus Austin Stack i gceannas i gCiarraí Thiar le Cathal Brugha ina Phríomh-Aire eatarthu?

Chuirfí tús le ríshleachta an bhliain sin. Bheadh De Valera nó sliocht sleachta i nDáil Éireann ó shin i leith.

Is ait bheith ag dul trí na rialtais ar fad a toghadh sna laethanta luatha sin, móramh ollmhór Shinn Féin in 1921.

In 1922, athrú ó bhonn. Bheadh dhá eite de Shinn Féin ann, iad siúd i bhfabhar an Chonartha agus iad siúd ina choinnibh. Tréimhse chorraitheach ina gcruthófaí naimhde, idir chlann agus chomharsana. Ansan, in 1924, athrú ollmhór eile le breith Chumann na nGael agus WT Cosgrave i gceannas.

Ansan, bheadh breith eile le teacht Fhianna Fáil ar an 23ú Márta 1926. Tá go leor scríofa sna leathanaigh seo faoin riocht ina bhfuil an eagraíocht sin faoi láthair. Le athchoimriú, i dtéarmaí droch-bhreoiteachta, tá Fianna Fáil ag brath ar chóras cothaithe beatha.

Ag filleadh níos gaire don am i lathair, is cuimhin liom os cionn scór bliain ó shin, nuair a bhínn ag teacht go Gaillimh ar thóir... i measc nithe eile, aer úr, comhluadar maith, ó agus comhluadar ban (bean óg amháin ar leith), bhí go leor ainmneacha coitianta le clos ar fud chathair na dtreabh.

Ar ndóigh bhain cuid acu le láithreacha beatha agus dí: Lydon House, Tigh Neachtain agus ar ndóigh Tigh Taafe agus an-tóir againn ar Chlub Áras na nGael ar Shráid Doiminic. Ach bhí ainm amháin a thug cuimhní eile chun cinn agus a bhí an-choitianta mórthimpeall ar chathair na dtreabh, "Ming the Merciless".

Anois, sibhse d'aois áirithe, cuimhneoidh sibh ar an scannán Flash Gordon (Sam J. Jones), le ceol ón mbanna Queen in 1980. Bhí carachtar eile ann darbh ainm "Ming The Merciless" (Max Von-Sydow), Impire Mhongo agus an dealg is mó i gcliabh Flash dá raibh. Maol le meigeal agus croiméal fada ribeach.

B'ait liom go raibh duine óg, éirimiúil (bhí sé ar an ollscoil, mar sin chaithfeadh sé a bheith éirimiúil, nach gcaithfeadh?) sásta a bheith aitheanta le hainm mar Ming. B'ait go dtí go bhfaca pictiúir de. Bearrtha, le meigeal agus croiméal fada ribeach.

An chloch ba mhó ar a phaidrín ag an am? An dlí a athrú d'fhonn cead a thabhairt marijuana nó raithneach a chaitheamh go hoscailte. Anois bhí go leor tacaíochta aige agus é ar an ollscoil - an formhór díobh anaithnid áfach.

De réir mar atáim á scríobh seo, táim ag éisteacht leis an Taoiseach, Enda Kenny (tá cuma nua air ach fós féin tá sé compordach cosúil le seana-phéire bróg, oiriúnach ar chúis éigin), ag rá cé chomh mothaitheach agus a mhothaíonn sé faoi bheith ag treorú oiread sin TD nua i dtreo tús agus ré nua stairiúil i bpolaitíocht agus i ndaonlathas na hÉireann. Aontaím leis, gur ócáid stairiúil atá ann agus géillim go bhféadfadh gur tús le ré nua a bheadh ann más rud é go mbaintear leath de na geallúintí réamhthoghchánaíochta amach.

An TD nua, Luke Ming Flanagan do Ros Comáin-Liatroim Theas, ag an Dáil chun a shuíochán a thógáil ag an gcéad chruinniú den 31ú Dáil. (PIC. SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Ar ndóigh bhain cuid acu le láithreacha beatha agus dí: Lydon House, Tigh Neachtain agus ar ndóigh Tigh Taafe agus an-tóir againn ar Chlub Áras na nGael ar Shráid Doiminic. Ach bhí ainm amháin a thug cuimhní eile chun cinn agus a bhí an-choitianta mórthimpeall ar chathair na dtreabh, "Ming the Merciless".

I measc na dTeachtaí nua tá Luke Ming Flanagan. Sea, an Ming céanna, é tofa ag barr an dréimire i Ros Comáin-Liotroim Theas mar TD le seachtain anuas. Tofa agus sainordú óna mhuintir féin aige agus 8,925 acu ar an gcéad rogha fiú.

Inniu, is duine éagsúil é ón mbuachaill saonta ach trodach sin a bhíodh á gciapadh siúd ar fad a bhí i gceannas, léachtóirí, tábhairneoirí agus Teachtaí Dála, bhuel ceann amháin ar leith a bhí mar thiarna talún aige - Frank Fahey. Tá sé fásta suas beagán. Tá clann óg air agus tá a ghruaig fásta fada aige, a mheigeal agus a chroiméal mar a bhí agus bíonn Ming greannta lena ainm i gcónaí.

Tá na mianta céanna aige áfach agus a bhí scór bliain ó shin. Reachtaíocht a cheadódh raithneach a chaitheamh agus anois freisin, cead móin a bhaint i bportaigh Ros Comáin cuma cad a deir maorlathas na hEorpa.

Tá go leor cúramaí ar Enda Kenny. Is deacair iad na roghanna a bhí le glacadh aige le cúpla lá anuas. Cuireadh chun boird do dheichniúr, bhí sé sin éasca. I bhfad níos deacra a bheith ag ligean sean-chairde (agus naimhde) síos gan cnámh an Aire Shóisearaigh fiú aige dóibh. An ceapachán is tábhachtaí áfach ná ceapachán an Chinn Comhairle. I Seán Barrett, tá rogha mhaith déanta ag an Taoiseach agus déanfaidh sé Prince Vultan maith in aghaidh Ming. Ar ndóigh caithfidh Enda bheith i bpáirt Flash! Anois cé hí Dale Arden?

Cad a deir sibh?

Róisín Ní hÉalaí

BHÍ píosa eile le cur ag léitheoir Gaelscéal le léirmheas Mhíchíl Uí Ruairc ar leabhar Jackie Mac Donncha dar teideal Aileach. Is é seo a bhí le rá aige linn ar an suíomh an tseachtain seo,

"Thaitin an léirmheas go mór liom. Léigh mé féin an leabhar agus thaitin sé liom ach dála Uí Ruairc cheap mé go raibh an tréimhse a chaith Bríd i SAM brúite isteach ina chéile ar bhealach seafóideach. Agus níor thaitin na tagairtí don scannán Titanic liom ach chomh beag. Léirmheas fíor-ionraic, deascríofa dar liom," a deir Brian de Róiste.

Tá léitheoir Gaelscéal ag iarraidh go gcuirfear tuilleadh brú ar leanaí Gaeilge a labhairt agus é ag déanamh tráchta ar thuairisc Chiaráin Dunbar maidir le seoladh Phlean Teanga an Spidéil.

"Ba chór níos mó iallach a chuir ar na páistí óga agus mic léinn an Ghaeilge a labhairt. Iadsan an chéad ghlúin eile - níl muid ag iarraidh an Ghaeilge a chailleadh mar gheall nach bhfuil fonn orthu an Ghaeilge a labhairt," a deir Pádraic Mac Giolla P linn ar www.gaelsceal.ie

Ní hé Pádraic amháin a raibh imní air maidir le labhairt na Gaeilge i measc leanaí na hÉireann.

"Ba chóir na scoileanna a choinneáil ar oscailt. Cén chaoi eile a bheith na páistí in ann foghlaim lena máthar theanga?," a deir Clár Ní Bhriain agus í i mbun tuairisc Danny Brown a léamh maidir leis an "imní atá ar Scoil Ghaeltachta go mbrúfar Béarla orthu," in eagrán na seachtaine seo caite.

Is léir go raibh daoine sásta gur bhain Muireann Nic Amhlaoibh an gradam Amhránaí TG4 2011 amach, agus iad ag glacadh comhghairdis léi faoi scéal Threasa Bhreathnach in eagrán na seachtaine seo caite.

"Scéal scríofa go breá. Comhghairdeas le Muireann. Tá sé go deas feiceáil go bhfuil neart ceoltóirí Ghaelach fós ann," a deir léitheoir amháin.

"Ceoltóir den scoth! Go n-éirí leat a Mhuireann!" a deir Máire Ní Chonghaile.

Cuirfear fáilte roimh bhur dtuairimí i gcónaí anseo in Gaelscéal. Bí linn ar shuíomh Gaelscéal, ar Facebook Gaelscéal agus Twitter le do bharúil a thabhairt ar an méid a scríobhtar sa pháipéar. Ná déan dearmad d'ainm a fhágáil le do theachtaireacht má bhíonn tú ag iarraidh d'ainm a bheith luaite le do thuairim. Tá na naisc chuig gréasáin shóisialta Gaelscéal thíos.

www.gaelsceal.ie, www.facebook.com/gaelsceal, www.twitter.com/Gaelsceal

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

Ba cheart do lucht leanúna Shinn Féin cuimhniú ar na fíricí

Concubhar Ó Liatháin

IN ainneoin gur mhéadaigh Sinn Féin fé thrí a líon suíochán sa Dáil san Olltoghchán, tá an páirtí fós sa cheathrú háit sa stát ó dheas. In ainneoin gur vótáil níos mó daoine do Shinn Féin ar an Aoine an 25 Feabhra ná mar a vótáil, is dócha, ó bhí 1918 ann, tá an páirtí ar chúl Fhine Gael, an Lucht Oibre agus, iontas na n-iontas, an páirtí is mó ar tugadh greadadh dó i stair pholaitiúil na hÉireann, Fianna Fáil.

Sara dtosnaíonn lucht leanúna Shinn Féin ag ceiliúradh bua stairiúil agus iad ag creidiúint a gcuid bolscaireachta féin, ní mór dóibh na fíricí sin a thabhairt chun cuimhne.

Ba dhuine mise a vótáil ar son Shinn Féin tráth - go deimhin vótáil mé ar shon Gerry Adams nuair a hathtoghadh é ina Fheisire Westminster i 1997 agus ó shin go dtí 2007, tráth gur tháinig mé ó dheas.

Anois ní thabharfainn vóta dó nó duine ar bith dá chomhpháirtithe ar ór nó ar airgead.

Ní chreidim i Mír 31 nó cinsireacht d'aon tsórt, ní aontachtóir mé ná ní easaontóir poblachtach mé.

Níl ionam ach duine a thuigeann nach bhfuil i vóta do Shinn Féin ach vóta amú.

Creidim in Éire Aontaithe ach ní chreidim go bhfuil an lá cinniúnach sin aon phioc níos cóngaraí mar gheall ar iarrachtaí Shinn Féin.

A mhalairt ghlan, mar gheall ar Shinn Féin, táim cinnte nach bhfeicfidh mé Éire Aontaithe le linn mo bheatha ná nach bhfeicfidh mo gharpháiste breacadh an lae úid ach an oiread.

Tá Sinn Féin beo beathach ar an gcríochdheighilt.

Le fada an lá, go cinnte ón am ar toghadh Sinn Féin i gComhrialtas leis an DUP ó thuaidh, tá Sinn Féin ag imirt 'Tadhg an Dhá Thaobh' ar an gceist seo, agus go deimhin ar cheisteanna eile.

Téann Uachtarán an pháirtí, Gerry Adams, ar fuaid an domhain ag craobhscaoileadh go bhfuil sé ar son Éire Aontaithe ach ceileann sé ar a éisteoirí go bhfuil sé páirteach i ngluaiseacht chríochdheighilteach sa bhaile.

Ó thuaidh is féidir le Sinn Féin bheith ag ciorrú leo ar gach taobh, ag tromaíocht ar dhaltaí scoile agus ar othair ospidéil, agus, go deimhin, ag cur na Gaeilge faoi chois freisin.

Nó cén míniú eile atá leis an scéal go gcaithfidh Coláiste Feirste an dlí a chur ar an Roinn Oideachais ó thuaidh, Roinn ar a bhfuil Caitríona Ruane ó Shinn Féin mar aire uirthi, chun cearta scoláirí iarbhunoideachais ar mhaith leo oideachas den scoth trí Ghaeilge a fháil a chosaint.

Ó dheas tá Sinn Féin i gcoinne gach giorrú is gur féidir, beag beann ar an easpa soláthair sa státchiste, agus, go deimhin 'seasann an páirtí an fód', dar leis féin, 'don Ghaeilge'.

Ó dheas tá Sinn Féin ag éileamh go 'ndófaí na bannashealbhóirí' mar nach leis an bpobal fiacha Anglo-Irish. Ó thuaidh tá Sinn Féin páirteach agus, glacaim leis, toilteanach nuair a fhógraíonn an Feidhmeannas go bhfuil cosaint á lorg do shealúchais a ceannaíodh ó thuaidh le hairgead a fuarthas ar iasacht ó leithéidí an Bhainc Angla-Éireannaigh.

Cé a íocfaidh as an gcosaint seo mura n-íocann na bannashealbhóirí as - cé eile ach cáiníocóirí cianfhulaingeacha an deiscirt!

Ní páirtí den eite dheis nó den eite chlé é Sinn Féin. Is polaitíocht na fantaisíochta a chleachtann an páirtí, polaitíocht gan fhreagracht.

Is é sin an cineál polaitíochta a ligeann don pháirtí bheith ag scairteadh ón dtaobh líne faoi gach droch-chinneadh a dheineann páirtithe na bunaíochta. Beidh go leor den chineál sin geáitsíochta ar siúl ag Gerry agus a chairde sa 31ú Dáil, táim ag tuar. Cuireann sé geáitsí Bertie Ahern roimh olltoghchán 1997 i gcuimhne dhom.

Creidim, áfach, dá dtiocfadh an crú ar an tairne, dá mbeadh Sinn Féin i gcumhacht, go ndéanfadh an páirtí an rud díreach céanna is na páirtithe a bheidh siad ag cáineadh go dtí an chéad olltoghchán eile.

Is é sin atá léirithe acu ó thuaidh.

Uaireanta is é an rud is lú a thugann ort an marc a chur i mbosca amháin seachas i mbosca eile. Léiríonn na mionsonraí an fíormheon aigne. An rud beag a thugas faoi ndeara mar gheall ar TD nua Shinn Féin i nDún na nGall Thiar Theas, Pearse Doherty, ná cén fáth go mbeadh ainm i mBéarla á thabhairt ag fear Gaeltachta. Ansan thit an phingin liom, tá 'D' níos giorra do bharr an liosta ar an bpáipéar ballóide ná mar atá Ó D, díreach mar atá C (i gcás Éamon Ó, Cuív) níos airde ná Ó C.

Creidim in Éire Aontaithe ach ní chreidim go bhfuil an lá cinniúnach sin aon phioc níos cóngaraí mar gheall ar iarrachtaí Shinn Féin. A mhalairt ghlan, mar gheall ar Shinn Féin, táim cinnte nach bhfeicfidh mé Éire Aontaithe le linn mo bheatha ná nach bhfeicfidh mo gharpháiste breacadh an lae úid ach an oiread.

Seift ghlic pholaitiúil atá ann chun an méid is mó vótaí a mhealladh ó na vótóirí nach mbíonn ag smaoineamh go róchúramach nuair a théann siad isteach sa bhoth vótála.

Is é seo an cineál seiftiúlachta atá ar chúl dhroch-chás na tíre seo faoi mar atá sé agus tá toghlach áirithe a dtaitníonn sé seo leo.

Is léir ó vóta Fhianna Fáil le déanaí nach bhfuil an toghlach chomh líonmhar anois is a bhíodh sé. Léiríonn an cineál sin seiftiúlachta ó Shinn Féin nach bhfuil iontu i ndáiríre ach leagan eile, níos nimhní, de víreas Fhianna Fáil nó mar a thugaimse air, *Fianna Fáil Lite*. Mar a dúirt an bhean i nDún Laoghaire le linn an fheachtais - Fianna Fáil Lite, b'fhearr liom bioráin a chur i mo shúile ná vóta a thabhairt daoibh!

Deir Gerry Adams go mbeidh a pháirtí ag seasamh i gcoinne aon rialtas a dhíolfadh sócmhainní stáit, a thabharfadh táillí uisce isteach nó a thabharfadh cáin réadmhaoine isteach. Ach dúirt sé go dtacódh sé le haon togra a mbeadh toradh dearfach air don tír. D'ionsaigh sé Páirtí an Lucht Oibre de bharr go bhfuil siad i rialtas le páirtí ón eite dheis.
(PIC: ELEANOR KEEGAN/PHOTOCALL IRELAND)

Le Chéile Faoi Dheireadh Thiar Thall

Pósadh Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre

Fionán Óg Ó Muircheartaigh

Ceannaire Fhine Gael agus an Taoiseach nua, Enda Kenny, lena chomh-aireacht nua in Áras an Uachtaráin, áit a bhfuair siad a séala oifige ón Uachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa. (PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND)

Go luath an tseachtain seo caite, sular críochnaíodh comhaireamh na vótaí do Thoghchán 2011, bhí Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre i mbun cainteanna rialtais.

Ní raibh aon amhras nach n-éireodh leo comhrialtas a chur le chéile.

Mhair na cainteanna níos lú ná seachtain ach bhí réamhullmhúchán leagtha síos le fada. In 2005, dhá bhliain roimh thoghchán 2007, thug Pat Rabbitte cuireadh d'Enda Kenny polasaithe comh-choitianta a chur le chéile idir an dá pháirtí.

Tugadh Comhaontú Mhuilinn Chearr ar an toradh. Aontaíodh go bhféadfaí polasaithe coiteanna a fháil ar chúrsaí eacnamaíochta, sláinte, agus sóisialta.

Bhíodar ag iarraidh cuma rialtais a chur orthu féin, agus fórsa a chothú a bheadh ábalta tabhairt faoi Fhianna Fáil a chur ó rialtas.

Níor éirigh leo tithe an Rialtais a bhaint amach, agus go luath tar éis thoghchán 2007, bheartaigh siad an chéad olltoghchán eile a throid ar a gconlán féin. Go foirmeálta, sin a tharla.

Ach de réir mar a tháinig an cúlú eacnamaíochta chun cinn, thosaigh na páirtithe ag obair níos dlúithe le chéile ar bhinsí Dála an fhreasúra. Chomhordaigh siad ionsaithe ar an Rialtas mar aon le hiarrachtaí fáil réidh leis an iar Thaoiseach Brian Cowen agus a chomhghuaillithe. Bhí línte teagmhála idir polaiteoirí agus foirne oifige an dá pháirtí - an bonneagar cumarsáide - leagtha cheana féin, agus maireann siad go dtí an lá inniu.

Le roinnt blianta anuas, ceann de na phríomhlínte teagmhála a mhair an ceann idir an dá pháirtí ná idir Pat Rabbitte agus Phil Hogan. Ní haon ionadh gur roghnaíodh ar an bhfoireann idirbheartaíochta iad an tseachtain seo caite. Tá caidreamh eatarthu beirt agus chuidigh sé seo le réiteach an chomhaontaithe.

Ach ní hé seo an taon comhghuaillíocht idir fheisirí an rialtais nua ná baol air. Agus cuideoidh an ghné phearsanta seo lena n-éifeachtacht ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh amach anseo. Is annamh a thagann comhrialtas le chéile chomh tapa lenar tharla le dhá sheachtain anuas. Socraíodh an Clár Rialtais gan mórán achrainn. Rinne Páirtí an Lucht Oibre iarracht greim a fháil ar phost an Aire Airgeadais, ach bheartaigh Fine Gael nach bhféadfaidís an aireacht a ghéilleadh. Mar chúiteamh, lorg an Lucht Oibre an séú haireacht. Tugadh a rogha Ard-Aighne (*Attorney-General*) dóibh.

Seachas sin, ba bheag constaic a bhí ann. D'ainneoin na n-éagsúlachtaí dealraitheacha atá eatarthu, ní raibh an toradh riamh in amhras. Tá sé éasca a bheith soiniciúil mar gheall air seo: an gciallaíonn sé nach bhfuil aon difríocht idir na páirtithe, gur beag an rogha atá ann dáiríre?

Tá dhá chúis eile gur thángadar ar chomhaontú chomh tapa sin. Ar an gcéad dul síos, tá clár Rialtais 2011 an-chosúil le Comhaontú an Mhuilinn Chearr sa tslí is go bhfuil sé róghinearálta, agus gann ar mhionsonraí. Ní hionann clár agus polasaí; tá an cur is cúiteamh fós le teacht. Maidir le cúrsaí cánach, sláinte agus, go deimhin, polasaí Gaeilge an dá pháirtí, is léir nach mairfidh an rialtas seo rófhada gan achrann.

Ar an dara dul síos, is léir go bhfuil roghanna an dá pháirtí srianta. Leagann plean ceithre bliana Fhianna Fáil/an Chomhaontais Ghlais, a ullmhaíodh faoi stiúir an Aontais Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, struchtúr caiteachais ginearálta amach dóibh cheana féin. Dar leo, níl an dara rogha acu ach glacadh leis seo. Tá sé seo oiriúnach go polaitiúil, agus coinneoidh sé smacht ar achrainn idir an dá pháirtí. Cé gur mian leo téarmaí an *bailout* a shocraigh an Rialtas a athrú, glacann siad leis an bprionsabal. Sa chás seo, níl aon amhras ach go bhfuil cumhacht an Rialtais nua srianta.

Bíodh is go bhfuil siad srianta, beidh siad fós socair. Tá breis is 100 suíochán ag an gComhrialtas nua agus beidh níos mó ná trí bliana ann roimh thoghchán na hEorpa agus na toghcháin áitiúla in 2015. Tá deis cheart acu athruithe substaintiúla a chur chun cinn, ach ní sa réimse eacnamaíochta a tharlóidh sé.

Tá an chaibidil ar Athchóiriú Bunreachta ar an gcaibidil is mionsonraithe sa Chlár Rialtais. Luann sé go bhfiosrófar an córas toghcháin a athrú agus an aois vótála a ísliú.

Tá sé ar intinn go n-athrófar cúrsaí san Oireachtas chomh maith. Beidh reifreann ar dhíothú an tSeanaid, suífidh an Dáil níos minice, agus tabharfar breis cumhachtaí iniúchaidh do choistí sa Dáil, rud a chuirfidh go mór le cumhachtaí an fhreasúra agus feidhm cúlbhinseoirí sa Dáil.

Luaitear chomh maith go ndéanfar an reachtaíocht saoráil faisnéise níos téagartha agus go leasófar an t-údarás áitiúil, cé go bhfuil easpa soiléireachta fós ar na pointí seo.

D'fhéadfaí a mheas gur baothchaint atá sa chineál athchóirithe thuas, gur minic reitric pholaitiúil nach soláthraíonn toradh.

Is léir, áfach, go bhfuil sé in am athruithe a dhéanamh.

Tá Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre tar éis sciar stairiúil de shuíocháin a fháil ar mhaithe le hathruithe a chur i bhfeidhm. Is beag seans go dtarlóidh sé sin sa réimse airgeadaíochta áfach.

Dá bharr díreoidh siad ar leasú na polaitíochta. Cuirfidh sé cuma na héagsúlachta orthu, agus seans go sábhálfaidh siad cúpla euro chomh maith.

CÚRSAÍ SAOIL

Tiománaithe fir ar comhchéim leis na mná

Cuireann **Treasa Bhreathnach** an cheist - an bhfuil sé sin féaráilte?

IS cuimhin liom an chéad charr a cheannaigh mé riamh ar nós dá mbeadh an lá inné ann. Chonaic mé fógra sa pháipéar agus chuaigh mé féin agus mo dheaid chuig teach i mBearna na Gaillimhe chun an Volkwagon Polo a fheiceáil. Cé nach raibh cliú agam faoi charranna bhí a fhios agam gur thaitin an ceann seo liom, bhí sí beag agus dearg.

Fuair mé iasacht ón mbanc agus cheannaigh mé í ar chostas £1,500 rud a d'fhág nach raibh orm ach an t-árachas a íoc agus ceachtanna tiomána a fháil chun go mbeinn in ann an carr a thabhairt amach ar an mbóthar.

Bhuel, ní raibh mé ag súil leis an gcostas a bheadh ar an árachas, bhí beagnach £1,000 sa bhreis le híoc agam, ós rud é nach raibh mé ach 18 mbliana d'aois. Ar ais liom chuig an mbanc, ar mo ghlúine, ag iarraidh tuilleadh airgid uathu agus iontas na n-iontas thugadar dom é.

Bhí an t-ádh liomsa go raibh praghas chomh híseal le híoc agam ar an árachas ós rud é nach raibh mé ábalta an carr a chasadh air fiú. Bhí suas le trí oiread le híoc ag buachaillí a bhí ar chomhaois liom ar árachas cairr fiú má bhí siad ag tiomáint ar feadh na mblianta.

Is ionann an éagsúlacht praghais sa lá atá inniu ann d'fhir agus mná agus iad ag lorg árachais ach is iad na fir óga don chuid is mó a bhíonn thíos leis.

Ní mhairfidh an éagothroime seo i leith praghsanna árachais rófhada eile tar éis rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh praghas níos saoire ar árachas na mban gnéasaíoch (sexist).

Bhí praghas níos airde ar árachas na bhfear go traidisiúnta, agus fir óga go háirithe mar gheall gur acu a bhí an méid is mó timpistí. Dar leis na cuideachtaí árachais bhí níos mó seans ann go ndéanfadh siadsan éileamh orthu agus dá bharr go raibh ar gach fear óg an praghas a íoc leo siúd a raibh baol timpiste leo.

Go traidisiúnta bíonn níos lú timpistí ag mná agus bhíodh praghas níos ísle le híoc acu de bharr nach mbeadh éileamh chomh hard á dhéanamh acu ar na cuideachtaí árachais.

Feachtas 'He Drives, She Dies' de chuid an Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre anuraidh. Dar leo is tiománaithe fir is cúis le 80% de thimpistí marfacha in Éirinn.

Tugtar nithe eile san áireamh chomh maith, taithí thiomána an té atá ag iarraidh árachas a fháil agus méid inneall an chairr.

Ó mí na Nollag 2012 ní bheidh aon tionchar ag staitisticí ar phraghas árachais chairr, beag ná mór. Ní bheidh an earnáil árachais in ann ciall ar bith, nó measúnú riosca, a dhéanamh ar an té atá ag déanamh iarratais ar árachas bunaithe ar na figiúirí timpistí céanna nó treochtaí tiomána inscne na hÉireann.

In 2009 taispeánadh go raibh baol 7 n-uaire níos mó ann go bhfaigheadh tiománaithe óga fir idir 17-24 bliain d'aois bás ar na bóithre.

Bhí ceithre huaire an baol ann d'fhir idir 25-49 bliain d'aois. Ní dhéanfaidh sé seo aon difríocht sa todhchaí agus iad ag lorg praghais ar árachas áfach.

Nílim ag rá gur cheart go mbeadh pionóis gearrtha ar gach fear de bharr thiomáint dhainséarach ó roinnt dá inscne, ach ba cheart tiománaí sábháilte a aithint - is cuma más fear nó bean iad nó má tá siad sean nó óg.

Má tá an taighde déanta agus staitisticí ar fáil faoi bhriseadh síos na dtiománaithe sábháilte agus iad siúd nach mbíonn timpistí acu ná nach gcuireann saolta tiománaithe eile i mbaol, ba cheart suntas a thabhairt don taighde sin.

An ionann comhionannas agus córas féaráilte? Ní shílim gurb ionann. Má bhíonn an baol ann go mbainfí níos mó úsáide as seirbhísí sláinte, má chaitheann tú tobac nó má ólann tú an iomarca, ar cheart duit rátaí níos airde árachais leighis a íoc?

Shíl Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh Éire ag sárú reachtaíocht na hEorpa i leith comhionannais ó thaobh praghsanna árachais de, ach an ionann é seo agus rialú atá imithe rófhada i dtreo an chomhionannais gan smaoineamh go réalaíoch ar na himpleachtaí?

An ionann comhionannas agus córas féaráilte? Ní shílim gurb ionann. Má bhíonn an baol ann go mbainfí níos mó úsáide as seirbhísí sláinte, má chaitheann tú tobac nó má ólann tú an iomarca, ar cheart duit rátaí níos airde árachais leighis a íoc?

Bhuel, cinnte más tú féin is cúis le do dhrochshláinte níor cheart go mbeadh an praghas céanna á ghearradh orthu siúd a thugann aire dóibh féin.

Céard faoi árachas tí? Nárbh fhéidir linn an straitéis chomhionannais a thabhairt isteach anseo chomh maith? Ba chuma cén áit a bhfuil do theach lonnaithe, is é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh an praghas céanna á ghearradh ar úinéirí tí baineanna agus fireanna.

Ná bac leis an fhíric go bhfuil do theach tógtha ar bharr aille agus é ar tí titim isteach san fharraige - tá tú togha, is fear tú agus ní bheidh ort níos mó a íoc ar árachas.

Fiú má bhí tú chomh dúr agus meargánta chun do theach a thógáil ar aill sa chéad dul síos.

Táim go hiomlán i bhfabhar an chomhionannais, ach ba cheart ciall agus réasún a thabhairt san áireamh ag an am céanna agus iarracht a dhéanamh rialúchán a thabhairt isteach ar leas an phobail agus ní go díreach le go bhfeicfí go bhfuil cothromaíocht idir fir agus mná.

COMHSHAOL

An Bhrasaíl: BREOSLA Ó SHIÚCRA!

Amharcann **Tomás Mac Síomóin** ar thionscadal bitheatánól na Brasaíle

Nuair a ligeann an Meánoirthear sraoth, tolgann an domhan forbartha slaghdán. Ní díol iontais é, mar sin, go bhfuil baint dhíreach ag an gcorraíl reatha sa domhan Arabach, soláthraí mór ola, leis an méadú leanúnach ar phraghas ola. Seasann sé ag $114 in aghaidh an bhairille d'amhola Brent agus seo á scríobh.

Tá saineolaithe ola ag tuar go bhféadfadh an praghas ar bhairille amhola a bheith chomh hard le $150 roimh dheireadh na bliana seo. Anuas ar chorraíl sa Mheánoirthear, cuirtear san áireamh go bhfuil tionsclaíocht na Síne agus na hInde ag fás ar íne reatha. Tá a n-éilimh siúd araon ar ola ag cur brú ar phraghas an earra luachmhair seo atá ag gabháil i ngainne i gcónaí. Tharla spleáchas thionsclaíocht na dtíortha forbartha ar ola, tá an Banc Domhanda ag tuar go bhféadfadh méadú mór ar phraghas ola iarrachtaí le teacht slán as an ngéarchéim reatha eacnamaíochta a chur ar ceal.

Tá na droch-chomharthaí ann cheana féin. Sa Spáinn, gearrtar €1.30 ar líotar artola sa ngaráiste is gaire dom, an praghas is airde ariamh abhus. Tá ardú 3.6% tagtha ar an gcostas maireachtála, dá réir, ó thús na bliana i leith. D'fhonn an stoc náisiúnta ola a chaomhnú agus boilsciú mór a sheachaint, d'fhógair an Rialtas abhus go bhfuil an barrluas dleathach ar bhóithre laghdaithe ó 120km/uair go dtí 110km/uair. Laghdaíodh an costas ar thaisteal ar thraenacha.

Tá méadú ar an gcéatadán de bhitheatánól a chuirtear i mbreosla iompair. Táthar ag tuar nach bhfuil sna hathruithe seo ach na céadchéimeanna d'fheachtas dírithe ar spleáchas na Spáinne ar ola a laghdú.

De na tíortha a chonaic go raibh géarchéim ola chucu, agus a rinne soláthar dá réir, is fearr atá an Bhrasaíl in ann don dúshlán. Ar an gcéad dul síos, tá ola dá cuid féin aici. Baineann sí 3 m hilliún bairille de in aghaidh an lae, úsáideann sí féin an chuid is mó den soláthar seo agus easportálann sí an fuílleach chuig tíortha eile i Meiriceá Theas. Is gearr eile a mhairfidh na foinsí atá á saothrú aici faoi láthair, áfach. Meastar go bhfuil 12bn bairille eile aici, an chuid is mó de i bpoill faoi dhoimhneachtaí na farraige. Níltear cinnte go mbeifear in ann leas a bhaint go héasca as an gcúlchiste seo. Mar sin, tá polasaí fuinnimh na Brasaíle meáite ar fhad a bhaint as an soláthar ola atá fós aici.

An toradh: is ag an mBrasaíl atá an eacnamaíocht is forbartha ar domhan maidir le húsáid bhith-bhreoslaí. Tá an t-aitheantas seo bunaithe ar úsáid phlanda amháin, an cána siúcra. Óir is as sú an phlanda seo a dhéantar bitheatánól (bio-ethanol), a bhfuil cuid fhástach d'áit an artola á tógáil aige i gcóras iompair na tíre. Is í an Bhrasaíl an táirgeoir is an t-easportálaí bitheatánóil is mó ar domhan. Easportáiltear an fuílleach nach n-úsáidtear chuig SAM agus chun na Seapáine. Rinneadh 24.9bn galún de bhitheatánól sa Bhrasaílin 2009. B'ionann sin agus 37.7% de bhitheatánól an domhain.

Tá teacht ag tiománaithe ar bhitheatánól ar fud na Brasaíle. Bíonn an dá chineál caidéil le feiceáil i ngaráistí ann: ceann leis an gcomhartha "A" air, ina mbíonn bitheatánól ar fáil, agus ceann le "G" air ina mbíonn artola. Ní ornáid é an caidéal "A" seo, óir ní ann níos mó sa mBrasaíl d'fheithiclí éadroma a ritheann ar artola amháin. Chomh fada siar le 1976, d'ordaigh Rialtas na Brasaíle go gcaithfí artola a mheascadh le bitheatánól, sula ndíolfaí é. B'éigean innill charranna na tíre a choigeartú, dá réir, le bheith in ann an breosla measctha "nua" seo a úsáid. Ón 1 Iúil 2007 i leith, ní foláir don mheascán seo a bheith ina 25% eatánóil agus 75% artola, de réir dlí.

D'fhorbair mótarthionscal na Brasaíle carranna le hinnill atá in ann feidhm a bhaint as an mbreosla measctha seo. Cuireadh ar an margadh den chéad uair iad in 2003. I dtéarmaí tráchtála, chuir móréileamh an phobail orthu áthas ar lucht a ndéanta. Faoi 2009, ba charranna den chineál seo iad 92.3% de na carranna agus de na feithiclí éadroma uilig a cheannaigh muintir na Brasaíle. Faoi mhí na Márta anuraidh, bhí 10m de na feithiclí seo díolta agus 70 déanamh éagsúla ar an margadh, iad curtha ar fáil ag 11 déantúsóirí. Cúpla mí ó shin, bhí 12.5m de na feithiclí seo ar bhóithre na Brasaíle, leathmhilliún rothar gluaiste san áireamh.

Faoi mhí Feabhra 2008, bhí an fuinneamh a chruthaigh úsáid bitheatánóil ón gcána siúcra measta ag 17.6% den fhuinneamh iomlán a d'ídigh earnáil iompair na Brasaíle. Dar le foinsí áirithe, d'fhéadfadh go bhfuil breis agus an cúigiú cuid, agus níos mó, d'fhuinneamh iompair na tíre ag eascairt sa lá atá inniu ann as úsáid bitheatánóil. Agus é sin uilig i ngeall ar líon na bhfeithiclí nua seo, maille leis an mbreosla measctha a bheith ar fáil go réidh ar fud na tíre.

Buntáiste eile a bhaineann le húsáid bitheatánóil ná go laghdaíonn sé sceitheadh ceann de na gáis is mó is cúis leis an téamh domhanda. Óir is ionann go baileach méid na déocsaíde carbóin (CO_2) a sceitear nuair a loisctear bitheatánól agus an méid a shúnn plandaí an chána siúcra isteach agus iad i mbun fótaisintéise. Mar sin, léirigh staidéar a foilsíodh sa mbliain 2009 go raibh laghdú 600m tonna ar an méid CO_2 a sceith an Bhrasaíl isteach san atmaisféar ó 1975, an bhliain ar cuireadh tús leis an Tionscadal Bitheatánóil.

Arbh fhéidir do thíortha eile a bhfadhbanna fuinnimh a réiteach le bitheatánól? D'éirigh leis an tionscal bitheatánóil sa mBrasaíl i ngeall ar ar an teicneolaíocht chuí a bheith sárfhorbartha sa tír úd agus ar leithne na dtailte teochreasacha ann a rabhthas in ann barr mór siúcra a bhaint astu. Ní bheadh na buntáistí céanna ag chuile thír. Ach d'fhéadfadh cur chuige na Brasaíle cabhrú le réiteach a fháil ar fhadhbanna fuinnimh sna réigiúin theochreasacha i Meiriceá Theas, i gceantar na Cairibe agus san Afraic.

Agus Éirinn? An bhfeicfear an bhiatais shiúcra, foinse mhaith bitheatánóil, á cur arist d'fhonn géarchéim fhuinnimh na hÉireann a mhaolú amach anseo?

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Cló Litríocht: Ag tabhairt leabhar ar ais ó na mairbh!

Meadhbh Ní Eadhra

Is comhlacht foilsitheoireachta nua é Cló Litríocht, a bhunaigh Tomás Mac Gearailt, atá ina Stiúrthóir ar Ghrúpa Bhárd na nGleann, anuraidh. Déanann Cló Litríocht speisialtóireacht i gcruthú r-Leabhar agus tá na háiseanna is déanaí i dteicneolaíocht digitithe aige. Is dea-scéal é seo, le cúinsí geilleagracha mar atá faoi láthair, toisc gur comhlacht é Cló Litríocht atá ag cruthú fostaíochta i gceantar Gaeltachta tuaithe.

Deir an tUasal Mac Gearailt go bhfuil sé mar aidhm ag an gcomhlacht cabhrú le húdair agus foilsitheoirí a gcuid teideal a thiontú go formáid dhigiteach ar mhaithe le cartlannú nó chun deis a thabhairt dóibh a gcuid saothair a dháileadh i bhfoirm r-Leabhair.

Creideann Mac Gearailt go gcabhróidh comhlachtaí foilsitheoireachta cosúil le Cló Litríocht le húdair na Gaeilge a lucht léite a ghnóthú i bhformáid nua agus nuálaíoch. "Tá fás ollmhór ag teacht ar líon na ríomhleabhar atá ar fáil anois," a deir sé.

Tá grúpa Bárd na nGleann (www.bardnangleann.com) lonnaithe i mBéal Átha'n Ghaorthaidh, Co. Chorcaí, le fochomhlacht, Bárd na nGleann International, lonnaithe i San José, California. Ainmníodh Bárd mar an 5ú comhlacht teicneolaíochta is mó fáis in Éirinn i liosta 2005 an Deloitte Fast 50. Tá Cló Litríocht i ndiaidh Macbeth, an dráma clúiteach de chuid Shakespeare, a chur ar fáil anois trí mheán na Gaeilge mar cháipéis dar teideal An Brón-Chluiche Macbeit.

Ba ó Bheanntraí, Co. Chorcaí ó dhúchas do Labhrás Ua Súilleabháin, a d'aistrigh an dráma, agus chomhlíon sé a shaothar aistriúcháin i 1925.

"Chuir mac Labhráis, Eugene, atá ina chuntasóir i nGleann Silicon, ar an eolas muid faoin saothar úd," a deir Tomás Mac Gearailt, Stiúrthóir Bainistíochta de chuid Bárd na nGleann Teoranta, agus an fear a chuir Cló Litríocht ar bun. "Tá áthas an domhain ar Eugene agus ar bhaill eile de chlann Labhráis saothar a n-athar a fheiceáil ar ais i gcló agus i bhformáid r-Leabhair."

Le Seachtain na Gaeilge buailte linn, léiríonn an teideal seo na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an Ghaeilge a dhéanamh níos inrochtana trí shaothar liteartha clasaiceach agus an Ghaeilge féin a thabhairt le chéile ag baint úsáide as an teicneolaíocht is nua-aimseartha.

"Feictear r-Leabhair mar an teorainn nua i go leor réimsí," a deir an tUasal Mac Gearailt. "Tá fás suntasach tagtha ar mhargadh an r-Leabhair sna Stáit Aontaithe le roinnt blianta anuas le díolachán na r-Leabhar ar shuíomh Amazon.com ag sárú leabhair faoi chlúdach bog sa chóimheas 3 in aghaidh 1 in 2010. Táimid ag tabhairt cabhrach d'údair a gcuid teideal a sheachadadh i bhfoirm r-Leabhair le nach mór bliain anois. I measc na dteideal clúiteach áirítear "An Tionscadal" le Tomás Mac Síomóin, "Idir dhá Lios" de chuid Mhaidhc Dainín Uí Shé agus an t-aistriúchán Gaeilge de chuid Nicholas Williams ar "Alice in Wonderland", atá go léir ar fáil ar litriocht.com."

Creideann Mac Gearailt go gcabhróidh comhlachtaí foilsitheoireachta cosúil le Cló Litríocht le húdair na Gaeilge a lucht léite a ghnóthú i bhformáid nua agus nuálaíoch.

"Tá fás ollmhór ag teacht ar líon na ríomhleabhar atá ar fáil anois," a deir sé. "Tá siad réasúnta saor agus is féidir le daoine teacht ar leabhair áitiúla agus ar leabhair nach bhfuil i gcló a thuilleadh, rud atá an-úsáideach ar fad."

Cé go bhfuil ag éirí go hiontach le Cló Litríocht agus iad ag tabhairt faoin margadh úrnua seo, tá fadhbanna acu freisin, agus dúshláin, cosúil le gach comhlacht nua.

"Tá ceisteanna ann faoi chóipcheart, faoi bhogábhair agus mar sin de," a mhíníonn Tomás Mac Gearailt. "Baineann na rudaí sin go léir le costas." Creideann an tUasal Mac Gearailt gur am maith é seo chun comhlacht nó gnó nua a bhunú.

"Nuair a bhíonn drocheacnamaíocht ann, sin an t-am is fearr le rudaí nua a thosú," ar sé. "Nuair a bhíonn an eacnamaíocht níos fearr, bíonn gach rud níos costasaí agus bíonn sé níos deacra aon rud a dhéanamh."

Tá beirt fostaithe le Cló litríocht faoi láthair ach tá go leor tacaíochta ag an gcomhlacht mar gheall go bhfuil sé mar chuid de ghrúpa Bárd na nGleann. An bhfuil sé i gceist ag Cló Litríocht na ríomhleabhair a chur ar fáil mar chóipeanna crua sa todhchaí?

"Táimid ag smaoineamh air sin faoi láthair," a deir Tomás. "Feicfimid conas a éiríonn linn le gach rud agus ansin beimid in ann tabhairt faoi thograí nua." Tá suíomh gréasáin ag an gcomhlacht ar clo-litriocht.com agus is féidir glaoch a chur orthu ar 026 47330.

FOLÚNTAS & CÚRSAÍ

Raidió Fáilte 107.1fm

Éist ar líne/Listen online **www.raidiofailte.com**

Folúntas Poist: **Oifigeach Traenála & Léiriúcháin Raidió**

Tá duine de dhíth le hardchumas Gaeilge agus le cáilíochtaí nó taithí cuí, le hoiliúint i scileanna raidió a sholáthar agus le traenálaithe a threorú le cláir raidió nua a chruthú do Raidió Fáilte - an stáisiún raidió pobail Gaeilge i mBéal Feirste.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus le foirm iarratais a iarraidh, déan teagmháil le: ***oifig@raidiofailte.com*** nó **028 (048) 90310013** (Fergus nó Máire).

Tuarastal: Stg£24,108 sa bhliain (Tá an post seo maoinithe go dtí 31/03/2012)

Spriocdháta: 12.00in meán lae, Dé Luain, 21 Márta 2011

Beidh agallaimh ar siúl: Dé hAoine, 25 Márta 2011

Tá an post seo maoinithe ag an Chiste Craoltóireachta Gaeilge de chuid Scáileáin Thuaisceart Éireann.

NORTHERN IRELAND SCREEN
Irish Language Broadcast Fund
An Ciste Craoltóireachta Gaeilge

Is fostóir comhdheise é Raidió Fáilte.

OÉ Gaillimh NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na folúntais seo a leanas:

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Ollamh Bunaithe le Cuntasaíocht
Ollamh Bunaithe le Córais Faisnéise Gnó

Spriocdháta: 5.00 i.n. 8 Aibreán, 2011

Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratas:

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais do na poist thuas ar fáil ó láithreán gréasáin na hOifige Acmhainní Daonna:
http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/
An Oifig Acmhainní Daonna, OÉ Gaillimh, Gaillimh.
T: 353 91 492151; R: hr@nuigalway.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.oegaillimh.ie

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

teg teastaseorpach na gaeilge

Spriocdháta TEG - 11 Márta!

B2	02/04/2011
B1	16/04/2011
A2	07/05/2011
A1	21/05/2011

Is féidir na foirmeacha iarratais a líonadh agus táillí na scrúduithe a íoc ar líne anois ag **www.teg.ie**

NB: Tuilleadh eolais ag www.teg.ie nó ó **Róisín** ag **01-7086417**

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

QuickGuide™ Irish Grammar



www.siopa.ie - €9.95
(rátaí speisialta do scoileanna - 01 484 5220 nó eolas@gaelchultur.com)

BEATHA

DRÁMAÍOCHT

Dráma raidió nua ag tumadh go domhain in uiscí na Gaillimhe

Beidh dráma raidió nua-scríofa, dátheangach dar teideal Drowning ar siúl ar RTÉ Raidió 1 ar 8in Dé Domhnaigh an 13 Márta. Tá an dráma á chraoladh mar chuid de Sheachtain na Gaeilge i mbliana. Is iad TíAitreo Teo a léirigh an dráma seo, le maoiniú ón BAI. Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** le **Tomás Ó Súilleabháin**, scríbhneoir agus stiúrthóir an dráma úrnua.

Cé go bhfuil aithne mhaith ar Thomás Ó Súilleabháin, arb as Baile Átha Cliath dó, mar aisteoir stáitse, teilifíse agus scannán, is é Drowning an chéad script raidió atá scríofa aige. Ní amháin sin, ach is eisean a stiúir an dráma, rud a thug an-sásamh ar fad dó. Sa dráma seo, tá troid, dúnmharú, foréigean, agus mistéir fite fuaite lena chéile agus is cinnte gur dráma an-ghníomhach ar fad atá ann.

"Is faoi bheirt thumadóirí ón Danmhairg an dráma seo," a deir Tomás. "Téann siad ag tumadh amach ó chósta na Gaillimhe agus bíonn troid ann faoin uisce, agus dúnmharú. Tarraingítear tumadóir Danmhargach ón Atlantach agus é beo, ar éigean. Nuair a dhúisíonn sé in Ospidéal na Gaillimhe, áfach, ní bhíonn teanga ar bith aige seachas an Ghaeilge. Ní féidir leis Danmhairgis ná Béarla a labhairt ar chor ar bith."

Agus é ag caint faoina dhráma, is léir go bhfuil an-dúil ag Tomás ann agus gur chuir sé go leor smaoinimh isteach sa scéal taibhsiúil, casta seo ina measctar am agus áit, aithne agus anam.

"Titeann an cúram ar Bhríd, duine de na banaltraí, teacht ar an bhfíorscéal, mar go bhfuil Gaeilge aici agus sin an t-aon teanga atá ag an tumadóir," arsa Tomás.

Cérbh í an dúshlán ba mhó faoin dráma seo a scríobh sa chéad áit?

"Críoch a chur leis," a deir Tomás, ag gáire. "Bím i gcónaí ag tosú rudaí agus gan iad a chríochnú. Thóg sé thart ar dhá mhí orm é a scríobh. Tá mé ansásta leis an dráma. Nílim ag rá go bhfuil sé foirfe; tá fadhbanna ag baint leis ach ceapaim go bhfuil sé go maith. Tá an scéal ar nós tales of the unexpected nó rud éigin."

Is é Tomás a stiúir an dráma freisin. An raibh sé deacair teacht ar na daoine cearta chun na páirteanna a ghlacadh?

"Bhí an t-ádh liom, caithfidh mé a rá. Mar gur aisteoir mé, bhí mé sásta go leor na haisteoirí a roghnú mé féin. Bhí a fhios agam cé a bhí uaim. Tá Darach Ó Tuairisc agus Eoinín Mac Diarmada ag aisteoireacht ann, agus go leor eile. Is sórt réalt é Eoinín sa dráma, ceapaim féin," ar sé. Is dráma dátheangach é seo, agus dar le Tomás, tá sé níos réalaí dá bharr.

Cúlra Thomáis Uí Shúilleabháin

TÁ cáil ar Thomás mar aisteoir stáitse, teilifíse agus scannán, agus is ó Bhaile Átha Cliath ó dhúchas dó. Ghlac sé páirt Brian Merriman i léiriú Amharclann na Mainistreach de Chúirt an Mheán Oíche (Amharclann na Péacóige). Bhí sé le feiceáil ar chláir theilifíse mór le rá ar RTÉ le cúpla bliain anuas; Showbands agus The Clinic ina measc. Ghlac sé páirteanna in The Running Mate agus Rásaí na Gaillimhe ar TG4 agus is eisean a dhéanann guth Gaelach SpongeBob Squarepants. Bhí sé sna scannáin Intermission agus Studs. D'oibrigh sé taobh le taobh leis na haisteoirí, stiúrthóirí agus scríbhneoirí is fearr i ndomhan na teilifíse le blianta beaga anuas agus é ag foghlaim ceird na scríbhneoireachta. Is é Drowning an chéad script raidió uaidh.

"Cuireann sé as domsa nuair a bhíonn daoine ag tabhairt amach má bhíonn Béarla i script Ghaelach. Measctar an dá theanga go minic, fiú i gceantair fhíor-Ghaeltachta. Sin an chaoi a bhfuil an teanga tar éis fás. Ceapaimse chun a bheith réalach caithfidh píosaí Béarla a bheith ann chomh maith. An rud faoin dráma a scríobh mise, tá sé neamhréalach amach is amach; mar sin caithfidh sé a bheith curtha i suíomh atá réalaíoch agus i dtimpeallacht réalaíoch!"

"Cuireann sé as domsa nuair a bhíonn daoine ag tabhairt amach má bhíonn Béarla i script Ghaelach. Measctar an dá theanga go minic, fiú i gceantair fhíor-Ghaeltachta.

Sin an chaoi a bhfuil an teanga tar éis fás. Ceapaimse chun a bheith réalach caithfidh píosaí Béarla a bheith ann chomh maith. An rud faoin dráma a scríobh mise, tá sé neamhréalach amach is amach; mar sin caithfidh sé a bheith curtha i suíomh atá réalaíoch agus i dtimpeallacht réalaíoch!"

Ní bhíonn plean ar bith ag Tomás nuair a thosaíonn sé ag scríobh.

"Tagann na scéalta chugam nuair a bhím i mo chodladh. Nuair a bhíonn rud éigin á scríobh agam bíonn sé ar m'intinn an t-am go léir. Is é seo [Drowning] an chéad rud ar chuir mé The End leis riamh, agus is éacht mór a bhí ansin domsa," ar sé.

Nuair a scríobh Tomás script Drowning ar dtús, scríobh sé i bhfoirm script don scáileán é.

"Mar gur aisteoir mé bím i gcónaí ag léamh scripteanna i gcomhair scannán agus na teilifíse. Scríobh mé an script seo mar scannán ar dtús agus bhí orm é a aistriú chuig script don raidió. Tá sé an-deacair, mar ní féidir a bheith ag brath ar ghluaiseachtaí daoine; caithfidh tú na gluaiseachtaí sin a mhíniú nó comhrá a chumadh ionas go mbeidh sé soiléir do na héisteoirí cad atá ag tarlú."

Tá Tomás ag aisteoireacht le dhá bhliain déag anois agus deir sé go bhfuil líon ollmhór scripteanna léite aige.

"Léigh mé an-chuid scripteanna maithe agus an-chuid drochscripteanna a fhaigheann an t-airgead agus a théann ar an scáileán," ar sé.

Meas tú cén fáth a roghnaítear script amháin thar script eile, nuair nach bhfuil an scéal chomh maith sin?

"Uaireanta, bíonn polaitíocht taobh thiar de; má tá comhlacht léiriúcháin maith taobh thiar díot nó aisteoir aitheanta, nó duine éigin ar bord atá mór le rá, cuidíonn sé sin. Sin an chaoi a dtarlaíonn sé."

Creideann Tomás go bhfuil sé an-deacair script mhaith a thógáil ó staid na scripte tríd go dtí an raidió/scáileán.

"Stiúir mise an script seo [Drowning] don raidió agus thaitin sé go mór liom," ar sé.

"An rud faoi ná, mar aisteoir, tá mé in ann labhairt le haisteoirí ar an mbealach ceart. Tar éis 12 bhliain , tuigim anois na rudaí cearta agus na rudaí nár cheart a rá le haisteoirí.

An rud is tábhachtaí mar stiúrthóir ná muinín a chur sna haisteoirí agus gan a rá leo riamh conas rud éigin a rá. Caithfidh sé teacht ón aisteoir."

Tá Tomás i ndiaidh maoiniú a fháil le déanaí ón mBord Scannán do script a scríobh sé do ghearrscannán darb ainm Asal.

"Is mise a bheidh á stiúradh, agus beimid ag tosú air go luath i mí an Mheithimh," ar sé. "Beidh sé críochnaithe thart ar dheireadh mhí Lúnasa. Beidh sé á thaispeáint sna féilte go léir le cúnamh Dé, agus sna gaelscoileanna."

Cár mhaith leis an aisteoir, scríbhneoir agus stiúrthóir ildánach seo a bheith i gceann cúig nó deich mbliana eile? "Sásta agus ag obair!" ar sé ag gáire.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

'Mo Dhá Róisín'

'Máire'
Nollaig Mac Congáil (eag)
Coiscéim
€10

Léirmheas le Proinsias Mac a' Bhaird

Pléisiúr i dtólamh é do mo mhacasamhail ar de bhunadh na Rosann é leabhar ar bith de chuid Mháire a léamh. Is cuimhin liom agus mé ag éirí aníos go mbíodh ceithre nó cúig cinn dá chuid leabhartha ar an tseilf bheag in aice na tine i dteach m'athar mhóir, iad salach ag an súiche agus ag an aimsir, na leathanaigh briosc. An seanchló gaelach a mheall an chéaduair mé, é coimhthíoch domh agus mé i mo thachrán. Ansin nuair a tháinig mé in inmhe léimh agus tuigbheála mheall na scéalta mé. I mo mhac léinn domh ba í an tSeanGhaeilge álainn a bhí iontu a thóg m'aird. D'fhéadfá a rá go raibh Séamas Ó Grianna liom i gcónaí agus mé ag dul i ngleic leis an fhocal scríofa.

Nuair a iarradh orm léirmheas a scríobh ar an eagrán úr seo atá curtha in eagar ag Nollaig Mac Congáil, thug mé faoin obair le dúthracht. Táthar ann a deir nach bhfuil mórán den 'litríocht' (cibé rud é sin) i saothar Mháire, go mbíonn glór an mháistir scoile chun tosaigh, go mbaineann siad barraíocht leis an chúis náisiúnta agus leis an ghrá soineanta. Cáintear a chuid leabhartha de thairbhe an rómánsachais shimplí atá go smior iontu. Ar an láimh eile feictear luach iontu mar fhoinsí eolais ar an stair shóisialta, mar cháipéisí a thugann léargas ar shaol na Gaeltachta ag tiontú an chéid seo a chuaigh thart agus ar ndóigh moltar iad as an Ghaeilge shaibhir ghlan atá iontu.

Ní bheadh maith domhsa a bheith ag iarraidh teacht trasna ar na tuairimí sin agus níl aon dabht ach gur féidir 'Mo Dhá Róisín' a cháineadh agus a mholadh ar na cúiseanna céanna. Ba é seo an chéad úrscéal ó lámh an Ghriannaigh agus tá sé le feiceáil gur scríbhneoir a bhí ann a bhí ag foghlaim a cheirde. Tá lochtanna ar an scéal féin, an tsimplíocht, an easpa forbartha a thagann ar na carachtair, plota atá intuartha. D'éirigh leis lá ní b'fhaide anonn leabhair ar nós 'Caisleáin Óir', 'Cith is Dealán' agus 'Bean Ruadh de Dhálach' a scríobh a bhí níos snasta, a thug léiriú níos fearr ar an tsochaí ónar fréamhaíodh é, a chuaigh i ngleic níos fearr le téamaí uilíocha an ghrá agus an athraithe, a thug léargas ar an tráma a bhain le sochaí thraidisiúnta a bhí á tarraingt (go minic in éadan a tola féin) isteach sa saol nua-aimseartha.

Iomann grá do náisiún agus teanga na hÉireann atá i Mo Dhá Róisín. Suite sna blianta roimhe agus ag teacht chun buaice i rith Éirí Amach 1916, déantar ceiliúradh ar an íobairt fola, an íobairt naofa fola a rinneadh ar son tíre agus teanga. Tá an insint róshimplí, braitheann an scéal cuid mhór ar chomhtharlúint, ní dhéantar forbairt shásúil ar na carachtair agus creidim go bhfuil an téama rud beag saonta do léitheoir na linne seo. Ach ní cúis é sin le beagmheas a chaitheamh ar an leabhar. Tá cúis chuid scríbhinní Mháire a bheith i gcló le corradh le céad bliain! Léitear iad ar mhaithe leis an Ghaeilge shnasta, ar mhaithe leis an phictiúr a thugtar ar thosca sóisialta an chéid seo a chuaigh thart. Tá luach stairiúil is teanga leo. Más sin atá de dhíth ar an léitheoir, tá sé anseo go tiubh!

Tá an t-eagrán seo le moladh ar chúpla dóigh. Tá eagarthóireacht mhór déanta ag Nollaig Mac Congáil ar an bhunthéacs ach d'éirigh leis an chanúint a thabhairt slán. Cé go bhfuil an chuid is mó den téacs scríofa de réir ghnásanna an lae inniu, coinníonn an t-eagarthóir an seanlitriú nuair is é is fearr a léiríonn blas na canúna. Fosclaíonn seo an leabhar amach ní hamháin do léitheoirí an Tuaiscirt ach d'éinne ar suim leo an t-ábhar. Ba bhreá liom féin é dá mbeadh nóta nó dhó tugtha aige faoin mhodh eagarthóireachta a bhí in úsáid, sílim go gcuirfeadh sé leis an saothar.



Sin ráite, níl aon easpa ann sa réamhrá toirtiúil agus sna léirmheasanna comhaimseartha a bhronnann Mac Congáil orainn, a chruthaíonn comhthéacs úsáideach don leabhar. Obair thábhachtach atá ar siúl ag Nollaig Mac Congáil le traidhfil blianta anuas saothar Mháire a chur os ár gcomhair arís agus tá an leabhar seo le moladh!

'Ó Ishi go Hopi Boy'

John Walsh agus Lillis Ó Laoire
Coiscéim
€9

Léirmheas le Pádraig Ó Maolchraoibhe

Seo leabhar sainiúil i measc na leabhar Gaeilge uilig a foilsíodh ó thús na hAthbheochana go dtí an lá atá inniu ann. Tá sé sin le feiceáil go soiléir san fhotheideal atá air: "An troid in aghaidh dhíchuimhne na dteangacha dúchais in Iardheisceart na Stát Aontaithe."

Bíonn cuid agaibh buartha faoi bhás na speiceas i saol na n-ainmhithe, na bplandaí is araile. Ach na teangacha? Tá níos mó ná 6000 acu beo go fóill...agus cuid mhaith ag fáil bháis achan bhliain!

Taispeánann Walsh agus Ó Laoire, ar léachtóirí iad araon in Ollscoil na Gaillimhe, nach gan troid atá sé seo ag tarlú i measc na dteangacha dúchais in Arizona, Colorado, Utah, New Mexico agus California, in Iardheisceart na Stát Aontaithe.



Tá thart fá mhíle teanga dúchais go fóill i Meiriceá uilig, ó Alasca go Tierra del Fuego (*"The Languages of the World"* Kenneth Katzner). De réir leabhar seo Walsh agus Uí Laoire, i gCalifornia amháin tá "suas le 50 teanga bhundúchasach fós ar marthain, más ar éigean féin é" Deir siad go bhfuil an leabhar dírithe ar an mhac léinn fochéime, agus scrúdú á dhéanamh aige ar mheathlú, athréimniú agus athneartú teangacha mar chúlra do chás na Gaeilge ach sílim go gcuirfidh cuid mhaith de lucht léite na Gaeilge suim ann cionn is go mbíonn spéis againn i dteangacha atá ag streachailt le mairstin beo agus atá ag seasamh in éadan ró-ionannas domhan an lae inniu.

Is pléisiúr é fáil amach sa leabhar seo go bhfuil scoláirí ollscoile i Meiriceá a bhfuil suim acu in athneartú na gcultúr agus na dteangacha dúchais agus tá daoine cosúil leis an Ollamh Leanne Hinton mar laochra ag na húdair.

Fiú an teanga dhúchais is láidre i S.A.M. ó thaobh uimhreacha, an Navachóis (Navajo) le 178,000 cainteoir, tá sí i gcontúirt mar tá sí i bhfad níos láidre ag na seandaoine ná mar atá sí i measc na n-ógánach.

Ach tá tumoideachas bunscoile leis an teanga a láidriú, ag dul ar aghaidh in áiteacha cosúil le baile mór Flagstaff in Arizona. Tá scéimeanna dochreidte, ach measartha éifeachtach, le teangacha nach bhfuil de chainteoirí dúchais fágtha acu ach leathdhosaen, mar shampla, (agus gan córas scríbhneoireachta acu fiú) á theagasc do dhaoine fásta.

Agus tá corrchás ag dul in éadan na gclaontaí uilig i dtreo an Bhéarla. Tá na Havasúpaigh ina gcónaí i gceantar an Gran Canyon leis na mílte bliain. Tá an teanga (Havasúpais) á labhairt go tréan ag an 650 atá ina mbaill den treibh agus is í a úsáidtear sna scoileanna. Is cosúil go mbaineann an toradh seo le cé chomh scoite amach is atá siad. Níl teacht orthu ach i héileacaptar nó ar mhuin capaill!

Cad a chiallaíonn an teideal diamhair? Caithfidh tú an leabhar a léamh le fáil amach! Leabhar gairid, gairmiúil, gleoite (pictiúir dheasa daite, agus léarscáil). Blaiseadh ar dhomhan a bhfuil muid aineolach air. Agus, i gcuid agaibh, músclóidh sé suim a mhairfeas go bás!

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

'Dúirt bean liom' ar Raidió Fáilte

Seoladh an tsraith úr do Raidió Fáilte, 'Dúirt bean liom' ar lá idirnáisiúnta na mban ar an Mháirt seo caite. Labhair **Treasa Bhreathnach** le duine de láithreoirí an chláir, **Milène Fegan**.

Tógadh Milène le Fraincis agus Gaeilge ó dhúchas ach is Béal Feirsteach í féin ó dhúchas. Is as an Fhrainc dá máthair agus as Béal Feirste dá hathair agus tá sé soiléir nach amháin gur tógadh í lena dá theanga dhúchasacha ach go bhfuil siad sáite ina croí agus a hanam istigh.

Tar éis di tabhairt faoin bhFraincis agus faoin nGaeilge sa choláiste chuaigh sí ag obair go lánaimseartha leis na meáin chumarsáide, nó na meáin phobail mar is cirte dom a rá. Cé go mbíonn sí le cloisteáil go minic ar Raidió Fáilte na laethanta seo, ní rud nua é seo di. "9 mbliana ó shin a chuaigh mé ar Raidió Fáilte ar dtús nuair a bhí mé fós ar an scoil, agus nuair nach raibh an stáisiún dleathach fiú," a deir sí.

Tar éis feachtas fada chun stáisiún raidió Gaeilge a bhunú sa Tuaisceart, fuair Raidió Fáilte a gceadúnas craolacháin in 2006 agus thosaigh siad ag craoladh ón 15 lá de Mheán Fómhair na bliana sin.

Bíonn siad ag craoladh 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá sa tseachtain gach uile lá den bhliain. Tá triúr ag obair go lánaimseartha sa stáisiún ach bíonn idir 30 agus 40 duine ag obair leo go deonach gach uile sheachtain. Deir Fergus Ó hÍr, "Tá ár gcraoltóirí iontach dílis dúinn agus tá muid an-bhuíoch dóibh. Is stáisiún pobail muid agus is leis an phobal an stáisiún. Cuireann muid traenáil agus áiseanna ar fáil agus bíonn cláir d'ardchaighdeán á léiriú ag an phobal don stáisiún as sin." Is iad Raidió Fáilte an t-aon stáisiún pobail deonach a ainmníodh do ghradam 'Féile na Meán Ceilteach' i measc na

stáisiún eile tráchtála mar an BBC agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

"I ndiaidh dom an coláiste a fhágáil chuaigh mé ag obair le Northern Visions Television (NvTv), stáisiún pobal teilifíse anseo agus chuaigh an t-am a chaith mé ansin go mór i gcion orm," a deir Milène. "Tá ról an-tábhachtach ag na meáin phobail mar go gcluintear na daoine agus barúlacha na ndaoine céanna sin. Caithfidh siad cloí leis na rialacha céanna leis an BBC nó RTÉ ach bíonn cláir agus éagsúlacht daoine níos leithne orthu. Bíonn réimse mór blasanna agus tuairimí le cluinstin ó gach aoisghrúpa agus aicme ar na meáin phobail, rud atá in easnamh ar BBC agus RTÉ sílim," ar sí. Tá íomhá leanúnach ag raidió agus teilifís phobail nach bhfuil sé chomh proifisiúnta céanna leis na meáin chumarsáide eile a oibríonn ar bhonn brabúis, ach an aontódh Milène leis seo? "Tá teacht an idirlín iontach do na meáin phobail. Níl muid chomh 'glossy' leis na meáin chumarsáide eile ach ní rud dona é sin. Is mar gheall air sin a thuigeann daoine go bhfuil siad chun an 'Real McCoy' a fháil. Níl rud ar bith cumtha leis na meáin phobail agus cuirtear ardán ar fáil chun súil a chur ar a bpobal féin agus aithníonn muid ar fad muid féin sna cláir sin."

Ní hamháin go mbíonn Milène le cloisteáil ar an raidió ach bíonn sí le feiceáil mar thuairisceoir ar an suíomh idirlín nuachta 'Nuacht24' go rímhinic. Is bean í a bhfuil geamhach déanta aici ar rólanna traidisiúnta gairme cumarsáide: láithreoir, tuairisceoir, léiritheoir agus taighdeoir roinnt de na teidil a thugtar uirthi ach teideal eile a thugtar uirthi atá beagán níos suimiúla ná an 'Gossip Gaeilgeoir'.

"Bíonn orm daoine agus scéalta a aimsiú gach lá don phost agus bíonn daoine i gcónaí ag teacht chugam ag lorg Gaeilgeoirí i réimsí áirithe. Tá Béal Feirste chomh mór sin ach fós féin is féidir leis a bheith deacair daoine úra a aimsiú ach is féidir é a dhéanamh. Mar shampla coicís ó shín bhí píosa againn le gasúr a bhí sa choláiste liom ar feadh tamaill. Tá sé ina ghruaigeadóir anois agus bhí sé ag labhairt linn tar éis na Brit Awards, áit ar chas sé le Rihanna agus na réaltaí móra eile."

Leis an tsraith úr, 'Dúirt bean liom', beidh Milène agus láithreoir eile na sraithe, Caoimh e Ní Chathail, ag cur mná éagsúla faoi agallamh agus iad ag díriú ar ábhair idir mhagadh agus dáiríre. Tá sé i gceist go mbeadh an comhrá idir na mná compordach agus cainteach agus iad ag díriú ar timpeall 3 ábhar ina aghaidh an chláir. "Ar an chlár beidh aíonna éagsúla againn, agus speisialtóirí chomh maith le vox pops, pacáistí agus giota beag craic leis an phobal." Ar an chlár an tseachtain seo chugainn beifear ag caint is ag comhrá faoi mhná sa pholaitíocht agus agallamh acu le Bríd Rodgers ó Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (SDLP) mar chuid de sin. Tá an clár á réamhthaifeadadh faoi láthair ach tá súil ag Milène go mbeifear ag dul beo leis gan mhoill sa chaoi agus go mbeadh ionchur níos mó ag an bpobal ann.

Cé nach n-íoctar í as a cuid oibre ar Raidió Fáilte ní chuireann sé seo bac ar bith lena cuid brionglóidí do thodhchaí an stáisiúin raidió phobail seo. "Ba bhreá liom, amach anseo, go mbeadh Raidió Fáilte mar shórt 'Media Hub' ar líne. Cuireann an raidió a lán deiseanna traenála ar fáil agus bheadh sé iontach é sin a leathnú amach agus go mbeadh muid mar Hub do na pobail Ghaeilge, ní hamháin in Éirinn, ach na pobail Ghaeltachta i gCeanada srl. Tchím go mbeadh sé nádúrtha go dtabharfadh na meáin na pobail sin ar fad le chéile," a deir Milène.

Tá fáil ar Raidió Fáilte ar fud chathair Bhéal Feirste agus i gceantracha áirithe níos faide ná sin ar 107.1fm agus fáil air ar fud an domhain ag raidiofailte.com.

Craolfar 'Dúirt bean liom' ar an Mháirt ag 9rn, ar an Satharn ag 7in agus i lár na hoíche do na héisteoirí thar farraige ag 5rn ar an Déardaoin.

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Spórt na Féile Pádraig' Clár beo á chraoladh ó Pháirc an Chrócaigh áit a mbeidh craobhchomórtais Chlubanna na hÉireann sa pheil agus san iomáint á n-imirt. Tabharfaidh na O'Loughlin Gaels aghaidh ar Dhroichead an Chláirín san iomáint agus Naomh Bríd Ros Comáin aghaidh ar Rangers Chrois Mhic Lionnáin sa pheil. Déardaoin @ 1.30in

BBC Ulaidh: 'The Late Show' Is é Bob Geldof a bheidh mar aoi speisialta ar an chlár le Stuart Bailie an tseachtain seo agus é i mbun cainte faoina shaol gairmiúil a mhair cúig dheich mbliana. Rinneadh taifead ar an chlár seo i gcistin Bob agus roghnaigh sé roinnt de na hamháin is fearr leis le seinm le linn an chláir. Dé Luain @ 10in.

Dublin City fm 103.2: 'Saol na nGael' Déanann láithreoir na sraithe seo, Fran Baker, scagadh ar gach rud gaelach sa chlár seachtainiúil seo a chraoltar ag 8in gach Déardaoin.

Féach ar:

RTÉ 2: 'Anonymous' Sa chlár seo feicfidh muid Gráinne Seoige agus í gléasta mar 'Gillian Cullen' atá ag iarraidh a líne féin de pjs a dhíol i nDeilginis. Ní hamháin go gcuireann sí an dallamullóg ar an bpobal ach ar Bobby Kerr ó Dragon's Den agus a deirfiúr féin, Síle, fiú. Dé Luain @ 9.55in.

TG4: 'Feirmeoirí' Sraith úr a leanann roinnt feirmeoirí agus iad i mbun a saolta oibre. Sa chlár seo den tsraith tagann grúpa turasóirí, nach raibh súil leo, chuig taispeántas madraí caorach Joe Joyce i nDúiche Sheoigheach. Bíonn ar Phádraig Ó Scanaill na hadharca a bhaint de roinnt dá ghamhna agus glaonn Noel Lynch i mBaile Bhuirne ar an tréidlia chun súil a chaitheamh ar a reithe. Dé Domhnaigh @ 9.30in.

BBC Alba: 'Piping Live' Cuireann Julie Fowlis trí cinn de na ceolchoirmeacha is fearr i láthair ón fhéile ceoil 'Piping Live' ; Fred Morrison, Breabach agus Treacherous Orchestra atá ar an stáitse ag seanmhargadh torthaí Ghlaschú. Dé Sathairn @ 9in.

'Gypsies On The Autobahn'

Labhraíonn **Seán Ó Dubhchon** leis an bhuíon

I SEOMRA cleachta cúlráideach i gCabrach, Baile Átha Cliath mhothaigh mé feiniméan réabhlóideach nua ceolmhar; feiniméan na todhchaí. I dtionscal siamsaíochta sáithithe le teilifís réaltachta agus scéalta ratha láithreacha, tá forbairt á déanamh ag banna amháin ó thús normálta umhal chun teacht chun cinn mar *Gypsies On The Autobahn*. Aistear ciúin atá caite acu go dtí seo a tharla trí chomhrá, tríd an idirlíon agus trí léirithe gan staonadh timpeall na cathrach. Diaidh ar ndiaidh tá uaillmhianta an bhanna ceoil á gcomhlíonadh. Beidh *Gypsies On The Autobahn* ag dul ar stáitse Academy ar Shráid na Mainistreach anocht. Ar an dea-uair labhair mé le *Gypsies On The Autobahn* in éineacht lena mbainisteoir Matt Mooney faoi stair an bhanna, na gníomhaíochtaí atá ar bun acu faoi láthair agus na huaillmhianta atá acu don todhchaí.

Is fíor an rud é go bhfuil Gypsies On The Autobahn ag cruthú tonnta glóracha i measc phobail an cheoil ar na mallaibh agus tá sé sofheicthe go bhfuil tionchar agus leanúint ar leith agaibh. Cén chaoi a gcuirfeá an banna i láthair dóibh siúd nach bhfuil ar an eolas faoi GOTA fós?

James Smith: Bhuel, tá ceathrar againn ar fad sa bhanna. Tá mé féin i mbun canadh agus an ghiotáir, mo dheartháir Dan i mbun na ndrumaí, Gary Quinn i mbun giotáir agus Niall Mooney i mbun an ghiotáir dhordghutha. Múnlaíodh an banna breis agus cúig bliana ó shin mar gheall ar chomórtas ceoil a bhí ar siúl sa cheathrú bliain ar an meánscoil ag an am. Bhí sé feicthe againn go raibh cúpla banna ceoil eile ag ullmhú don chomórtas agus cuma orthu go raibh siad ag baint an-taitneamh agus sult ar fad as. Mar sin, shíl muid gur chóir dúinn banna a chur le chéile agus iarracht a dhéanamh an bua a bhaint amach agus b'fhéidir beagáinín coimhlinte a chothú i gcomórtas an cheantair.

Thiocfaí a rá go bhfuil seánra ar leith ag Gypsies On The Autobahn nach bhfuil ag bannaí eile ar aon nós. Cén chaoi a gcuirfeá síos ar an seánra a bhaineann le cuid ceoil Gypsies On The Autobahn?

James Smith: Déarfainn go bhfuil eilimintí den phopcheol neamhspleách inár gcuid amhrán ach tá ceol tíre le cloisteáil in armóiní ár n-amhrán chomh maith.

Gary Quinn: Deirtear freisin go bhfuil cosúlachtaí idir na harmóiní atá againne agus iad siúd atá ag Mumford and Sons agus Interpol.

Ainm nua-aimseartha, éagsúil agus 'cool' ar fad ab ea Gypsies On The Autobahn. Cén chaoi ar bheartaigh sibh an t-ainm sin ar dtús?

James Smith: D'fhreastail muid go léir ar an mheánscoil le chéile agus chaith muid tréimhse mhaith i dtóir ainm don ghrúpa le haghaidh an chomórtais. Lá amháin tar éis rang corpoideachais, rinne duine de na leaideanna, Colly Horan, machnamh faoi seo. Ní mór dom a rá go bhfuil sé beagáinín earráideach ach phioc sé cúpla ainm ar aon nós. Bhí The Disco Moose And The Elongated Tailfeathers mar cheann de na hainmneacha a chuir sé os ár gcomhair. Cheap muid go raibh sin saghas casta agus go raibh an iomarca litreacha san ainm sin. Tar éis tamaill luaigh sé Gypsies On The Autobahn agus ní raibh aon amhras faoi. Tá sé fós linn.

Má tá rud éigin tábhachtach le plé sa bhanna nó má tá argóint ar siúl cén chaoi a réitítear an fhadhb?

James Smith: Ní ghlacann aon duine go dona é má deirtear leo go bhfuil siad mícheart faoi rud éigin. Molann muid comhrogha mura n-aontaíonn muid le smaointe na ndaoine eile. Anois is arís bíonn drochlaethanta againn agus téann muid thar fóir ach sa deireadh thiar thall tá a fhios againn nach mbeadh muid sásta amach anseo ag seinm amhrán nach raibh comhlíonta agus foirfe.

Dan Smith: Cé go mbíonn muid maslach le chéile is cairde muid le fada agus tá muid go léir cinnte go mbeidh torthaí maithe ar an gcur chuige sin i dtodhchaí an bhanna. Ní chuirtear am amú agus táimid i bhfad níos fearr as.

Cén ról atá agatsa, a Matt, in Gypsies On The Autobahn?

Matt Mooney: Tá mise leis an mbanna ar feadh fhormhór a saolré go dtí seo agus bím ag fógairt ceolchoirmeacha atá ag teacht aníos sa todhchaí, agus ag leagan béime orthu. Bím ag reáchtáil suímh idirlín dóibh agus ag seoladh amach an demo a rinne siad le gairid chuig an lucht leanúna. Tugaim spreagadh dóibh ó thaobh cumadóireacht amhrán mar go gceapaim go bhfuil sé fíorthábhachtach réimse leathan amhrán a bheith acu sula dtosóidh siad ag dul ar camchuairt go buan. Déanaim cinnte freisin go mbíonn an obair déanta acu i gcónaí agus go mbíonn gach rud ag dul go breá dóibh.

Cén chaoi a ndéanann Gypsies On The Autobahn freastal ar a lucht leanúna?

Dan Smith: Táimid ar Facebook agus ar MySpace cé go mbíonn níos mó ratha ar Facebook faoi láthair. Le gairid chuir muid leathanach Twitter ar fáil chomh maith agus tá suim ag méadú sa chóras sin. Bhí sraith físeán againn le gairid ar Youtube darbh ainm Rehearsal Room Sessions agus tá an-chuid físeáin eile crochta againn ar an suíomh sin chomh maith. Déanann Ciarán Hughes an-chuid oibre linn ar na físeáin sin. Tá roinnt léirithe déanta againn le haghaidh Balcony TV freisin a thug ardán ar dóigh dúinn. Tá demo taifeadta againn atá ar fáil saor in aisce agus ní mór teagmháil a dhéanamh linn.

Beidh ceolchoirm agaibh san Academy ar an 11ú Márta. Cad é mar a mhothaíonn sibh faoi sin?

Gary Quinn: Ba é an cheolchoirm seo an chéad cheann a d'eagraigh muid inár n-aonar. Tá a thuilleadh ceolchoirmeacha déanta againn le bannaí eile nó ar bheagchóir. Tá forbairt déanta againn le gairid agus léiríonn an cheolchoirm seo sin. Ár lucht leanúna féin a bheidh san Academy an oíche sin agus tá na ticéid ag díol chomh maith. Suíomh mór is ea an Academy ach ba mhian linn gach ticéad a dhíol. Dhírigh muid ar an lucht leanúna a shaothrú ar dtús agus ceolchoirm mhór a dhéanamh ansin. Tá sé fíorthábhachtach forbairt go leanúnach agus go measartha mall nó titfidh gach rud as a chéile.

Cad iad uaillmhianta Gypsies On The Autobahn?

Niall Mooney: Ba mhaith linn níos mó amhrán a chumadh. Le cúpla mí anuas, tá na dosaenacha amhrán cumtha againn agus feicimid go bhfuil comhtháthú idir na hamhráin ó thaobh cúrsaí stíle de. Bhíodh na hamhráin á seinm againn le fada ach tá sin ag athrú anois. Dá mbeadh albam á chur le chéile againn bheadh sé i bhfad níos 'comhlíonta ' mar gheall air sin. Lasmuigh de sin, tá súil againn leanúint ar aghaidh agus níos mó ceolchoirmeacha a dhéanamh. Tá muid ag forbairt linn diaidh ar ndiaidh i rith an ama agus tá súil againn go mbeidh torthaí flúirseacha á mbaint amach againn sula i bhfad.

Tá Gypsies On The Autobahn ar Facebook (ait a bhfuil demo le ceithre amhrán le fáil), ar Twitter, ar MySpace, ar Breaking Tunes agus ar Youtube. Beidh siad ag seinm in amharclann Academy ar Shráid na Mainistreach ar an 11ú Márta. €7 atá ar na ticéid agus tá siad ar fáil ó www.ticketmaster.ie

OIDEACHAS

Dhá Ghaelscoil i measc na cúig bhunscoil nua atá faofa ag an Roinn

Ach díomá ar Ghaelscoil an Chuilinn nach mbeidh siad ag oscailt i mbliana

Meadhbh Ní Eadhra

FÓGRAÍODH an tseachtain seo go bhfuil an Roinn Oideachais i ndiaidh faomhadh a thabhairt do chúig bhunscoil nua in Éirinn, agus go bhfuil na scoileanna le hoscailt idir seo agus 2013. Tá na scoileanna go léir le bheith lonnaithe i gcrios comaitéara Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil méadú tapaidh ag teacht i gceantair áirithe ar an daonra óg, agus an-ghá le scoileanna nua. Is iad Educate Together agus an Foras Pátrúnachta an dá phátrún a roghnaíodh chun na scoileanna a bhunú, agus tá dhá ghaelscoil le bheith ann chomh maith le trí scoil eile. Osclófar dhá scoil de chuid an Fhorais Pátrúnachta, ceann i mBaile Átha Cliath agus ceann eile i gContae na Mí.

"Táimid réidh leis an scoil a oscailt i mí Mheán Fómhair. Ní thuigimid cén fáth nach bhfuil muid ar an liosta don bhliain seo. Táimid i ndiaidh dul ar ais go dtí an Foras Pátrúnachta agus iarraidh orthu soiléiriú a fháil ón Roinn ar an gceist seo. Táimid ag fiosrú an scéil agus tá an Foras ag feidhmiú ar ár son" : Cathaoirleach ar Choiste Bhunaithe Ghaelscoil an Chuilinn, BÁC,

Beidh Educate Together ag oscailt trí scoil i mBaile Átha Cliath. Scoileanna ilchreidmheacha agus idirchreidmheacha a bheidh sna scoileanna ar fad, agus ní bheidh scoileanna Caitliceacha ar bith i gceist.

Cé gur dea-nuacht é seo do go leor scoileanna, is cúis díomá é do scoileanna áirithe chomh maith. Ar cheann de na scoileanna seo tá Gaelscoil an Chuilinn i Mullach Eadrad i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. Bhí lucht na scoile seo ag súil le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2011 ach de réir an méid atá ráite ag an roinn, beidh orthu fanacht bliain eile.

Deir Alison Carruth, Cathaoirleach ar Choiste Bhunaithe na scoile, go bhfuil siad sásta go mbeidh Gaelscoil sa cheantar ach tá díomá orthu go mbeidh orthu fanacht bliain eile sula n-osclófar an scoil.

"Táimid réidh leis an scoil a oscailt i mí Mheán Fómhair," ar sí. "Ní thuigimid cén fáth nach bhfuil muid ar an liosta don bhliain seo.

Táimid i ndiaidh dul ar ais go dtí an Foras Pátrúnachta agus iarraidh orthu soiléiriú a fháil ón Roinn ar an gceist seo. Táimid ag fiosrú an scéil agus tá an Foras ag feidhmiú ar ár son."

Deir Alison go raibh 37 páiste cláraithe sa scoil le tosú i nGaelscoil an Chuilinn i mí Mheán Fómhair 2011.

Osclófar trí bhunscoil nua in 2011 agus dhá scoil eile i mí Mheán Fómhair 2012.

Sa phictiúr tá cuid dóibh siúd a ghlac páirt i ndianchúrsaí Gaeilge a reáchtáladh ag an Pháirc Lúthchleasaíochta de CLG Ard Mhacha Dé Sathairn seo caite, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge. Bhí 36 dalta sna ranganna éagsúla, idir thosaitheoirí, foghlaimeoirí idirmheánacha agus cainteoirí líofa. Caitríona Ní Aodha, Áinín Ní Eachaidh agus Mícheál Ó Beagáin a bhí ag múineadh na ranganna.

Bunchúrsa Gaeilge - saor in aisce!

Meadhbh Ní Eadhra

ANOIS agus Seachtain na Gaeilge buailte linn, tá Forbairt Naíonraí Teo ag tabhairt cóipeanna den fhoilseachán An Chéad Chéim amach SAOR IN AISCE. Is bunchúrsa Gaeilge é An Chéad Chéim atá dírithe ar dhaoine a oibríonn le páistí i naíolanna, Naíonraí, grúpaí súgartha, seirbhísí iarscoile, &rl.. Úsáideann tuismitheoirí é chomh maith, mar bhealach leis an gcúpla focail a úsáid sa teach, trí úsáid fhocail agus frásaí bunúsacha.

Tá an foilseachán roinnte i gcaibidlí éagsúla mar 'Fáiltiú ar maidin', 'Am lóin' agus 'Ag dul abhaile'. Tugtar focail agus frásaí bunúsacha i ngach caibidil, mar aon le rann a bhaineann leis an ábhar.

De bharr éilimh, tá dhá fhoilseachán nua á bhforbairt ag FNT faoi láthair, a bheidh ar díol don phobal i gceann cúpla mí. Is leabhar frásaí é BunGhaeilge do Thuismitheoirí agus Feighlithe Leanaí agus beidh dlúthdhiosca ag dul leis le cuidiú leis an bhfoghraíocht. Is lámhleabhar é an dara fhoilseachán, How to Enjoy Irish with Young Children, atá dírithe ar dhaoine a oibríonn le páistí. Is bailiúchán cuimsitheach de fhrásaí, rannta agus amhráin atá ann, agus beidh dlúthdhioscaí ag dul leis chomh maith. Más maith leat cur leis an nGaeilge atá in úsáid agat le páistí, nó meáin nua mar scéalta nó amhráin a úsáid leo, tá raon leathan áiseanna ar fáil ó FNT. Tá foirm ordaithe ar fáil le híoslódáil ó www.naionrai.ie/tacaiocht/diolachan/index.ga. Tá An Chéad Chéim ar fáil le híoslódáil saor in aisce i bhfoirm PDF ó shuíomh FNT ag www.naionrai.ie/tacaiocht/ailt/index.ga.

Doodle 4 Google!

Is í Layla Karpuz ó Scoil Náisiúnta Sóisearach, Mhuire, Máthair ár nDóchais, Co. Baile Átha Cliath a bhuaigh an comórtas i mbliana. Bhí a cuid breacaireachta le feiceáil ar suíomh idirlíne www.google.ie ar feadh 24 uair ar an gCéadaoin.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Táillí mic léinn

Ceist: Tá mé trí chéile ag na hathruithe ar an Muirear na Seirbhísí Mac Léinn. Cén fáth go bhfuil sé níos mó don chéad pháiste agus níos lú don dara páiste sa teaghlach?

Freagra

FAOI láthair íocann mic léinn tríú leibhéal Muirear na Seirbhísí Mac Léinn go bliantúil (ar a dtugtar táille clárúcháin freisin) de €1,500. Don bhliain acadúil nua 2011/12 tá Ranníocaíocht Ardoideachais do Mhic Léinn le híoc, atá socruithe ag €2,000 in aghaidh na bliana, in ionad an táille seo. Íocann mic léinn páirtaimseartha €1,000 in aghaidh na bliana. Beidh ar gach dalta incháilithe an ranníocaíocht seo a íoc.

Ní chaithfidh mic léinn a cháilíonn do dheontais tríú leibhéal í a íoc agus íocann teaghlaigh a bhfuil a n-ioncam faoi theorainneacha áirithe ranníocaíocht leath-ráta (téigh go dtí citizensinformation.ie chun na teorainneacha do do theaghlach a sheiceáil). Is féidir leat an ranníocaíocht a íoc i ndá thráthchuid.

Ní féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar Mhuirear na Seirbhísí Mac Léinn atá ann faoi láthair ós rud é nach meastar mar tháille é. (Má íocann mic léinn tríú leibhéal táillí is féidir leo faoiseamh cánach a éileamh ar na táillí seo faoi choinníollacha áirithe.)

Mar sin féin, beidh an Ranníocaíocht nua do Mhic Léinn i dteideal fhaoiseamh cánach i gcásanna áirithe. Is as seo a dtagann an difríocht idir an gcéad agus an dara leanbh i do theaghlach. Ní féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an gcéad €2,000 iníoctha ag do theaghlach (m.sh. do chéad pháiste). Mar sin féin, is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar aon ranníocaíocht eile a íocann tú do mhic léinn (m.sh. aon pháiste eile in ardoideachas). Tá an faoiseamh cánach ag an ráta caighdeánach de 20%. Go bunúsach, ciallaíonn sé seo go n-íocann an dara deartháir/deirfiúr agus ina dhiaidh sin ranníocaíocht do mhic léinn de €1,600 in ionad €2,000. Má tá do pháistí ag staidéar go páirtaimseartha, níl an chéad €1,000 incháilithe d'fhaoiseamh cánach.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos. Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

Scoil Earraigh OÉG don Phleanáil Teanga

An Mionteangachas: an Duine sa Phobal

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Scoil Earraigh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, don Phleanáil Teanga á reáchtáil ag Aonad na Pleanála Teanga, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an Luan 28 Márta 2011.

Glacfaidh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta páirt sa Scoil Earraigh agus iad ag súil go spreagfar plé agus machnamh ar réimsí éagsúla na pleanála teanga, agus ar na ceachtanna atá le foghlaim ón gcomhthéacs leathan sóisialta, polaitíochta agus cultúrtha ina bhfuil mionteangacha an domhain ag maireachtáil.

I measc na n-aoichainteoirí beidh: an Dr. Enlli Thomas, Ollscoil Bangor sa Bhreatain Bheag, an Dr. Peadar Ó Flatharta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Dr. F. Xavier Vila i Moreno, Ollscoil Barcelona, An Chatalóin agus an Dr. John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tá táille €40 le n-íoc don Scoil Earraigh seo ach is féidir le mic léinn freastal uirthi saor in aisce, chomh maith le foireann an Acadaimh.

Beidh clárú ar siúl idir 9.00 - 9.30rn Dé Luain 28 Márta 2011. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Laoise Ní Thuairisg ag laoise.nithuairisg@oegail-limh.ie nó (091) 595101.

I ndiaidh an chlárúcháin Dé Luain, beidh an Dr. James Browne, Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag oscailt na scoile go hoifigiúil ag 9.30rn. Beidh léachtaí éagsúla ar siúl i rith an lae, ar ábhair éagsúla. Labhróidh an Dr. John Walsh ó OÉG faoin bhforbairt shocheacnamaíoch agus pobal na mionteanga, agus beidh an Dr. Peadar Ó Flatharta ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag plé leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge; Struchtúr nua do ré nua? Cleachtas Teanga i measc chainteoirí óga Catalóinise a bheidh á phlé ag an Dr. F. Xavier Vil ó Ollscoil Barcelona. Beidh tógáil chlainne sa mhionteanga, agus an mionteangóir agus a phobal, á phlé ar an lá freisin.

Curiarracht Dhomhanda Haka á heagrú ag Mic Léinn Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

Claire Fitzpatrick

TÁ mic léinn Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ag eagrú imeachta chun iarracht a dhéanamh ar churiarracht dhomhanda. Is é an iontráil a bheidh acu ná Haka ollmhór a dhéanamh ar an lá céanna le cluiche rugbaí idir Cúige Mumhan agus Cúige Laighean. Is ar an 2ú Aibreán 2011 a tharlóidh an t-imeacht seo. Beidh ar na mic léinn os cionn 3,264 duine a bhailiú le chéile ag an aon am amháin leis an Haka a dhéanamh chun go mbeidh seans acu an churiarracht dhomhanda a bhualadh. Is ag 11:30 ar maidin ag Cé na gCeannaithe i Luimneach a tharlóidh sé seo. Beidh an iontráil saor in aisce ach, más mian le daoine é, is féidir tabhartais a thabhairt do Barnardos. Is iad mic léinn an dara bliain sa choláiste atá á éagrú i gcomhar le Shannon Development, Comhairle Cathrach Luimnigh, agus Limerick Coordination. Tá dhá chineál Haka ann: "Ka mate" agus "Kapa o Pango." Is é an "Ka mate" an Haka a bheidh ar siúl ag an ócáid seo. Tá breis eolais ar fáil ag www.lit.ie/canyouhakait/

Crosfhocal 11.03.2011



NODANNA

TRASNA

1 Éan feirme a leagann uibheacha dúinn gach maidin (5)
3 Léimid úrscéal nó fíorscéal anseo (7)
7 Tuairisceoir a oibríonn le nuachtáin agus irisí (8)
9 Cuid, roinn, páirt (3)
10 Deoch a thabharfadh Mrs Doyle duit, b'fhéidir (3)
12 Tá sé chinn déag acu i bpunt (4)
13 An t-ábhar 'ramhar' ar chorp nó ar ainmhí (5)
14 An cruth' a theann timpeall ar nithe (6)
16 Múinteoir, teagascóir (4)
18 Sprioc: an rud atáimid ag iarraidh a bhaint amach (7)
20 Dord (4)
21 Feiliúint (8)
22 Teach, an áit ina mbíonn daoine ag gnáthú (5)
24 Tír, poblacht, córas polaitiúil (4)
25 Cuir lasair nó tine as (4)
26 Bain, bearr (5)

SÍOS

1 Abairt a lorgaíonn freagra (5)
2 Madra óg (7)
4 Leibhéal rialtais i mbaile nó cathair (6)
5 Píosa páipéir a deir gur íoc tú as rud a cheannaigh tú (7)
6 A haon móide a dhó (3)
8 Fuaim d'aer ag éalú ón chorp... le brón (4)
11 Fios. aithne (5)
15 Cur trí thine (7)
16 Dath atá idir buí agus dearg (7)
17 Bíonn fáilte ar seo... ag an doras (4)
18 Éann a leagann a huibheacha i nead éin eile (5)
19 Bris as a chéile go foréigneach (6)
20 Ceantar, áit áitiúil (6)
23 Ard, rud nach bhfuil beag (3)

Crosfhocal 04.03.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Louise ní Nuallain
12 Ascal Phádraig, An Fhaiche Mhór
Gaillimh

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Scéalta na Réaltaí, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Fine Gael chun torthaí scrúdaithe a fhoilsiú

Deir Fine Gael go bhfuil smaoineamh acu chun bealach a dhéanamh chun go mbeidh tuismitheoirí in ann seiceáil ar thorthaí a gcuid gasúr. Ach, ní amháin a gcuid torthaí a bheith ar fáil, ach gach uile shonra scoile fúthu, mar shampla; ábhair seach-churaclaim nó oideachas riachtanais speisialta.

Is iad mic léinn an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta a bheidh i gceist leis an scéim seo.

De réir phlean an pháirtí, beidh ar gach scoil foilseacháin a dhéanamh go bliantúil ar thorthaí na mac léinn a bheidh ag dul faoi scrúdú.

Tá taobh dearfach den smaoineamh seo mar go mbeidh na tuismitheoirí in ann a fheiceáil an bhfuil fadhb ag a ngasúir agus beidh siad in ann déileáil leis.

Ach, ar an láimh eile, b'fhéidir go mbeidh na tuismitheoirí ag cur brú ar a gcuid gasúr gráid mhaithe a fháil, agus beidh siad in ann súil ghéar a choimeád orthu leis an gcóras nua.

Tá an scéim seo i bhfeidhm i Sasana ó thús n 1990idí.

Gluais

ábhair seach-churaclaim - extra curricular subjects
Foilseacháin - publications
Dearfach - positive

Ceisteanna

1. Chomh maith le torthaí scrúdaithe céard eile a bheidh ar fáil go poiblí?
2. Céard é an taobh dearfach den smaoineamh?

Plé sa rang

Déan díospóireacht sa rang faoi na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an smaoineamh seo.

" Dámhachtainí an Aireagóra Shóisearaigh 2011"

Seoladh comórtas "Dámhachtainí an Aireagóra Shóisearaigh 2011" ar an 28 Feabhra arís i mbliana. Seo é an ceathrú bliain as a chéile a bhfuil an comórtas ar siúl agus iad ar thóir na n-aireagóirí nua óga is nuálaí agus is cruthaithí! Is í Oifig na bPaitinní atá ag reáchtáil an chomórtais chun gasúir bhunscoile a spreagadh chun go gcuirfidh siad suim san eolaíocht agus san innealtóireacht ó aois óg.

Tá na gasúir in ann teacht aníos le haireagáin nua, a réitíonn fadhbanna laethúla fairsinge, tóg mar shampla an córas suite domhanda agus an miasniteoir. Is cuma más aireagóirí óga iad a dhéanann meaisíní as Lego nó gasúir a bhfuil intinn nuálach acu, tá fáilte roimh gach uile ghasúr suas go rang a 6 cur isteach air.

Beidh an comórtas briste suas ina dhá chatagóir (rang 1-3, rang 4-6) agus beidh buaiteoir amháin i ngach uile chatagóir. Gheobhaidh na buaiteoirí a thagann sa chéad áit duais don scoil chomh maith.

Bunaíodh an comórtas chun an Lá Domhanda do Mhaoin Intleachtúil a cheiliúradh, a thiteann ar an 26 Aibreán gach bliain.

Agus é ag seoladh an chomórtais, dúirt Éamonn Laird, Rialaitheoir na bPaitinní, na nDearaí agus na dTrádmharcanna go bhfuil mór-éilimh ag múinteoirí agus daltaí bunscoile ar Dhámhachtainí an Aireagóra Shóisearaigh 2011 agus go bhfuil sé ag dul ó neart go neart ó bunaíodh an comórtas. Dúirt sé go gcuireann leibhéal cruthaitheachta na ngasúr iontas air i gcónaí agus molann sé go mba cheart go gcuirfeadh gach uile mhúinteoir bunscoile na daltaí isteach ar an chomórtas spleodrach, dúshlánach seo".

Is é an spriocdháta iontrála ná an Aoine 15 Aibreán 2011 ag 5:00i.n. Is é an seoladh do na hiontrálacha ná: An tAireagóir Sóisearach 2011, Oifig na bPaitinní, Foirgneamh an Rialtais, Bóthar Hebron , Cill Chainnigh. Fógrófar na buaiteoirí ag searmanas bronnta i gCill Chainnigh ar an Luan 16 Bealtaine 2011.

Gluais

Dámhachtainí an Aireagóra Shóisearaigh 2011 - Junior Inventor Awards 2011
Nuálach - innovative
Oifig na bPaitinní - Patents Office
córas suite domhanda - GPS- Global positioning system
Trádmharcanna - Trademarks

Ceisteanna

1.Cé atá ag reáchtáil an chomórtais?
2.Déan cur síos ar chatagóirí an chomórtais?
3.Cén fáth ar bunaíodh an comórtas?

Féach ar Ghaelscsoil na Cruaiche agus Scoil Phádraig Naofa, Cathair na Mart ag glacadh páirte i ngníomhaíocht Scoileanna Glasa darb ainm WWW (Westport Walks Wednesday) . Féach ar an bhfíseán ag www.gaelsceal.ie/ oideachas .

Nuacht na nóg

Scéalta na Réalta

Raidió Rí-Rá
www.rrr.ie

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar Raidió Rí-Rá, liomsa Síne Nic an Ailí!

Ní hamháin go bhfuil físeán nua eisithe ag Lady Gaga ag dul lena hamhrán úr Born This Way, ach tá an t-amhránaí tar éis tabhairt faoin ardán taispeána i bPáras le déanaí freisin! Rinne Gaga mainicíneacht ar éadaí Thierry Mugler le linn Sheachtain na bhFaisin sa Fhrainc, agus ní haon ionadh é. Tá clú agus cáil ar an amhránaí as an stíl chonspóideach fhaiseanta atá aici ó lá go lá, mar sin rinne sé ciall di tabhairt faoin ardán taispeána chun sin a chur os comhair an tsaoil mhóir i mbliana! Rinne Lady Gaga ceol na taispeána a stiúradh chomh maith agus bhí an chéad éisteacht den amhrán Government Hooker ag lucht féachana an fhaisin freisin. Níl srian leis an mbean ildánach seo is cosúil!

Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil an t-aisteoir Scarlett Johansson ag cliúsaíocht leis na bocanna móra ar fad i Hollywood na laethanta seo! Ní fada ó glacadh grianghraif di féin agus Seán Penn ag ithe lóin le chéile in LA, áit go bhfuil scannán nua dar teideal We Bought A Zoo á thaifead ag Scarlett. Is iomaí ráfla a bhí ann gur éalaigh an bheirt go Cabo San Lucas i Meicsiceo ar saoire fiú! Ach chonacthas Scarlett ag faoileáil leis an aisteoir Sasanach Jude Law ag cóisir Vanity Fair i ndiaidh bhronnadh na nOscars an tseachtain seo caite freisin. Deirtear gur thug sí a huimhir dó tar éis a rá leis go dtaitníonn fir na Breataine Móire léi. Agus ó tá Johansson i ndiaidh siúl amach le leithéidí Josh Hartnett, Justin Timberlake agus Jared Leto, is léir go bhfuil dúil aici sna hainmneacha a thosaíonn le J, eh Jude?!



Tá éad an domhain orainn go bhfuil daoine áirithe a d'éirigh leo ticéad a fháil do Bhál na Tríonóide i mbliana - agus nár éirigh linne go fóill! Tá costas €78 ar thicéad do fhoireann, do mhic léinn reatha nó do chéimithe an choláiste, ach is cinnte go mbeidh luach a gcuid airgid á fháil acu. I measc ceoltóirí Éireannacha dá leithéid na Rubberbandits, Fight Like Apes agus Bell X1, beidh réaltaí móra ar nós The Streets, Professor Green, Chipmunk, Katy B agus Bitches With Wolves ag casadh ag an mBál i mbliana. Beidh bean na bóiminte Jessie J ag seinm ag an ngig fiú freisin! Ceolchoirm den chéad scoth a bheidh ann i mBaile Átha Cliath ar oíche Aoine, 8 Aibreán, níl aon amhras ann faoi sin. Agus má tá ticéad sa bhreis ag duine ar bith agaibh, caith inár dtreo-sa é le bhur dtoil!

Tá ráfla cloiste againn anseo i bPopNuacht go mbeidh JT ar ais ar fhód an cheoil i mbliana! Bhí an t-amhránaí clúiteach gafa le cúrsaí aisteoireachta le blianta beaga anuas, agus bhain sé ancháil amach dó féin i scannáin dá leithéid The Social Network agus Black Snake Moan. Ach níl albam eisithe ag Timberlake ó bhí 2006 ann, nuair a dhíol FutureSex/LoveSounds breis agus 100 milliún cóip ar fud an domhain. Dúirt JT le déanaí áfach, go bhfuil sé ag smaoineamh ar dhul ar ais sa stiúideo an samhradh seo - woohoo! Níl togra aisteoireachta nó eile idir lámha aige faoi láthair, mar sin tá dóchas ann gur seo an t-am do JT filleadh ar na cairteacha. Ní féidir linn fanacht!

Éist leis an bpopnuacht seo agus muid ar FM i mBaile Átha Cliath 92.1 FM, i gCorcaigh 106.7 FM agus i nGaillimh 99.1 FM go dtí an 18 Márta 2011, nó íoschóipeáil an audio mp3 ag www.rrr.ie/popnuacht-04-marta-2011

Comórtas Nuacht na nÓg d'Iriseoirí óga an todhchaí

I gcomhair le Gael Linn agus SOCOS

An bhfuil suim agat san iriseoireacht? Tá Nuacht na nÓg agus SOCOS ag tabhairt seans duit MP4 a bhuachan gach mí. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach mí agus beidh na buaiteoirí míosúla san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann de Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Gael Linn

SOCOS teo

Seol iarratas chuig: caroline.nichualain@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheann teideal air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig: 'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta.
Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSSP Daonlathas

Céard is daonlathas ann?

Is éard is daonlathas ann ná córas rialtais faoina bhfuil cead aighnis ag daoine faoin bhealach a ritear an tír. Is ionann an cead aighnis sin agus cead vótála. Is é an daonlathas an cineál rialtais atá againn sa tír seo. Is iad daoine na tíre a dhéanann na cinntí faoi thodhchaí na hÉireann agus faoi na luachanna atá ag ár sochaí. Déantar é seo i rith toghcháin. Is féidir le gach duine atá os cionn 18 bliain d'aois vóta a chaitheamh. Déanann daoine vóta a chaitheamh dá rogha polaiteoirí, na daoine ar mhaith leo go ndéanfaidís ionadaíocht orthu.

Tá an tAontas Eorpach rite go daonlathach. Tá Éire mar bhall den Aontas Eorpach. Tá céad aighnis ag Éirinn faoin chaoi a bhfeidhmíonn an AE.

Tarlaíonn daonlathas freisin ag leibhéal áitiúil trí údaráis áitiúla. Ciallaíonn daonlathas go bhfuil tionchar ag daoine fásta ar thodhchaí na hÉireann agus ar thodhchaí na hEorpa. Mar shaoránaigh tá sé mar fhreagracht orainn a bheith ar an eolas faoi chúrsaí polaitíochta. Deirtear gur thosaigh an daonlathas in Aithin na Gréige sa bhliain 508 RC. Scaip an daonlathas ina dhiaidh sin chuig tíortha eile.

! Gluais

Daonlathas - democracy
Sochaí - Future
Toghchán - Election

Féach ar Nuacht na nÓg an tseachtain seo chugainn le haghaidh córais eile rialtais. Beidh muid ag plé uathlathais, monarcachta, dialathais agus ainrialtachta.

Spreagadh agus aidhmeanna

Spreagadh

Is éard is spreagadh ann ná cumhacht nó fuinneamh a chuireann chun tosaigh muid chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach. Tá baint ag spreagadh le dúil agus uaillmhian. Spreagann rudaí difriúla daoine difriúla. Teastaíonn spreagadh uainn chun cabhrú linn oibriú go crua. Tá sé tábhachtach go mbeadh na cúiseanna cearta againn le rudaí a dhéanamh. I measc na rudaí a spreagann daoine óga tá torthaí scrúdaithe agus caitheamh aimsire.

Obair sa Rang

Ainmnigh gníomh a nglacann tú páirt ann, mar shampla scoil nó spórt. Déan liosta de na rudaí a spreagann tú chun an gníomh seo a dhéanamh?

Aidhmeanna

Tá sé tábhachtach chun tú féin a choinneáil spreagtha go socraíonn tú aidhmeanna soiléire amach duit féin. Tá trí chineál aidhme ann :

1. Aidhm ghearrthéarmach. Is aidhm í seo a bhíonn le baint amach taobh istigh d'am gearr. Sampla d'aidhm ghearrthéarmach ná aclaíocht a dhéanamh gach lá den tseachtain seo.

2. Aidhm mheántéarmach. Is aidhm í seo a bhíonn le baint amach taobh istigh de chúpla mí nó taobh istigh de bhliain. Sampla d'aidhm mheántéarmach ná marcanna arda a bhaint amach i ngach ábhar i mbliana.

3. Aidhm fhadtéarmach. Is aidhm í seo a bhíonn le baint amach agat taobh istigh de chúpla bliain. Sampla d'aidhm fhadtéarmach ná do dhóthain pointí a bhaint amach chun cúrsa ollscoile a dhéanamh.

Ba cheart go leagfá amach do chuid aidhmeanna de réir do chuid luachanna féin seachas iad a leagan amach chun duine éigin eile a shásamh. Faigheann tú sásamh pearsanta as do chuid aidhmeanna a bhaint amach.



! Gluais

Spreagadh - motivation
Aidhmeanna - goals
Uaillmhian - ambition

Féach ar Nuacht na nÓg an tseachtain seo chugainn le haghaidh noda úsáideach a bhaineann le scileanna staidéir.

Buaiteoir Chomórtas Nuacht na nÓg

Seo píosa a scríobh Síofra Ní Shluaghadháin, Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall tar éis di freastal ar cheolchoirm BEO! ar an 11/02/2011 ag an IRC, i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

BHÍ craic agus ceol den scoth ar siúl san Ionad Cultúrtha i Leitir Ceanainn an Aoine seo caite nuair a tháinig daltaí ó scoileanna thart ar an chontae fá choinne an dara ceolchoirm BEO! den bhliain acadúil seo, agus an chéad cheann de 2011. Bhí seans ag na scoláirí bualadh leis an dá phríomhbhanna ar an oíche, Scuba Dice agus Lost Chord agus blas a fháil de caidé a bhí le teacht ag dhá cheardlann ceoil a bhí eagraithe ag na scoileanna sa bhaile. Mar a bhí ar an chéad oíche, fuaireamar seans freisin bualadh leis na bannaí níos moille sa tráthnóna chun agallamh a dhéanamh.

Níor cuireadh as do na leaids ó Lost Chord nach raibh plean ná ceisteanna réitithe againn dóibh, agus sa deich mbomaite nó mar sin a lean, bhí comhrá againn a bhris gach formáid agallaimh. Bhí cuid mhaith le rá acu faoi shláinte an tionscadail ceoil sa tír, atá go breá fós, dar leo. Ní fadhb í an íoslódáil mhídhleathach dóibhsean, toisc gur scaoileadh EP s'acu "There Is No Lost Chord" thar an idirlíon saor in aisce agus is é an tuairim atá acu gurb é sin an bealach a bhfuil rudaí ag gluaiseacht do cheoltóirí go ginearálta.

Bhí dearcadh cosúil leis seo ag Scuba Dice, le duine amháin acu a rá gur nochtadh maith a bhí ann do bhannaí gan ainm mór, agus seans maith dóibh lucht leanúna a bhailiú. Ach, fuair mé taobh eile den scéal faoin "scene" ceoil ó Joe Grace freisin. Dúirt seisean go bhfuil béim mhór sa tionscadal ceoil sa tír seo ar an raidió, agus cad is féidir seinm air. Bhí ar chuid dár n-easpórtálacha ceoil is fearr imeacht go Meiriceá nó chuig an Eoraip chun ainm a dhéanamh dóibh féin sular tugadh aird ar bith orthu sa bhaile. Ach, dar leis, tá rudaí ag éirí níos fearr, lena a leithéid d'oíche Dé hAoine ag feabhsú an scéil. Thíos staighre sa halla, bhí an chraic ar dóigh, agus i ndiaidh sheit bríomhar ón dá ghrúpa cuairteoirí agus tacaíocht ón bhanna áitiúil Redwood Avenue, bhí muid uilig beagáinín bodhar, leis na cosa rud beag nimhneach agus gan ghuth.

Agus é sin ráite, an féidir moladh níos airde a thabhairt?

ROS na RÚN

Bígí ag breathnú ar Ros na Rún na seachtaine seo chun na ceisteanna seo a fhreagairt.

Dé Máirt i Ros na Rún tá Cóilín bocht trína chéile!

- Bogann Lee isteach le Tadhg agus Frances ach níl Jason róshásta faoi, cén fáth?
- Cén fáth a ngortaíonn Katy Cóilín?
- Tá agallaimh ar siúl sa raidió, cé atá istigh ar an phost agus cén duine a fhaigheann an post?
- Tugann Tina freagra ar cheist Dara , cén cheist a bhí ann?
- Tá fear nua i Ros na Rún ach níl Caitríona sásta é a fheiceáil, cén fáth?
- Tagann rún Frances amach, an mbeidh Tadhg in ann é a mhaitheamh di?

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta.
Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

"An Triail"

Is í an scríbhneoir Mairéad Ní Ghráda a chum an dráma "An Triail" . Bhí Mairéad faoi thionchar an scríbhneora Bertolt Brecht. Chum sí An Triail i stíl Brecht. Léiríonn an t-eolas seo a leanas an fáth go raibh Mairéad Ní Ghráda chomh tógtha le stíl Brecht :

*Ba dhuine de na scríbhneoirí agus na teoiricí is tábhachtaí i stair dhrámaíocht an domhain é Bertolt Brecht.

*Ba Ghearmánach é a mhair ó 1898 go 1956.

*Ba shóisialaí é agus chreid sé go mba chóir do chúrsaí drámaíochta a bheith réabhlóideach agus go gcothófaí díospóireacht.

*D'fhorbair sé amharclannaíocht 'eipiciúil' a chuir béim ar na ceachtanna a bhí le foghlaim ón drámaíocht.

*Spreag Brecht an lucht féachana chun dianmhachnamh a dhéanamh ar an ábhar le linn an dráma.

*Chruthaigh sé 'Verfremsdungeffekt', nó teicníc an coimhthithe. I ngnáthdhrámaí déanann na haisteoirí comhbhá a mhúscailt sa lucht féachana. Sa teicníc seo níl tábhacht curtha ar na carachtair. Tugtar tús áite d'ábhar na díospóireachta atá cruthaithe sa dráma.

*De dheasca seo, bhain Brecht úsáid as steiréitíopa chun scéal morálta a insint.

*Bhí tionchar ag na seónna beo 'Cabaret' a bhí go mór i réim i mBeirlín sna fichidí ar Brecht.

*Bheartaigh sé ar amhránaíocht agus damhsa a úsáid ina chuid drámaí.

*Bhí na drámaí a scríobh Brecht leagtha amach le go leor radhairc ghearra agus le neart carachtar.

*Phléigh sé a lán ceisteanna sóisialta reatha ina chuid drámaí i gcónaí.

Tabharfar faoi deara sa dráma An Triail go bhfuil an t-údar Mairéad Ní Ghráda dílis d'idé-eolaíocht Brecht. Déanann Fíbín forbairt air seo, trí úsáid a bhaint as maisc, Commedie de l'Arte, puipéadóireacht agus meáin ildánacha, sa léiriúchán nua a bheidh ag dul ar camchuairt ag deireadh na míosa.

Bertolt Brecht

Banna Ceoil "Scread" ag bailiú airgid do Cope na Gaillimhe

Is iad na cailíní óga ó Indreabhán , Co. na Gaillimhe Gráinne Ní Bheoláin agus Róisín Ní Fhurrgais atá sa bhanna ceoil "Scread". Tar éis do na cailíní an chéad duais a bhaint amach i gcomórtas cumtha amhránaíochta Stéibh 2010 a bhí á reáchtáil ag Óige na Gaeltachta, fuair siad suim airgid i dtreo taifeadta. Tá súil ag na cailíní taifead a dhéanamh ar an dlúthdhiosca i dtús mhí Aibreáin. Ba mhaith leis an mbanna aon bhrabús a dhéanfaidh an dlúthdhiosca seo a bhronnadh ar an gcarthanacht Cope na Gaillimhe. Ba mhaith leis an mbanna ceoil "Scread" urraíocht a fháil ó eagraíochtaí áitiúla agus Gaeltachta chun cabhrú leis na costais ar an togra seo. Níl aon urraíocht róbheag, agus bheadh siad fíorbhuíoch as bhur gcúnamh uile go léir!

Má tá suim agaibh urraíocht a thabhairt cur glaoch ar Ghráinne Ní Fhoighil ag : (087 2603680)


PIC : CIAN Ó SRUTHÁIN

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

ROTHAÍOCHT

Clasaicí an Earraigh farainn arís

Páidí Ó Lionáird

An tráth sin den bhliain arís. An tEarrach ag dúiseacht na matán tuirseach agus á síneadh i dtreo na gcead-spriocanna rásaíochta. Na rásanna clasaiceacha Earraigh tosnaithe ar fud na hEorpa agus dá réir tá móruaisle an spóirt ag glacadh páirte. Athruithe i bhfoirne, athruithe pearsanra agus fiú ainmneacha úrnua idir rothaithe agus fhoirne le dul i dtaithí orthu, tarlaíonn sé sa Mhárta.

Ar chósta an Adriadaigh tá siad dúisithe suas san Iodáil ach tá an formhór ag faire ar a bhfuil ag tarlú i gceann de na rásanna móra le glúnta anuas, an Paris-Nice nó "An Rás chun na Gréine".

Is docht an ceangal atá ag an nGael leis an rás Gallach seo, óir is ag Éireannach atá an churiarracht - buaite seacht n-uaire as a chéile ag Seán Kelly idir 1982 agus 1988, gaisce atá nach mór ar aon dul le hoiread céanna buanna den Tour de France atá ag Lance Armstrong, i meón an Fhrancaigh ar aon nós.

Bhain an rothaí Éireannach mór le rá eile, Stephen Roche, an gradam céanna amach in 1981.

Is fada uainn na laethanta buacacha sin áfach agus bíodh is gur iomaí rothaí maith a ghlac páirt idir an dá linn, is mó dúch a chuirtear le mac Stephen, Nicolas Roche, nuair a bhíonn seisean san iomaíocht. Agus tá sé san iomaíocht bíodh is nach bhfuil sé chun cinn fós, tá sé ann agus le feiceáil i measc na n-uasal le linn na gcéad cheithre lá den rás iomráiteach seo. Seo a thús i ndáiríre do 2011 toisc gur cuireadh moill ar a chuid iomaíochta le gortú le linn an tséasúir traenála an mhí seo caite. Níl cuma cheart air ó shin. Fós fhéin tá sé gar don 20ú háit, as 171 marcach.

An rothaí, Nicolas Roche. (PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE)

Go dtí seo, ceithre lá sa diallait déanta agus seo á scríobh, is mó tionchar atá tar éis bheith ag an ngaoth ná aon rothaí ar leith.

É sin ráite, tá duine de na marcaigh nua, ó cheann de na foirne nua, tagtha chun solais mar rothaí a bhfuil cumas agus crógacht ar aon dul aige. Is é Thomas De Gendt ón fhoireann Vacansoleil (urra a dhíolann laethanta saoire campála, más buan mo chuid Fraincíse, agus comharba na fóirne p3 Transfer-Batavus), foireann nua don údar seo, a thóg an geansaí buí i ndiaidh na chéad chéime i Houdan Dé Domhnaigh seo caite.

Céim i gciorcad a bhí ann, 154km ar fhaid agus d'éirigh leis an mBeilgeach (24) a bua is mó a bhaint amach i ndiaidh dó fhéin, Jeremy Roy (Francais Des jeux) agus Jens Voight (Leopard Trek, foireann nua eile faoi stiúir na ndeartháireacha Schleck, Andy agus Frank) dul ar an ionsaí i ndiaidh 113km. Bíodh is go mbeifeá ag súil go bhfaigheadh an seanóir, Voight, an ceann is fearr ar an ógánach, ní mar sin a bheadh. A chéad gheansaí buí mar sin agus choimeádfadh sé é lá arna mháireach freisin.

B'idir Montfort l'Amaury agus Amilly a bhí an dara céim, 194km ar fhaid agus gaoth chliathánach ag séideadh an athuair i gcaitheamh an ama. Bhí meirig an gheimhridh le sonrú i measc cuid de na rothaithe, corr-thitim le Levi Leipheimer (Radioshack), Frank Schleck (Leopard-Trek) agus Heinnrich Haussler (Garmin-Cervelo).

Ina measc siúd a thitfeadh ach a chríochnódh an chéim. Céim a chríochnaigh de ráib fhíor-thapaigh i lár an bhaile bhig Amilly agus mar a mbeadh an Nua-Shéalannach Greg Henderson, speisialtóir ráibe leis an fhoireann Sky, buacach.

Sibhse ar maith libh bhur gcuid Burgundy, d'aithneodh sibh Nuits St-Georges, áit ar chríochnaigh an tríú céim, an ceann is faide den rás ag 202km ar fhaid. Lá geal gréine le blúire gaoithe ach corr-chnocán le caitheamh a bhí ann agus le críoch ráibe eile mar a bheifeá ag súil leis i gcás céim fhada mar seo.

Leathsféarach Theas eile i bhfoirm Matt Goss ón Astráil agus foireann HTC-Highroad a bhuafadh an chéim seo, a chéad bhua sa rás seo agus bua a chuirfeadh chun cinn é ar chlár na n-ógánach (faoi 25) is fearr, chomh maith le geansaí buí an ráis le farasbarr 2 shoicind. Droch-thimpist ag Peter Sagan (Liquigas-Cannondale) ar an gcúinne deireanach den ráib nuair a tháinig bonn dá roth tosaigh.

Bheadh sé deacair ar Goss seilbh a choimeád ar an ngeansaí buí ar an gCéadaoin, seacht ndreapadh (4 x catagóir 3 agus 3 x catagóir 2) i gcaitheamh an lae, namhaid an fhir ráibe. Céim fhada eile a bhí ann le 191km idir Crêches-sur-Saône agus Belleville agus bheadh seaimpín na Fraince, Thomas Voeckler, státaire rothaí leis an bhfoireann Europcar, foireann nua eile i mbliana, bheadh sé ar an rothaí a mhairfeadh as grúpa de chúigear i ndiaidh dóibh dul chun tosaigh go luath sa chéim. Ina measc siúd a bhí ina theannta, bhí Rémi Pauriol (FDJ), Thomas De Gendt (Vacansoleil-DCM, a bhí i seilbh an gheansaí bhuí don gcéad dá lá), Rémy Di Gregorio (Astana) agus Heinrich Haussler (Garmin-Cervelo) agus ba ghaisce fhéin é fanacht chun cinn ar an mórshlua.

Ní bheadh aon áit le dul i bhfolach ar chéim a 5. An chéim is deacra go dtí seo agus ceann a scagfadh na dreapadóirí ón gcuid eile - 7 ndreapadh arís ach dhá cheann de chatagóir 1 an babhta seo. As sin amach a thiocfadh buaiteoir Paris-Nice 2011 chun solais, gan áit ar bith le dul i bhfolach.

Le cumas rothaíochta Voeckler, bheadh sé deacair cur ina aghaidh ach tá an rás seo fós oscailte d'aon rothaí króga. Triail ama inniu, 27km le cnocán amháin 2/3 den tslí isteach, tuilleadh cnoc amárach agus sodar abhaile Dé Domhnaigh. An Róisteach?

É sa 17ú háit mar atá, d'fhéadfadh sé feabhsú ach ní fheicim é sa ngeansaí buí Dé Domhnaigh.

Tús maith don séasúr mar sin fhéin agus beidh sé ag feabhsú de réir mar a ghlacann sé páirt sna clasaicigh eile.

Brú ar Pheileadóirí na Gaillimhe?

Gráinne McElwain

Tá muid leathbhealach fríd an tSraith Pheile Allianz agus le babhta a ceathair an deireadh seachtaine seo, níl aon phointe faighte ag Gaillimh i roinn a haon agus iad ar íochtar chlár na bpointí.

"Tá díomá orainn lenár dtaispeántais go dtí seo ach ní féidir locht ar bith a chur ar na leaids. Tá siad ag déanamh sárobair ag traenáil agus ag cur na rudaí a mbíonn muid ag caint fúthu i bhfeidhm ach bhí andíomá sa seomra feistis tar éis gach cluiche a chaill muid go dtí seo," a deir Seán Óg de Paor, roghnóir le foireann peile na Gaillimhe.

Tá trí chluiche caillte ag Gaillimh go dtí seo, in aghaidh Mhuineacháin (0-14 v 0-19), an Dúin (1-9 v 2-11) agus in aghaidh Mhaigh Eo (0-12 v 2-14) ach cén áit a bhfuil na botúin agus na deacrachtaí ag Gaillimh?

"Tá sé deacair agam mo mhéar a chur air. Bhí ráflaí ag dul thart go raibh easaontas sa champa ach níl sé sin fíor. Tá muid féin ag iarraidh teacht ar an bhfreagra, cén fáth go mbíonn rudaí go maith sa traenáil agus ansin, ní imríonn muid go maith ar an lá. Ach ní fiú féachaint siar, caithfidh muid a bheith dearfach agus féachaint chun cinn."

Beidh Gaillimh as baile in aghaidh Chiarraí ar an Domhnach. Níl ach cluiche amháin buaite ag Ciarraí go dtí seo ach cuirfear scrúdú géar ar fhir an iarthair. "Cinnte beidh sé deacair.

Seán Óg de Paor, roghnóir le foireann peile na Gaillimhe.
(PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE *EDI*)

Seo foireann a bhfuil Craobh na hÉireann buaite acu ceithre huaire le deich mbliana anuas. Tá brú orainn agus muid ag iarraidh dícháiliú a sheachaint ach tá brú ar gach foireann i roinn a haon. Seo deis dúinn breathnú ar ár n-imreoirí féin agus iad a fheiceáil ag imirt in aghaidh Chiarraí."

Tá go leor leor imreoirí in easnamh ar Ghaillimh mar gheall ar ghortuithe ach deir Seán nach leithscéal é sin. "Tá liosta fada gortuithe againn, ina measc Gareth Bradshaw, Darren Mullaly, Pádraig Joyce, Michael Meehan agus gortaíodh Cathal Kenny agus Seán Armstrong ag imirt Sigerson an tseachtain seo caite. Tá a fhios agam gur cliché é ach seo deis do na leaids eile atá ar an bpainéal seasamh suas. Bíonn gortuithe ag cur as do gach foireann."

"Níl muid ag smaoineamh ar an díchailiú ach ar ár dtaispeántas féin, sin é an rud is tábhachtaí dúinn. Níl muid ag iarraidh imirt i roinn a dó an bhliain seo chugainn ach má tharlaíonn sé, tarlaíonn sé. Ach tá muid ag lorg taispeántas ón bhfoireann atá go maith agus má thagann toradh as sin, beidh sé sin go hiontach. Tá muid ag súil le seachtó bomaite peile in aghaidh Chiarraí agus fágfaimid an chaint ar dhícháiliú le haghaidh lá eile."

Buntáiste í an Ghaeilge duit chun cruicéad a mhúineadh!

Gráinne McElwain

Baineadh geit as na tíortha ar fad a imríonn cruicéad nuair a fuair Éire an lámh in uachtar ar Shasana an tseachtain seo caite i gCraobh Domhanda Comórtas Aon Lae atá ar siúl in Bangalore, san India. Ní raibh éinne ag súil leis an bhua sin agus ar feadh tamaill sheas gach duine suas in Éirinn chun moladh mór a thabhairt don fhoireann iontach seo. Cluiche stairiúil a bhí ann agus dhírigh sé aird an phobail ar an spórt sa tír seo, rud a chuidíonn go mór le Brian O'Rourke a oibríonn le Cricket Ireland mar Oifigeach Forbartha i gCúige Laighean.

"Bhí an cluiche iontach mar ag leath-am, bhí an chuma ar an scéal go raibh Éire imithe agus fiú sa dara leath, ní raibh rudaí ag breathnú rómhaith dóibh ach nuair a d'éirigh le Kevin O'Brien 113 rith a aimsiú, d'iompaigh an cluiche ar fad. Bua iontach agus tá gach duine ag labhairt faoi" a deir Brian. Mar chuid de na dualgais oibre atá ar Brian, téann sé amach chuig na bunscoileanna agus na meánscoileanna timpeall ar Bhaile Átha Cliath ag múineadh do na páistí an dóigh chun cruicéad a imirt.

"Níl ach ceithre áit sa tír ina n-imrítear cruicéad, sin iad Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Doire agus cúpla áit i gCorcaigh. I mBaile Átha Cliath, tá daichead club ann agus bíonn timpeall céad duine ag glacadh páirte ann"

"Deich mbliana ó shin nuair a thosaigh mé amach ní raibh a fhios ag na páistí cé a d'imir le foireann na hÉireann nó fiú, conas is féidir an cluiche a imirt ach tá athrú mór tagtha air sin, mar shampla, i rith na seachtaine, chuaigh mé go bunscoil i mBaile Átha Cliath agus bhí páiste ag caitheamh geansaí cruicéid na hÉireann. Sin é an chéad uair atá sé sin feicthe agam agus gan dabht, ba é toradh an chluiche in aghaidh Shasana an chúis leis. Tá a fhios ag na páistí cé hiad leithéidí Alex Cusack, Kevin O'Brien agus John Mooney anois."

Foireann Chruicéid na hÉireann (PIC: BARRY CHAMBERS / CRICKET IRELAND / SPORTSFILE)

Brian O'Rourke, foireann chruicéid na hÉireann

Is as Ceatharlach ó dhúchas é Brian a bhog go Baile Átha Cliath nuair a fuair a athair post leis An Fórus Taluntais (Teagasc anois). "Thosaigh mé ag imirt cruicéid mar go raibh club áitiúil in aice liom, Pembroke Cricket Club in aice le Dumhach Thrá. I ndáiríre, bhí níos mó spéise agam sa pheil Ghaelach ach ní raibh aon chlub gar dom ag an am agus lean mé ar aghaidh le cruicéad a fhoghlaim agus bhain mé an-taitneamh as."

"Is annamh go bhfaighidh tú cainteoir Gaeilge ag plé le cúrsaí cruicéid ach bhí an-dúil i gcónaí agam sa teanga agus chaith mé bliain nuair a bhí mé ar bunscoil i gColáiste na Rinne i bPort Láirge. Taitníonn an Ghaeilge liom agus bíonn mé á labhairt chomh minic agus is féidir."

"Mar go bhfuil Gaeilge agam, bím ag múineadh cruicéid sna Gaelscoileanna chomh maith. Bím ar cuairt chuig Scoil Mobhi i Glas Naíon agus an Chéim i mBaile Átha Cliath chomh maith le Gaelscoil i Maigh Nuad. Tá an suim ag na páistí sa spórt."

Ach ar ndóigh, tá an tuairim amuigh ansin gur cluiche ársa, gallda é cruicéad, siombail na Breataine, iad siúd a choinnigh pobal na tíre seo faoi chois, agus mar gheall air sin nár cheart do na Gaeil é a imirt anois. Ar tháinig Brian trasna ar an tuairim sin?

"Tháinig mé cinnte agus buaileann tú le daoine nach bhfuil meas ar bith acu ar an spórt ach sílim go gcuidíonn sé go mór go bhfuil Gaeilge agam agus go bhfuil mé in ann dul isteach chuig na Gaelscoileanna agus an spórt a mhúineadh. Ní bhíonn daoine ag súil leis sin".

"Táim muiníneach as an spórt amach anseo mar tá aird an phobail ar Chruicéad anois. Le teacht an tsamhraidh agus go hiondúil nuair a bhíonn an aimsir ag feabhsú, bíonn deis ag páistí dul amach ag cleachtadh cruicéid agus tairbhe a bhaint as. Thaispeáin an toradh in aghaidh Shasana go bhfuil imreoirí cruicéid maithe againn agus bheinn deimhneach faoi thodhchaí an spóirt."

Súil ar an Rugbaí

Dé hAoine Cúige Chonnacht v Aironi Sportsgrounds @ 19.35 Beo ar TG4

Gráinne McElwain

CÉ go bhfuil na foirne idirnáisiúnta ag imirt an deireadh seachtaine seo i gComórtas na Sé Náisiún, tá cluiche amháin socraithe don oíche anocht idir Cúige Chonnacht agus Aironi sa tSraith Magners. Seo cluiche ó bhabhta 10 den tSraith a bhí in ainm a bheith ar siúl roimh an Nollaig ach mar gheall ar an sneachta agus drochaimsir, cuireadh ar ceal é. Fuair Cúige Chonnacht an lámh in uachtar ar Treviso an tseachtain seo caite 31-25 ach chaill siad an deis pointe bónais a aimsiú. Bhí Cúige Chonnacht 18-0 chun cinn tar éis 23 bomaite ach lig siad do Treviso teacht ar ais sa chluiche. Luaigh Eric Elwood cheana nach mbíonn na himreoirí sách díríthe ar an chluiche ar feadh ochtó bomaite i gcónaí agus is beag nár íoc siad go daor as arís.

Drochscéal eile do Chúige Chonnacht ná go mbeidh imreoir eile ag fágáil ag deireadh an tséasúir. Ní bheidh uimhir a hocht Michael McComish leo mar go bhfuil sé ag dul ar ais go Cúige Uladh. D'imir sé mar imreoir forbartha ó thuaidh nuair a bhí sé níos óige agus is léir go bhfuil sé ag iarraidh dul ar ais ansin. Ach dea-scéal dóibh ná go mbeidh TJ Anderson ag teacht ó Ulaidh go Cúige Chonnacht an séasúr seo chugainn agus shínigh an frapa Brett Wilkinson conradh dhá bhliain eile chun fanacht le Connachta go 2013.

Tá na trí chluiche dheireanacha buaite ag Cúige Chonnacht sa bhaile agus iad san ochtú háit ar chlár na bpointí. Má leanann siad orthu mar atá, críochnóidh siad níos airde ar an tábla ná mar atá déanta acu riamh cheana.

Ní féidir le Aironi a bheith chomh deimhneach céanna agus iad ar íochtar an tábla faoi láthair. Níl ach pointe amháin faighte acu taobh amuigh den Iodáil, sa chluiche in aghaidh Chúige Laighean an mhí seo caite nuair a chaill siad 16-21. Chaill siad in aghaidh Uladh an deireadh seachtaine seo caite (23-10). Níl na foirne seo tar éis bualadh lena chéile riamh ach seo deis iontach do Eric Elwood agus a fhoireann na pointí a aimsiú sa bhaile agus b'fhéidir pointe bónais a thabhairt leo.

Bua: Cúige Chonnacht

Mike McComish ag dul ar ais go Cúige Uladh ag deireadh an tséasúir (Pic: Craig Williamson / SPORTSFILE)

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 11 Márta, 2011

Athraíonn na ceoltóirí ach fanann an ceol mar an gcéanna

John Allen

Tá fhios agam go bhfuil sé beagnach seachtain uainn ach caithfimid seal inniu ag caint faoi lá mór na gclubanna i bPáirc an Chrócaigh an Déardaoin seo chugainn. An bhfuil aon lá níos mó i saol aon chlub ná lá na gcraobhacha sinsir gach bliain?

Tá fhios agam freisin go raibh cúpla lá iontach ag na clubanna a bhuaigh na coirn sóisear agus idirmheánacha le cúpla seachtain anuas. Is mór an onóir d'aon imreoir imirt ar fhód ársa na príomh-staide seo.

Is mór an phribhléid don imreoir club, nach bhfuil maith go leor don fhoireann chontae, a gheansaí club a chaitheamh agus é ag imirt ag ceann-cheathrú an CLCG i craobhchluiche Éireann. Tá an deis aige dreapadh suas na coiscéim i lár sheastán Uí Ógáin (má bhíonn an bua ag a fhoireann) agus é mar bhall de sheaimpíní nua na hÉireann. Is féidir leis suí sa seomra feistis agus bheith chomh maith leis na laochanna móra a shuigh ann roimhe.

An Déardaoin beag seo beidh trí fhoireann ag imirt nár bhuaigh an chraobh cheana. Ach tá saineolaithe an chomórtais pheile ann arís. Sea, tá Raonaithe Chrois Mhic Lionnáin tríd chuig an gcraobh den séú huair. Nach iontach an t-éacht é sin.

Dhá uair bhíodar sé chúilín chun deiridh sa leathchraobh i gcoinne Chrócaigh Chill Mochuda ach nuair a séideadh an fheadóg deiridh is iad a bhí chun cinn. Mar a deir an seanráiteas athraíonn na ceoltóirí ach fanann an ceol mar an gcéanna. Cinnte tá chuid maith des na seanfhondúirí imithe ach tá cur chun cinn na Raonaithe mar an gcéanna.

Mar sin tabharfaidh siad faoi sheaimpíní Ros Comáin, Naomh Bríd, in athimirt leathchraobh 2007 nuair a tháinig foireann Ard Mhaca amach ar barr.

Tháinig foireann an iarthair aniar aduaidh ar Raonaithe Nemo sa leathchraobh eile. Tá ceithre chraobh chontae agus dhá chraobh Chonnacht buaite acu le sé bliana anuas, mar sin tá an-taithí acu agus cé go mbeidh an Cross mar rogha na coitiantachta, ní bheidh aon fhaitíos ar fhoireann Chonnacht .

Tá an péire lár páirce, Garvan Dolan agus Karol Mannion, thar a bheith cumasach agus má fhaigheann siad greim ar an chuid sin den pháirc go luath d'fhéadaidís an cluiche a stiúradh má bhíonn siad chomh maith agus a bhíodar i gcoinne Nemo.

Bhí an lántosach Senan Kilbride ar fheabhas freisin sa leathchraobh agus, le taithí cuid maith de na himreoirí ó 2007, tá gach seans acu.

Bheadh sé go hiontach don chlub féinig, do Ros Comáin agus do Chúige Chonnacht dá bhféadfaidís an beart a dhéanamh, agus, cé nach mbeidh sé éasca, ceapaim féin go bhfuil gach seans acu.

Nach iontach an leathchraobh a bhí againn idir Droichead an Chláirín agus De La Salle . Bhí sé dochreidte ó thosach deireadh agus rachaidh seampíní na Gaillimhe isteach sa chraobhchluiche lán de mhuinín agus an ceart san acu. Ach tá fhios acu go maith go bhfuil cath rompu.

Ta curaidh Chill Chainnigh, Gaeil Uí Lochlainn, ag dul isteach sa chluiche seo gan iad a bheith go hiontach sa dá chluiche dheireanacha.

D'fhág siad go dtí na nóiméid dheireanacha chun fáil réidh le hAbhlart i gcraobhchluiche Laighean agus tháinig sé deacair go leor orthu an lámh in uachtar a fháil sa leathchraobh i gcoinne Loch Geil freisin.

Mar sin tá dhá cheist le freagairt. Ar léirigh an dá thoradh dheireanacha sin teorainn ar cé chomh maith is atá Gaeil Uí Lochlainn nó an bhfuil taispeántas na bliana fós le teacht uathu?

Bhíos an-tógtha le taispeántas na nGaillimheach sa leathchraobh. Léirigh siad meascán maith de shean agus óg. Bhí na deartháireacha Kerins ar fheabhas. Is iad a stiúraigh an fhoireann, is iad a sholáthair an chuid is mo des na pasanna cinniúnacha tríd an gcluiche ar fad agus is é Marc a chríochnaigh an dá phionós go dtí an eangach nuair a bhí an géarghá ann. Ach an rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ná luas na dtosaithe eile, go háirithe Shane Burke agus Eoin Forde ar an gcliathán deas. Bhí Stephen Forde an-mhaith freisin, agus d'imir Barry Daly an-chluiche i lár an ghoirt.

Sheas iar-imreoir na Gaillimhe, David Forde, an fód go láidir ag uimhir a sé agus bhí a chomhghleacaí Liam O'Donoghue sa chúl agus é ag úsáid na taithí ar fad atá aige go smior nuair a bhí an gá leis.

Ar thaispeántais na leathchraoibhe sin ceapaim go bhfuil gach seans ag fir na Gaillimhe, go háirithe má choimeádann siad an liathróid ó Bhrian Hogan. Is é Hogan croílár chúlaithe na nGael agus ma éiríonn le foireann an bhainisteora Donoghue dul timpeall na carraige Hogan, tá gach seans acu mar, i mo thuairim, tá níos mó tosaithe maithe ag Droichead an Chláirín ná mar atá ag na Gaeil agus má fhaigheann na tosaithe céanna sin soláthar íseal tapaidh síos na cliatháin agus, dár ndóigh, má úsáideann siad i gceart é, ceapaim go mbeidh Corn Tommy Moore ag taisteal thar Sionainn siar ar an Déardaoin, Lá Fhéile Pádraig.

Bainigí taitneamh as na cluichí.

Beir Bua.

Tá Gaeil Uí Lochlainn, seaimpíní Chúige Laighean, ag súil le cúis cheiliúrtha eile. Beidh siad ag imirt in aghaidh Dhroichead an Chláirín i gcluiche ceannais Chraobh Shinsear na gClubanna i bPáirc an Chrócaigh ar an Déardaoin. (Pic: Brian Lawless / SPORTSFILE) (PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE)

Sea, tá Raonaithe Chrois Mhic Lionnáin tríd chuig an gcraobh den séú huair. Nach iontach an t-éacht é sin.Dhá uair bhíodar sé chúilín chun deiridh sa leathchraobh i gcoinne Chrócaigh Chill Mochuda ach nuair a séideadh an fheadóg deiridh is iad a bhí chun cinn.

An bhfuil ocras fós ar Chill Chainnigh? (Pic: Brendan Moran / SPORTSFILE)

An bhfuil ocras na gCat fós le feiceáil?

Gráinne McElwain

Gaillimh agus Cill Chainnigh, Port Láirge agus Corcaigh, sin iad an dá chluiche a sheasann amach i mbabhta a ceathair den tSraith Iomána Allianz an deireadh seachtaine seo. Beidh na Cait ar cuairt ag Staid an Phiarsaigh agus iad ar bharr an tábla le trí chluiche as trí cinn buaite acu. Mar a dúirt Brian Cody, "Tá muid ag iarraidh dul chomh fada le cluiche ceannais na sraithe agus tá súil againn go mbeidh muid in ann ár gcluichí eile sa roinn a bhuachan."

Le blianta beaga anuas, rinneadh comparáid idir Cill Chainnigh agus meaisín nó róbait mar go raibh siad chomh críochnúil ag fáil réidh leis an fhreasúra agus go raibh sé chomh deacair iad a stopadh ag aimsiú scóranna. Ach cé go bhfuil sé luath fós, níl an iomáint mhíthrócaireach chéanna le feiceáil i gCill Chainnigh i mbliana fós. Chaill siad in aghaidh Átha Cliath i gCorn an Bhreathnaigh ach rud a bhí suimiúil ansin ná go raibh siad 12 cúilín taobh thiar de Átha Cliath ag leath ama. Cad é an uair dheireanach go raibh na Cait chomh fada sin taobh thiar, fiú más foireann iomlán nua curtha ar an bpáirc acu?

In aghaidh Chorcaí sa tSraith, bhí na Cait ocht gcuilín chun cinn ag leath ama ach lig siad Corcaigh ar ais sa dara leath agus ní raibh ach cúilín idir na foirne ag deireadh an chluiche. An tseachtain seo caite in aghaidh Loch Garman, ní raibh ach cúig chúilín idir na foirne ag an deireadh. Ní hé sin le rá nach bhfuil moladh mór tuillte ag Loch Garman ach ceapadh go mbeadh bearna níos mó idir na foirne tar éis seachtó nóiméad. Mar sin, nílim ag rá go bhfuil rudaí go dona i gCill Chainnigh ach an bhfuil an t-ocras céanna orthu i mbliana? Feicfimid cé chomh hocrach is atá siad Dé Domhnaigh.

Thosaigh "Cha" Fitzpatrick in ionad nua ar an fhoireann, ar an líne lántosach, in aghaidh Loch Garman agus d'aimsigh sé 0-2 ón imirt. D'imir imreoir nua, Colin Fennelly, ar an líne leathchúil agus fuair sé 1-3 ar an lá, seans maith go bhfeicfimid an fear óg seo ag imirt am na Craoibhe.

Chaill Gaillimh le trí chúilín in aghaidh Chorcaí ag an deireadh seachtaine (1-20 le 1-17). Chuir Gaillimh go leor seansanna ar fóraoil go háirithe sa chéad leath agus bhí cúpla deis ar chúl acu nár tógádh ach an oiread. Bhí John McIntyre ag rá i ndiaidh na himeartha, "Muna dtógann tú do chuid seansanna, ní féidir leat cluichí a bhuachan." Tá imní mhór anois faoi Ger Farragher agus Éanna Ryan don Domhnach agus cuireann sé sin leis an liosta mór gortuithe atá ag cur as do Ghaillimh cheana féin. Seans maith nach mbeidh Joe Canning ag imirt anois le linn na sraithe mar gheall ar ghortú sála agus tá John McIntyre ag iarraidh go mbeidh gach imreoir ceart sula dtosnóidh siad ar ais ag imirt. Cibé foireann a chuirfidh sé chun páirce, seo scrúdú géar do na Gaillimhigh agus beidh a fhios acu cén sórt mianaigh atá iontu i mbliana.

Chaill siad in aghaidh Átha Cliath i gCorn an Bhreathnaigh ach rud a bhí suimiúil ansin ná go raibh siad 12 cúilín taobh thiar de Átha Cliath ag leath ama. Cad é an uair dheireanach go raibh na Cait chomh fada sin taobh thiar, fiú más foireann iomlán nua curtha ar an bpáirc acu?

Tá Denis Walsh níos sásta ag dul isteach sa chluiche in aghaidh Phort Láirge anois tar éis an bhua mhaith a bhí acu in aghaidh na Gaillimhe. D'imir a fhoireann go maith agus bhí siad ina máistrí i lár na páirce agus sa chosaint go háirithe. Rinne Cathal Naughton difear nuair a tháinig sé isteach mar fhear ionaid sa dara leath agus tá roghanna ag bainistíocht Chorcaí anois. Dúirt Denis i ndiaidh an chluiche go dtugann an bua sin seans dóibh cáiliú don chluiche ceannais. Is ar na pointí céanna atá siad féin agus Gaillimh anois ar chlár na bpointí le ceithre phointe.

Cúrsaí smachta an fhadhb is mó a bhí ag Port Láirge in aghaidh Thiobraid Árann an deireadh seachtaine seo caite nuair a fuair Shane O'Sullivan agus an cúl báire Clinton Hennessy cártaí dearga ach thug siad an-taispeántas le 13 imreoir. Cuimhnigh go bhfuil go leor de na himreoirí móra ó anuraidh fós le teacht ar ais, ina measc Eoin Kelly agus Tony Browne, agus tá gortuithe ag cur as do Liam Lawlor, Brian O'Halloran, Declan Prendergast, John Mullane agus Kevin Moran. Cluiche eipiceach a bhí ann anuraidh nuair a chas na foirne seo in aghaidh a chéile agus chríochnaigh an cluiche ar comhscór (Corcaigh 3-17 Port Láirge 2-20). D'aimsigh Eoin Kelly 1-17 do Phort Láirge.

Ní bhíonn mórán riamh idir Corcaigh agus Port Láirge nuair a imríonn siad in aghaidh a chéile ach sílim go mbeidh an bua ag Corcaigh ach ar éigean. Ins na cluichí eile i roinn a haon den tSraith, beidh Loch Garman sa bhaile in aghaidh Bhaile Átha Cliath agus imreoidh Tiobraid Árann agus Uíbh Fhailí in aghaidh a chéile. Ba chóir go mbeidh an lá ag Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann.

Foireann Rugbaí na hÉireann, beidh laghdú ar na botúin ag teastáil (PIC. STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE)

Laghdú ar na botúin ag teastáil

Gráinne McElwain

Ó 1985, tá 12 cluiche imeartha idir Éire agus an Bhreatain Bheag in Cardiff agus as na cluichí sin ar fad, chríochnaigh Éire chun cinn deich n-uaire, chríochnaigh cluiche amháin ar comhscór agus chaill Éire aon chluiche amháin. B'shin 2005 nuair a bhuaigh an Bhreatain Bheag an 'Grand Slam'.

I gComórtas na Sé Náisiún go dtí seo, ar bhealach, is mar an gcéanna an bóthar a thaistil an dá fhoireann sa chomórtas mar go bhfuil dhá chluiche buaite ag an dá fhoireann agus cluiche amháin caillte acu chomh maith.

Ach is mar gheall ar chúrsa smachta agus an dóigh gur ghéill Éire ciceanna éirice furasta don fhreasúra is mó atá an chaint le tamall anuas. Tháinig captaen na foirne, Brian O'Driscoll amach i rith na seachtaine ag tabhairt amach faoin méid cainte agus cáinte atá á dhéanamh faoin bhfoireann agus tá an ceart aige, ach tuigeann sé chomh maith nach féidir leo na botúin chéanna a dhéanamh arís.

Is féidir le hÉirinn fós an Triple Crown a bhuachan agus tá dhá chluiche buaite acu. Tá sé in am dúinn a bheith dearfach seachas a mhalairt. Ní raibh Declan Kidney sásta leis an méid ciceanna éirice a ghéill siad agus beidh sé féin ag súil le feabhas ansin amárach. Go dtí seo, ghéill Éire 12 cic éirice in aghaidh an chluiche ach tá an Bhreatain Bheag ar comhchéim leo le 13 cic éirice bronnta ar an fhreasúra le trí chluiche anuas.

Ainmníodh an fhoireann chéanna d'Éirinn i rith na seachtaine a bhuaigh in aghaidh na hAlban coicís ó shin. Níl Tomás O'Leary ar ais chuige féin ón ghortú droma agus beidh Eoin Reddan ag tosnú le Peter Stringer ar an bhinse. Tosóidh Laoch na hImeartha in aghaidh na hAlban, Ronan O'Gara, i ngeansaí na hÉireann amárach, an 107ú huair aige ag tosnú agus níl ach dhá phointe eile ag teastáil uaidh chun an míle pointe a bhaint amach go hidirnáisiúnta.

Seo cluiche ina mbeidh na taicticí a bheidh ag na foirne, agus iad ag dul chun cinn agus ag ionsaí, fíor thábhachtach. Tosóidh James Hook ag uimhir a deich don Bhreatain Bheag, fear a bhfuil na scileanna uilig aige mar go bhfuil sé in ann ciceáil, pasáil agus tá sé sármhaith ar an ionsaí. Beidh Hook ag fágáil na hOspreys ag deireadh an tséasúir seo chun dul go dtí Perpignan sa bhFhrainc; níl sé ach 25 bliain d'aois agus d'imir sé 50 uair sa gheansaí dearg. Ó chaill siad in aghaidh Shasana (26-19) sa chéad chluiche, tá feabhas tagtha ar an fhoireann le buanna maithe in aghaidh na hAlban (24-6) agus na hIodáile (24-16). Rud eile faoi Hook, níor chaill an Bhreatain Bheag aon chluiche nuair a bhí James Hook ag imirt ag uimhir a deich sa chomórtas seo.

Tá trí athrú déanta ar an fhoireann a bhuaigh in aghaidh na hIodáile le déanaí. Beidh Leigh Halfpenny ag teacht isteach ar an chliathán in áit Morgan Stoddart.

Níl cluiche idirnáisiúnta imeartha ag Halfpenny (ó na Cardiff Blues) ó mhí an Mheithimh seo caite. Tagann Jonathan Davies ar ais sa lár tar éis gortú. Bogann James Hook ón lár go leathchúlaí amuigh, ag tosnú in áit Stephen Jones.

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil níos mó muiníne i gcampa na Breataine Bige faoi láthair ná mar atá ag Éirinn, ach seo cluiche tábhachtach don dá fhoireann. Má bhuann Éire an cluiche seo, beidh deis acu an Triple Crown a bhuachan.

D'éirigh le Declan Kidney lena mhian, nach ndúnfaí an díon i Staid na Mílaoise don chluiche amárach, cé go raibh Warren Gatland ag iarraidh go ndúnfaí é.

Bua beag do Kidney, ach mar a dúirt sé i rith na seachtaine, "Ní dhéanfaidh aer úr dochar ar bith d'éinne". Go n-éirí go geal le foireann na hÉireann.